Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2026

Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála

Eacnamaíocht

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Scéim Mharcála agus **Nótaí Tacaíochta**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.
- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí sna nótaí tacaíochta a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Bhain an scéim mharcála seo úsáid as marcáil tuairiscín chun marcanna a leithdháileadh le haghaidh codanna áirithe de roinnt ceisteanna le haghaidh pointe/pointí a fhorbairt. Tá cóipeanna den mharcáil tuairiscín a úsáideadh sna táblaí thíos. Bhí an marc tuairiscín a úsáideadh ag brath ar leithdháileadh na marcanna don chuid áirithe sin den cheist.

3	2	1	0
Sármhaith	**Go Maith**	**Measartha**	**Lag**
Mioneolas Baineann sé leis an gceist Gonta /loighciúil	Roinnt eolais Forbairt Theoranta	Eolas doiléir	Gan eolas ar bith Athrá ar ráiteas

4	3	2	1	0
Sármhaith	**Go Maith**	**Measartha**	**Olc**	**Lag**
Mioneolas Baineann sé leis an gceist Gonta/Loighciúil	Roinnt eolais Forbairt theoranta	Eolas doiléir	Eolas mearbhlach nó Eolas frithráiteach	Gan eolas ar bith Athrá ar ráiteas

6	5	4	3	2	1	0
Sármhaith	**An-mhaith**	**Go Maith**	**Measartha**	**Olc**	**Lag**	**Nialas**
Mioneolas Baineann sé leis an gceist Gonta /Loighciúil	Sár-eolas Seans nach bhfuil baint aige le ceist shonrach a cuireadh	Roinnt eolais Forbairt theoranta	Eolas doiléir	Eolas mearbhlach nó Eolas frithráiteach	Gan mórán eolais	Gan eolas ar bith Athrá ar ráiteas

INNÉACS NA GCEISTEANNA

Ceist		Lch(lgh)
	Pointí le tabhairt faoi deara	**2 – 3**
1-10	**Roinn A**	**4 – 27**
	Roinn B	
11	**Rannpháirtíocht sa spórt, iomaíocht mhonaplach, YED agus PED**	**28 – 35**
12	**Easpórtálacha/iompórtálacha maithe agus dumpáil, taraifí agus cosantas, ola /fuinneamh & BSL**	**36 – 45**
13	**Rátaí úis, costais & brabús, tithíocht - ganntanais lucht saothair – ceannach éigeantach**	**46 – 54**
14	**OTI – geilleagar folaithe, iompórtálacha - sreabhadh ciorclach – riaráiste, tionchar ar chothromaíocht**	**55 – 64**
15	**Caiteachas reatha agus caipitiúil Rialtais, laghdú sa bhonn cánach/in CBL, táirgiúlacht lucht saothair, IS**	**65 – 74**
16	**Turasóireacht, dímheas euro agus aerfoirt, TFTanna agus laghdú i gcúnamh don iasacht ó SAM**	**75 – 81**
	Tionscadal Taighde Scoláire	**82 – 85**

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

Nóta mínithe	ÚSÁID	Marcanna (más iomchuí)
✓ 1	Faisnéis bhailí	1
✓ 2	Faisnéis bhailí	2
✓ 3	Faisnéis bhailí	3
✓ 4	Faisnéis bhailí	4
✓ 5	Faisnéis bhailí	5
✓ 6	Faisnéis bhailí	6
✓ 7	Faisnéis bhailí	7
✓ 8	Faisnéis bhailí	8
✓ 9	Faisnéis bhailí	9
✓ 10	Faisnéis bhailí	10
✓ 11	Faisnéis bhailí	11
✓	Freagra farasbairr nó cuid de fhreagra	N/A
0	Freagra mícheart	0
	Leathanach feicthe ag scrúdaitheoir / níl an fhaisnéis bailí	N/A

ROINN A (100 marc)

C		Freagraí Féideartha	Uas-Mharc
1		Ar an 9 Márta 2026 bhí cuimhneachán 250 bliain ann ó foilsíodh '*The Wealth of Nations*', leabhar leis an eacnamaí clasaiceach Adam Smith.  	
	(a)	Tabhair breac-chuntas ar dhá buntáiste **do ghnólacht a dhéanann speisialtóireacht sa lucht saothair**. **Aschur méadaithe / táirgiúlacht lucht saothair** – éiríonn oibrithe níos tapúla agus níos éifeachtúla nuair a dhírítear ar thasc aonair. Méadaíonn sé sin an t-aschur in aghaidh an oibrí, agus dá bharr sin táirgeann an gnóthas níos mó earraí i dtréimhse ama ar leith. **Meánchostais táirgeachta níos ísle** – laghdaíonn táirgeacht níos airde costas aschuir in aghaidh an aonaid. De réir mar a ardaíonn aschur, is féidir leis an ngnóthas tairbhiú ó bharainneachtaí scála, a mbíonn meánchostais níos ísle dá thoradh. **An t-am a chaillitear sa phróiseas táirgeachta íslithe** – ní gá d'oibrithe aistriú idir tascanna nó uirlisí. Laghdaíonn sé sin iamh-aga agus suaitheadh agus feabhsaíonn sé sreabhadh táirgeachta foriomlán an ghnóthais. **Úsáid níos éifeachtúla as innealra / earraí caipitiúla** – ceadaíonn speisialú lucht saothair do ghnólachtaí innealra nó earraí caipitiúla a thabhairt isteach a chabhraíonn le hoibrithe le tascanna athráiteacha. Méadaíonn sé sin éifeachtúlacht agus aschur gnólachtaí tuilleadh. **Cáilíocht fheabhsaithe agus comhsheasmhacht aschuir** – ceadaíonn athdhéanamh tascanna d'oibrithe a scileanna a bheachtú i dtasc amháin. Déantar níos lú earráidí dá bharr sin agus bíonn cáilíocht táirge níos comhsheasmhaí ón ngnólacht ann. **Costais oiliúna laghdaithe** – tá sé níos tapúla agus níos saoire do ghnóthas oiliúint a chur ar oibrithe i dtasc amháin seachas an próiseas táirgeachta ar fad. Is féidir le hoibrithe nua éirí táirgiúil níos túisce. **Iomaíochas agus brabúsacht mhéadaithe** – b'fhéidir go gceadódh costais laghdaithe agus aschur níos airde do ghnólachtaí praghsanna a laghdú nó brabús a mhéadú, rud a neartaíonn a n-iomaíochas sa mhargadh.	**2 @ 3**

(b) Déan comparáid idir príomhthréith eacnamaíochta **amháin** a bhain le trádáil idirnáisiúnta na hÉireann sna luath-1950idí *agus* príomhthréith eacnamaíochta **amháin** a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta na hÉireann sa lá atá inniu ann. **6**

Cineálacha earraí agus seirbhísí arna n-easpórtáil	
Sna luath-1950idí – *Aschur talmhaíochta ba mhó a bhí in easpórtálacha na hÉireann* amhail eallach beo agus táirgí feirme eile. Rinneadh fíorbheagán easpórtála ar earraí monaraithe.	**Sa lá atá inniu ann** – *Earraí monaraithe agus seirbhísí ardluacha den chuid is mó atá in easpórtálacha na hÉireann,* amhail cógaisíocht, TFC, etc. Léiríonn sé sin geilleagar ardtionsclaithe agus bunaithe ar eolas na hÉireann.
Comhpháirtithe trádála / Comhdhlúthacht an mhargaidh eachtraigh	
Sna luath-1950idí – *Bhíodh Éire ag brath go mór ar an RA le haghaidh fhormhór a cuid trádála* (easpórtálacha agus iompórtálacha) Bhíodh trádáil leochaileach do thurraingí i ngeilleagar an RA.	**Sa lá atá inniu ann** – *Níl tromlach easpórtálacha na hÉireann i margadh amháin níos mó. Tá an trádáil scaipthe ar fud an domhain.* Is iad SAM agus ballstáit an AE anois na cinn scríbe is mó d'easpórtálacha earraí na hÉireann.
Beartas trádála / comhaltas AE na hÉireann	
Sna luath-1950idí – *Lean Éire beartas trádála cosantach den chuid is mó* agus d'fheidhmigh sí taobh amuigh d'aon bhloc saorthrádála Eorpach. Dearadh taraifí agus baic thrádála chun tionscail dhúchasacha a chosaint. Chuir sé sin srian le hiompórtálacha agus theorannaigh sé trádáil idirnáisiúnta.	**Sa lá atá inniu ann** – *Déanann Éire trádáil mar chomhalta den AE agus a Mhargadh Aonair.* Laghdaíonn sé sin bacainní trádála agus ceadaíonn sé saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí, agus rochtain ar chomhaontuithe trádála AE.
Ról na gcorparáidí ilnáisiúnta (MNCanna)	
Sna luath-1950idí – *Ba bheag an ról a bhí ag MNCanna i dtrádáil idirnáisiúnta na hÉireann.* Bhí easpórtálacha á dtáirgeadh go príomha ag gnólachtaí dúchais san earnáil talmhaíochta.	**Sa lá atá inniu ann** – *Tá ról lárnach ag MNCanna i dtrádáil na hÉireann*, go háirithe i gcógaisíocht, TFC, gairis leighis. Táirgeann cuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach a oibríonn in Éirinn formhór mór easpórtálacha na hÉireann.
Méid na trádála idirnáisiúnta	
Sna luath-1950idí – *Bhí trádáil idirnáisiúnta na hÉireann beag i gcomparáid le méid a geilleagair.* Ní raibh in easpórtálacha ach cion beag den ioncam náisiúnta, agus ní raibh ach rannpháirtíocht theoranta ag Éirinn i margaí idirnáisiúnta.	**Sa lá atá inniu ann** – *Tá trádáil na hÉireann an-mhór i gcoibhneas lena hioncam náisiúnta.* Tá easpórtálacha agus iompórtálacha mar chuid mhór den ghníomhaíocht gheilleagrach agus nascann siad Éire go dlúth le slabhraí soláthair domhanda.
Comharduithe trádála	
Sna luath-1950idí – *Bhí easnaimh thrádála mhóra, dhianseasmhacha in Éirinn.* Bhraith an geilleagar ar raon cúng easpórtálacha, a chuir teorainn le cumas na hÉireann ioncam eachtrach a thuilleamh trí thrádáil.	**Sa lá atá inniu ann** – ó *na 1980idí, thaifead Éire barrachas trádála go comhsheasmhach.* Léiríonn sé sin a feidhmíocht láidir easpórtála agus comhtháthú i dtrádáil idirnáisiúnta/slabhraí soláthair domhanda.

2	**(a)**	Léiríonn na sonraí thuas go gcaitheann tomhaltóirí suimeanna éagsúla ar imeachtaí ceoil agus ar shruthú ceoil. Cé acu den dá chineál caiteachais seo is dóichí go mbeadh **éileamh praghasleaisteach** níos mó aige? Cuir do rogha in iúl le tic (✓) sa bhosca cuí agus cosain do fhreagra. **Caiteachas ar imeachtaí ceoil** ✓ **Cion níos airde ioncaim caite** – is ionann caiteachas ar imeachtaí ceoil agus cion i bhfad níos mó (€757) d'ioncam tomhaltóirí ná sruthú ceoil (172). Seachas praghas an ticéid, bíonn costais eile i gceist le freastal ar imeacht ceoil, amhail cóiríocht / iompar / bia / deoch. Dá thoradh sin, méadaíonn praghsanna níos airde ticéid go ginearálta an t-ualach airgeadais ar theaghlaigh agus bíonn titim níos mó sa chainníocht a éilítear. Mar gheall air sin bíonn an t-éileamh ar imeachtaí ceoil níos praghasleaistí. **Infhaighteacht gar-ionadaithe** – *[Má bhreathnaítear ar chaiteachas ar imeachtaí ceoil mar chaiteachas ar cheolchoirmeacha go ginearálta, seachas banna amháin gur bhreá leo a fheiceáil].* Bíonn go leor gar-ionadaithe ag imeachtaí ceoil má mhéadaíonn praghsanna ticéid go ginearálta, amhail breathnú ar thaibhithe beo ar líne, éisteacht le ceol a taifeadadh ar phraghas níos ísle, nó caiteachas ar chineálacha eile siamsaíochta beo / fóillíochta. Dá mhó infhaighteacht na ngar-ionadaithe, is ea is praghasleaistí a éiríonn an t-éileamh. Dá bhrí sin, is mó an seans go mbeidh an t-éileamh ar imeachtaí ceoil níos praghasleaistí. **Caiteachas roghnach ar imeachtaí ceoil** – b'fhéidir go mbreathnófaí ar fhreastal ar imeachtaí ceoil mar chaiteachas roghnach, ar féidir le tomhaltóirí a laghdú, a chealú, nó a chur ar ceal má roghnaíonn siad nuair a mhéadaíonn praghsanna ticéid go ginearálta. Caitear go minic le sruthú ceoil mar chuid rialta de thomhaltas laethúil agus dá bhrí sin níl sé chomh híogair i dtaobh praghais. Dá thoradh sin, bíonn an t-éileamh ar imeachtaí ceoil níos praghasleaistí. **Tá praghsáil síntiúis/ athnuachan uathoibríoch ag sruthú** – is iondúil go gceannaítear sruthú ceoil trí shíntiús míosúil ar chostas réasúnta íseal a athnuann go huathoibríoch. Mar gheall nach ndéanann tomhaltóirí cinneadh maidir le ceannach gníomhach gach mí, is lú an seans go gcealófar síntiús de bharr arduithe beaga ar phraghas. Mar gheall air sin ní bhíonn an t-éileamh ar shruthú ceoil chomh praghasleaisteach le himeachtaí ceoil. **Am seasta imeachtaí ceoil** – tarlaíonn imeachtaí ceoil ag amanna agus dáta ar leith. Má thagann méadú ar phraghsanna ticéid go ginearálta, is féidir le tomhaltóirí roghnú gan freastal ar an imeacht. Is féidir sruthú ceoil a úsáid ag am ar bith, rud a thugann níos mó solúbthachta do thomhaltóirí, agus a chiallaíonn nach bhfuil a n-éileamh chomh freagrúil d'athruithe praghais. Dá thoradh sin, bíonn an t-éileamh ar imeachtaí ceoil níos praghasleaistí. Má luann an t-iarrthóir go bhfuil caiteachas ar shruthú níos praghasleaistí: **Infhaighteacht gar-ionadaithe don sruthú ceoil** – tá ionaid le caiteachas ar shruthú ceoil mar gheall go dtairgeann roinnt aipeanna sraitheanna saor in aisce le tacaíocht fógraí, agus tugann ardáin físeáin saor in aisce (YouTube) rochtain ar leabharlann leathan ceoil gan aon chostas airgid díreach. Má mhéadaíonn praghsanna chun ceol a shruthú, ní dhéantar difear do roghanna saor in aisce. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tomhaltóirí atá níos íogaire do phraghas malartú do roghanna saor in aisce chun ábhar den chineál céanna a rochtain. Tá éileamh ar shruthú ceoil freagrúil do phraghas, rud a dhéanann níos praghasleaistí é. **Níl aon ghar-ionadaí do bhanna beo ar leith** – *[Má bhreathnaítear ar chaiteachas ar imeachtaí ceoil mar chaiteachas ar bhanna amháin gur bhreá leo a fheiceáil].* B'fhéidir go gceapfadh leantóir mór d'ealaíontóir ar leith, amhail Taylor Swift nó Zach Bryan, go bhfuil siad uathúil agus nach bhféadfadh duine eile iad a ionadú go héasca. Dá thoradh, is dóchúil go mbeadh titim níos lú sa chainníocht a bhfuil éileamh orthu do na tomhaltóirí sin de bharr méadú ar phraghsanna. Dá bhrí sin, is mó an seans nach mbeadh an t-éileamh ar thicéid d'imeacht ceoil ar leith níos praghasleaistí ná an t-éileamh ar shruthú ceoil.	**6**

		Freagair (b) nó (c)	
	(b)	Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhféadfadh cuideachtaí sruthaithe, Spotify mar shampla, tabhairt faoi spriocanna eile **seachas uasmhéadú brabúis.** **Chun an sciar den mhargadh a mhéadú** – féadfaidh cuideachtaí sruthaithe tús áite a thabhairt dá mbonn úsáideora a mhéadú trí phraghsanna síntiús a choimeád íseal nó trí sheirbhísí saor in aisce le tacaíocht fógraí a thairiscint. Trí líon mór úsáideoirí a mhealladh, is féidir le gnólachtaí a suíomh sa mhargadh a neartú agus iomaíocht a laghdú, fiú má theorannaíonn sé brabúis sa ghearrthéarma. **Chun dílseacht branda / coinneáil úsáideora a thógáil** – d'fhéadfadh gnólachtaí pleananna mac léinn ar lascaine nó leagan saor in aisce dá seirbhís a thairiscint chun úsáid fhadtéarmach a spreagadh. Trí úsáideoirí a choinneáil ar a n-ardán, tá sé mar aidhm ag cuideachtaí sruthaithe tomhaltóirí a aistríonn chuig seirbhísí iomaitheoirí i.e. Apple a laghdú. Glacann siad le brabúis ghearrthéarma laghdaithe mar mhalairt ar chobhsaíocht fadtéarma níos mó. **Chun infheistíocht a dhéanamh i nuálaíocht agus cáilíocht seirbhíse** – féadfaidh ardáin sruthaithe infheistíocht mhór a dhéanamh i moltaí pearsantaithe, gnéithe nua, nó ábhar eisiach. Cé go méadaíonn sé sin costais agus go laghdaíonn sé brabúis ghearrthéarma, féadfaidh sé eispéireas agus rannpháirtíocht úsáideora a fheabhsú. Cabhraíonn sé sin leis an ngnólacht fanacht iomaíoch san fhadtréimhse. **Chun marthanas agus fás fadtéarmach a chinntiú** – go minic oibríonn cuideachtaí sruthaithe i margadh an-iomaíoch le costais sheasta arda. Mar sin, d'fhéadfaidís glacadh le brabúis ísle sa ghearrthéarma le fanacht ag feidhmiú / a n-oibríochtaí a fhás / a dtodhchaí fhadtéarmach a shlánú. **Chun iontráil gnólachtaí nua a dhíspreagadh / bac le hiontráil / praghsáil a theorannú** – d'fheadfadh cuideachtaí sruthaithe praghsanna síntiús a choimeád íseal, fiú má laghdaítear brabúis. Déantar é sin ionas nach mbeidh an margadh mealltach d'iomaitheoirí féideartha nua. Ar an mbealach sin, tá sé mar aidhm ag gnólachtaí a suíomh agus a mbrabúis amach anseo a chosaint. **Chun idirghabháil rialtais a chosc** – d'fhéadfadh gnólacht dírithe ar uasmhéadú brabúis amháin gníomhaíochtaí a ghlacadh a d'fheadfadh riosca idirghabhála rialtais a mhéadú. Chun an idirghabháil rialtais sin a sheachaint, d'fhéadfadh an gnólacht rogha a dhéanamh chun uasmhéadú brabúis a chothromú le comhlíontacht agus cleachtais ghnó fhreagracha. **Chun seasamh le freagracht eiticiúil agus shóisialta** – d'fhéadfadh cuideachtaí sruthaithe fíor-uasmhéadú brabúis a sheachaint chun cleachtais ghnó eiticiúla a choimeád agus íomhá phoiblí dhearfach a choinneáil. Dá bharr sin, d'fhéadfadh díolacháin sheasta fhadtéarmacha a bheith ann seachas buaiceanna gearrthéarmacha i mbrabúis.	**2 @ 3**
	(c)	**NÓ** Tabhair breac-chuntas ar **chúis** amháin a bhfuil cuideachtaí móra sruthaithe ar líne, Spotify mar shampla, in ann feidhmiú ar chostas imeallach de bheagnach a náid gach uair a ghlacann úsáideoir nua síntiús. **Cineál digiteach an tsruthaithe** – seirbhís dhigiteach is ea sruthú ceoil. Nuair a chruthaítear agus a cheadúnaítear ardán agus catalóg ceoil, ní gá táirge fisiciúil eile a tháirgeadh ná a dháileadh chun an ceol digiteach céanna a sholáthar d'úsáideoir nua. Dá thoradh sin, tá an costas a bhaineann le freastal ar shíntiúsóir breise amháin gar do a náid. **Ardchostais sheasta ach costais imeallacha an-íseal** – bíonn ardchostais sheasta ar chuideachtaí sruthaithe, amhail an t-ardán a fhorbairt / ceol a cheadúnú / freastalaithe a choimeád. Ní mhéadaíonn na costais sin go suntasach nuair a chláraíonn úsáideoir nua, rud a chiallaíonn go bhfuil an costas le freastal ar úsáideoir nua ag beagnach a náid. **Seachadadh uathoibríoch na seirbhíse** – seachadtar an tseirbhís sruthaithe go huathoibríoch trí bhogearraí agus algartaim. Nuair atá an córas i bhfeidhm, ní theastaíonn aon luach saothar breise nuair a chláraíonn úsáideoir nua. Ní ardaíonn costais saothair le gach úsáideoir breise. **Teicneolaíocht agus bonneagar inscálaithe** – úsáideann ardáin sruthaithe bonneagar digiteach inscálaithe ar féidir leis líon mór úsáideoirí a láimhseáil ar chostas breise an-íseal. Ciallaíonn sé sin go bhfanann an costas imeallach de fhreastal ar úsáideoir amháin eile an-íseal.	**6**

3 Sa ghrafaic thíos léirítear an meánchostas ar lucht tacaíochta Chorcaí agus Thiobraid Árann agus iad ag tacú lena bhfoireann chomh fada leis an gcluiche ceannais i gCraobhchomórtas Sinsear na hÉireann san Iománaíocht in 2025.

Corcaigh		Tiobraid Árann
€350	Ticéid do Chluichí	€400
€38	Cláir na gCluichí	€43
€200	Peitreal	€200
€23	Dolaí	€27
€50	Páirceáil i mBaile Átha Cliath	€50
€334	Bia agus deoch	€350
€995	Iomlán	€1,070

Arna chur in oiriúint ón Irish Examiner

(a) Mar gheall ar chostais a bheith ag ardú, d'iarr roinnt den lucht tacaíochta ar an rialtas fóirdheontas a chur ar fáil le haghaidh iompar poiblí ar mhaithe leo siúd a bhíonn ag taisteal chuig cluichí ceannais i gCraobhchomórtais Sinsear na Éireann sa Pheil agus san Iománaíocht. **6**

An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis an moladh sin?
Cuir do fhreagra in iúl thíos le tic (✓) sa bhosca cuí agus cosain do fhreagra.

AONTAÍM – Cúiseanna i bhfabhar fóirdheontas a chur ar fáil le haghaidh iompar poiblí:

Laghdaíonn sé an t-ualach airgeadais ar theaghlaigh – tá costais an-ard ag baint le taisteal chuig cluichí ceannais na hÉireann (ticéid, breosla, páirceáil, bia), mar a thaispeántar sna sonraí. Laghdódh fóirdheontas le haghaidh iompar poiblí costais taistil don lucht tacaíochta. Dhéanfadh sé sin freastal air níos inacmhainne, go háirithe do theaghlaigh ar ioncam níos ísle.

Seachtrachtaí dearfacha ó úsáid níos mó as iompar poiblí – laghdaíonn úsáid níos mó as busanna agus traenacha plódú trách ta / astaíochtaí carbóin / truailliú aeir timpeall ar Bhaile Átha Cliath ar laethanta cluichí. Buntáistí iad sin don tsochaí i gcoitinne, ní díreach dóibh siúd a úsáideann an t-iompar fóirdheonaithe.

Tacaíonn sé le cuimsiú sóisialta agus rochtain – cheadódh iompar fóirdheonaithe do thacadóirí, gan carr, freastal ar imeachtaí spóirt náisiúnta. Cuireann sé sin comhionannas rochtana ar imeachtaí spóirt agus cultúrtha chun cinn.

Méadaítear caiteachas sa gheilleagar áitiúil – méadaíonn freastal níos mó caiteachas ar bhia, cóiríocht agus miondíol i mBaile Átha Cliath. Téann sé sin chun tairbhe gnólachtaí áitiúla agus cothaíonn sé ioncam CBL breise don Státchiste.

Laghdaítear brú ar sheirbhísí poiblí – laghdóidh trácht laghdaithe ar bhóithre an gá le bearta bainistíochta trách ta / póilíniú / seirbhísí éigeandála. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh costais laghdaithe seirbhíse poiblí agus bainistíochta trách ta gearrthéarmaí a bheith ag an rialtas, a bhaineann le himeachtaí móra spóirt.

Spreagann sé úsáid níos mó as iompar poiblí – d'fhéadfadh fóirdheontais den sórt sin taithí ar sheirbhísí iompair phoiblí a mhéadú agus d'fhéadfadh sé go mbainfí úsáid níos mó as sa todhchaí. Le himeacht ama, d'fhéadfadh sé sin tacú le cuspóirí rialtais maidir le hiompar inbhuanaithe agus úsáid carranna príobháideacha a laghdú.

EASAONTAÍM – Cúiseanna in aghaidh fóirdheontas le haghaidh iompar poiblí:

Deischostas caiteachais rialtais – theastódh cistí poiblí chun iompar poiblí do chluichí ceannais na hÉireann a fhóirdheonú a d'fhéadfaí a úsáid ina ionad sin le haghaidh seirbhísí riachtanacha cosúil le cúram sláinte, tithíocht, oideachas, etc. D'fhéadfadh na réimsí sin tairbhithe eacnamaíocha agus sóisialta fadtéarmacha níos mó a sheachadadh. Ciallaíonn sé sin nach gá gur ionann an fóirdheontas agus an úsáid is éifeachtúla as acmhainní rialtais atá gann.

Úsáid aischéimnitheach airgid cáiníocóirí – baineann ardphraghsanna ticéad agus costais bhainteacha le freastal ar chluiche ceannais na hÉireann, atá níos inacmhainne do theaghlaigh ar ioncam níos airde. Dá bhrí sin d'fhéadfadh iompar poiblí a fhóirdheonú dul chun tairbhe go díréireach do thacadóirí atá in acmhainn freastal cheana féin, fad is a mhaoiníonn ioncam cánach ginearálta é a íocann gach saoránach.

Tairbhe éagothrom do cháiníocóirí – ní shroicheann gach contae cluichí ceannais na hÉireann go rialta, rud a chiallaíonn nach mbainfeadh go leor cáiníocóirí tairbhe as an bhfóirdheontas riamh. Ós rud é go bhfuil sé maoinithe trí chánachas ginearálta, bheadh roinnt cáiníocóirí ag íoc as beartas nach dtugann mórán tairbhe nó nach dtugann tairbhe ar bith dóibh.

Fóirdheontas gan ghá / Caillteanas marbhualaigh – d'fhéadfadh fóirdheontas le haghaidh iompar poiblí dul chun tairbhe go leor den lucht tacaíochta a thaistealódh chuig an gcluiche ar aon nós, fiú gan an fóirdheontas. Ciallaíonn sé sin nach n-athraíonn caiteachas an rialtais iompar go suntasach agus bíonn caillteanas marbhualaigh dá bharr, i gcás go gcaitear cistí poiblí gan aon tairbhe eacnamaíoch bhreise a chruthú.

Srianta acmhainne agus plódú – d'fhéadfadh seirbhísí iompair phoiblí streachailt chun an t-éileamh ar laethanta cluichí a shásamh. Gan dóthain acmhainn bhreise, d'fhéadfadh fóirdheontais bheith ina gcúis le plódú / laghdú ar cháilíocht seirbhíse / míchaoithiúlacht do chomaitéirí rialta a bhraitheann ar iompar poiblí don obair nó taisteal riachtanach.

Tionchar teoranta ar chinntí freastail foriomlán – b'fhéidir nach mbeadh i gcostais taistil ach cion beag de chostas iomlán a bhaineann le freastal ar chluiche ceannais na hÉireann nuair a chuirtear praghsanna ticéid, lóistín agus bia san áireamh. Dá bhrí sin, d'fhéadfad sé nach mbeadh mórán tionchair ag iompar fóirdheonaithe ar fhreastal, rud a laghdódh éifeachtúlacht an bheartais.

Socraíonn sé fasach contúirteach – d'fhéadfadh fóirdheonú iompair do mhórimeachtaí spóirt brú a chruthú go n-íocfaí fóirdheontais chosúla le haghaidh ceolchoirmeacha, féilte nó imeachtaí móra eile. Bíonn sé deacair ar an rialtas dá bharr sin beartas fóirdheontais iompair phoiblí comhsheasmhach / inbhuanaithe go heacnamaíoch a chur i bhfeidhm.

Easpa cothroime feadh spóirt – mhaoineodh cáiníocóirí fóirdheontais iompair le haghaidh imeacht spóirt amháin, ach ní bhfaigheadh lucht tacaíochta spóirt eile tacaíocht den chineál céanna. D'fhéadfadh sé sin imní a chruthú maidir le húsáid chóir cistí poiblí.

3		**Freagair (b) nó (c)**	
	(b)	Tá fíneáil €100 á gearradh ag Iarnród Éireann ar phaisinéirí a sheinneann físeáin nó ceol gan cluasáin orthu ar a chuid traenacha. Tabhair breac-chuntas ar **chúis** amháin ar sampla de theip margaidh é an t-iompraíocht sin i measc paisinéirí **Seachtracht dhiúltach do phaisinéirí eile** – seachtracht dhiúltach is ea fuaim ard a sheinm mar go gcuireann sé as do phaisinéirí eile. Ní áirítear costas sóisialta iomlán na fuaime ard i bpraghas an ticéid don phaisinéir is cúis leis an torann. Dá bhrí sin, tarlaíonn an t-iompar níos minice ná mar is inmhianaithe go sóisialta, agus tarlaíonn teip margaidh dá bharr. **Deacair iompar suaiteach a eisiamh** – tairbhe chomhroinnte do gach duine ar thraein is ea carráiste réasúnta ciúin a roinnt. Nuair a sheinneann paisinéir amháin fuaim ard, laghdaíonn siad an tairbhe do dhaoine eile. Mar gheall nach le paisinéir ar bith an timpeallacht fuaime, ní féidir le paisinéirí an t-úsáideoir suaiteach a eisiamh go héasca / táille a ghearradh orthu as an gcostas atá siad a chur ar dhaoine eile. Ciallaíonn sé sin go dteipeann ar an margadh an timpeallacht chiúin a leithdháileadh go héifeachtúil. **Teip faisnéise / costais a ghannmheas** – d'fhéadfadh roinnt paisinéir a sheinneann fuaim ard gannmheas nó neamhaird a dhéanamh ar an méid a chuireann siad isteach ar dhaoine eile. Mura n-aithníonn paisinéir go hiomlán tionchar diúltach a n-iompair, níl bonn eolais faoina gcinnteoireacht. Rannchuidíonn sé sin le ró-úsáid fuaime airde agus bíonn teip margaidh dá bharr.	**6**

3	(c)	**NÓ** Tabhair breac-chuntas ar dhá bhealach ar féidir le Plean Soghluaisteachta Tuaithe Éire a Nascadh cabhrú le **éagothroime** (neamhionannas) **a laghdú** idir teaghlaigh uirbeacha agus teaghlaigh thuaithe. **Rochtain níos fearr ar fhostaíocht** – ceadaíonn seirbhísí iompair níos fearr do chónaitheoirí tuaithe taisteal chuig raon níos leithne post, lena n-áirítear obair i gceantair uirbeacha. Méadaíonn sé sin rannpháirtíocht sa lucht saothair i measc cónaitheoirí tuaithe agus d'fhéadfadh sé a n-ioncaim teaghlaigh a mhéadú, rud a chabhraíonn chun an bhearna ioncaim idir ceantair uirbeacha agus thuaithe a chúngú. **Costais iompair laghdaithe do theaghlaigh thuaithe** – laghdaíonn an plean an gá le carranna príobháideacha a úsáid, a bhfuil costais ard ag baint leo amhail breosla, árachas, agus seirbhísiú. Méadaíonn costais iompair laghdaithe fíorioncaim indiúscartha do theaghlaigh thuaithe, go háirithe iad sin ar ioncaim níos ísle. Cabhraíonn sé sin chun éagothroime ioncaim a laghdú, mar gur ionann costais iompair agus cion mór d'ioncam do theaghlaigh thuaithe. **Tacaíocht d'fhorbairt gheilleagrach réigiúnach cothromaithe** – de bharr naisc iompair fheabhsaithe bíonn ceantair thuaithe níos tarraingtí do ghníomhaíocht ghnó, turasóireacht agus fiontar áitiúil. Dá bharr sin, cruthaítear poist i gceantair thuaithe seachas taisteal fada a bheith ar chónaitheoirí. Tacaíonn fostaíocht áitiúil mhéadaithe le dáileadh réigiúnach ioncaim níos cothromaithe. **Rochtain fheabhsaithe ar oideachas agus forbairt scileanna** – ceadaíonn naisc bhus níos fearr do chónaitheoirí tuaithe freastal ar scoileanna, coláistí, printíseachtaí agus ionaid oiliúna a bhíonn suite i gceantair uirbeacha go minic. Feabhsaíonn sé sin scileanna agus cáilíochtaí i measc teaghlach tuaithe, a mhéadaíonn a n-ionchais fostaíochta fhadtéarmacha agus a gcumas tuillimh. Le himeacht ama, cabhraíonn sé sin chun an bhearna ioncaim idir teaghlaigh thuaithe agus teaghlaigh uirbeacha a laghdú. **Rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí riachtanacha** – bíonn rochtain níos measa go minic ag teaghlaigh thuaithe ar sheirbhísí riachtanacha amhail cúram sláinte, cúram leanaí, oifigí leasa shóisialaigh, agus baincéireacht. Mar gheall ar sheirbhísí bus feabhsaithe tá sé níos éasca do chónaitheoirí tuaithe freastal ar choinní dochtúra, ospidéil agus seirbhísí poiblí a bhíonn i mbailte go minic. **Eisiamh sóisialta agus eacnamaíoch laghdaithe** – feabhsaíonn an plean soghluaisteacht do chónaitheoirí tuaithe nach bhfuil carr acu. Trí rochtain ar obair, oideachas agus seirbhísí riachtanacha a fheabhsú, laghdaíonn an plean eisiamh eacnamaíoch agus sóisialta i gceantair thuaithe, a chabhraíonn chun éagothroime a chúngú. **Folláine / cáilíocht bheatha tuaithe fheabhsaithe** – feabhsaíonn iompar poiblí níos fearr i gceantair thuaithe rochtain ar ghníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha agus spóirt. Breisíonn sé sin cáilíocht na beatha do theaghlaigh agus cúngaíonn sé na bearnaí folláine idir teaghlaigh uirbeacha agus teaghlaigh tuaithe. **Rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí digiteacha** – is gá duit a bheith i láthair go pearsanta le haghaidh go leor seirbhísí poiblí, deiseanna oideachais agus iarratais phoist mar gheall go mbíonn rochtain leathanbhanda níos laige i gceantair thuaithe. Ceadaíonn iompar feabhsaithe do chónaitheoirí tuaithe rochtain a fháil ar na seirbhísí sin.	**2 @ 3**

4		Taispeántar sa chairt thíos go saothraíonn oibrithe a dhéanann T-léinte i mBanglaidéis ar an meán 18c as an bpraghas miondíola €29 a ghearrtar san Eoraip.  	
	(a)	Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin a saothraíonn oibrithe i dtíortha beagfhorbartha (LDCs sa Bhéarla) pá níos ísle ná oibrithe san Eoraip ar obair den chineál céanna. **Táirgiúlacht lucht saothair níos ísle** – is minic a tháirgeann oibrithe in LDCanna níos lú aschuir in aghaidh an oibrí de bharr rochtain theoranta ar chaipiteal, teicneolaíocht nua-aimseartha, oideachas, agus oiliúint. Is iondúil go léiríonn pá táirgiúlacht lucht saothair, mar sin bíonn pá níos ísle de bharr táirgiúlacht níos ísle i gcomparáid leis an Eoraip, fiú nuair a bhíonn an obair mar a chéile. **Ardsoláthar lucht saothair / barrachas lucht saothair** – bíonn daonraí arda ag go leor LDCanna ina mbíonn ardleibhéil dífhostaíochta nó tearcfhostaíochta. Laghdaíonn an rósholáthar lucht saothair cumhacht margála oibrithe agus cuireann sé brú anuas ar phá, mar gur féidir le fostóirí oibrithe a ionadú go héasca. **Cosaintí lucht saothair níos laige agus cómhargáil** – go minic, bíonn ceardchumainn níos laige in LDCanna agus seans nach mbíonn dlíthe saothair, amhail reachtaíocht íosphá agus cosaintí ionaid oibre, á bhforfheidhmiú i gceart. Dá thoradh sin, níl an oiread cosanta ag oibrithe agus tá cumas teoranta acu pá níos airde a idirbheartú i gcomparáid le hoibrithe san Eoraip. **Costas maireachtála níos ísle** – bíonn an costas tithíochta, bia agus seirbhísí bunúsacha níos ísle go ginearálta in LDCanna. Dá bhrí sin, íocann fostóirí pá níos ísle a léiríonn costais mhaireachtála áitiúla seachas leibhéil phá Eorpacha. **Fostaíocht neamhfhoirmiúil agus rialáil lag** – tá cion mór d'oibrithe in LDCanna fostaithe san earnáil neamhfhoirmiúil, san áit a bhfuil poist neamhrialáilte agus neamhchánaithe go minic. Ní thugann fostaíocht neamhfhoirmiúil mórán slándáil poist agus cuireann sé tuilleadh brú anuas ar phá. **Iomaíocht idir tíortha maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach (FDI)** – d'fhéadfadh LDCanna bheith san iomaíocht chun MNCanna eachtracha a mhealladh trí chostais lucht saothair ísle agus rialacháin saothair solúbtha a thairiscint. Le fanacht mealltach, coinnítear pá íseal, go háirithe i dtionscail dlúthshaothair. Cuireann sé sin teorainn le fás pá i gcomparáid leis an Eoraip. **Táirge Imeallach Ioncaim (MRP) Níos Ísle de lucht saothair** – oibríonn gnólachtaí in go leor LDCanna le leibhéil ísle chaipitil agus táirgeann siad earraí le breisluach níos ísle. Laghdaíonn sé sin MRP saothair. Mar gheall go mbíonn tionchar ag MRP saothair ar phá, níl gnólachtaí in LDCanna in ann an leibhéal céanna pá a íoc is atá gnólachtaí san Eoraip as obair den chineál céanna.	**6**

	(b)	Mol dhá bheart a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a thabhairt isteach leis an éileamh ar éadaí athláimhe a mhéadú. **Laghdaigh / Bain CBL ar éadaí athláimhe** – dá laghdófaí nó dá mbainfí CBL ar éadaí athláimhe laghdófaí an praghas do thomhaltóirí. Dhéanfadh sé sin míreanna athláimhe níos saoire fiú i gcomparáid le héadaí nua agus mhéadódh sé go díreach an chainníocht a éilítear. **Tabhair cánacha comhshaoil isteach** – d'ardódh cánacha comhshaoil ar mhíreanna mearfhaisin an praghas d'éadach nua den sórt sin. Dhéanfadh sé sin éadaí athláimhe níos saoire agus mhéadódh sé an t-éileamh tríd an éifeacht ionadaithe. **Seol feachtais feasachta poiblí / faisnéise** – d'fhéadfadh feachtais rialtais aird a tharraingt ar na tairbhí comhshaoil agus airgeadais a bhaineann le héadaí athláimhe a cheannach. D'fhéadfadh eolas den sórt sin sainroghanna tomhaltóra a athrú agus aon stiogma le héadaí athláimhe a laghdú. **Rialáil mhéadaithe ar éadach mearfhaisin** – d'fhéadfadh rialáil rialtais níos déine ar éadach mearfhaisin, amhail teorainneacha ar dhramhaíl, riachtanais inmharthanachta, nó caighdeáin chomhshaoil, infhaighteacht éadach mearfhaisin a laghdú. D'fhéadfadh infhaighteacht laghdaithe éadach nua tomhaltóirí a spreagadh le haistriú chuig éadaí athláimhe, a mhéadódh an t-éileamh air. **Scéimeanna babhtála éide scoile le tacaíocht an rialtais** – dá gcuirfeadh an rialtas chun cinn nó dá dtabharfaidís sainordú do laethanta babhtála éide scoile, d'fhéadfadh sé úsáid éadaí athláimhe a normalú ó aois óg. D'fhéadfadh cleachtadh agus inghlacthacht shóisialta mhéadaithe aon stiogma a laghdú agus sainroghanna tomhaltóra a athrú i dtreo éadaí athláimhe le himeacht ama. **Fóirdheontais nó deontais do shiopaí athláimhe agus seirbhísí deisiúcháin** – d'fhéadfadh an rialtas tacaíocht airgeadais a thairiscint chun cáilíocht agus iontaofacht a fheabhsú agus éadaí athláimhe a chur ar fáil / rochtain a fheabhsú ar sheirbhísí deisiúcháin. D'fhéadfadh muinín níos mó i gcáilíocht agus inmharthanacht éadaí athláimhe níos mó tomhaltóirí a spreagadh chun iad a cheannach. **Tacaíocht airgeadais d'ardáin athláimhe ar líne** – d'fhéadfadh an rialtas tacú le margaí athláimhe digiteacha trí dheontais nó scéimeanna oiliúna. D'fhéadfadh inrochtaineacht agus áisiúlacht fheabhsaithe níos mó tomhaltóirí a spreagadh chun éadaí athláimhe a cheannach. **Soláthar rialtais d'éadaí athláimhe** – d'fhéadfadh an rialtas úsáid éadaí athláimhe nó athchúrsáilte a mhéadú i seirbhísí poiblí, amhail éide / éadaí oibre. Mhéadódh sé sin go díreach an t-éileamh ar éadaí athláimhe agus chabhródh sé chun a úsáid a normalú. **Lipéadú nó deimhniú glas a thabhairt isteach** – d'fhéadfadh an rialtas éicilipéad oifigiúil a chruthú d'éadaí athláimhe. Thaispeánfadh sé sin tionchar comhshaoil dearfach atá ag éadaí úsáidte a chaitheamh agus b'fhéidir go ndéanfadh sé tomhaltóirí níos muiníní agus toilteanaí na táirgí sin a cheannach.	**2 @ 3**

	(c)	Tabhair breac-chuntas ar dhá bhealach a bhféadfadh úsáid aipeanna éadaí athláimhe ar líne, ar nós Vinted agus Depop, dul chun tairbhe do thomhaltóirí éadaí athláimhe. **Praghsanna níos ísle agus luach níos fearr** – méadaíonn aipeanna athláimhe ar líne iomaíocht idir díoltóirí agus laghdaíonn siad forchostais i gcomparáid le siopaí fisiciúla. Bíonn praghsanna níos ísle dá thoradh go minic, a cheadaíonn do thomhaltóirí éadaí a cheannach ar luach níos fearr ná míreanna nua. **Rogha agus éagsúlacht níos fearr** – tugann na haipeanna rochtain do thomhaltóirí ar go leor díoltóirí ar fud na hÉireann agus go hidirnáisiúnta. Méadaíonn sé sin go suntasach an raon brandaí, stíleanna, méideanna, agus míreanna uathúla atá ar fáil i gcomparáid le siopaí athláimhe áitiúla, e.g. míreanna seanré / reitreo / nideoige. **Áisiúlacht agus inrochtaineacht mhéadaithe** – is féidir le tomhaltóirí brabhsáil, éadaí athláimhe a chur i gcomparáid agus a cheannach uair ar bith ar líne. Baineann sé sin an gá le taisteal chuig siopaí agus déanann sé siopadóireacht athláimhe níos inrochtana. **Trédhearcacht agus comparáid praghais feabhsaithe** – ceadaíonn na haipeanna do thomhaltóirí praghsanna a chur i gcomparáid maidir le míreanna cosúla go héasca. Cabhraíonn sé sin le tomhaltóirí cinntí ceannaigh a dhéanamh le heolas acu agus gan iomarca a íoc. Ceadaíonn roinnt aipeanna do cheannaitheoirí teachtaireachtaí a sheoladh chuig díoltóirí chun idirbheartaíocht a dhéanamh ar phraghsanna nó míreanna a cheannach i mbeart, a chabhraíonn le tomhaltóirí luach níos fearr a fháil. **Rochtain ar fhaisnéis mhionsonraithe agus léirmheasanna** – bíonn grianghraif, tuairiscí, agus rátálacha díoltóra ar liostálacha ar aipeanna. Laghdaíonn sé sin éiginnteacht maidir le cáilíocht agus iontaofacht, a mhéadaíonn muinín tomhaltóra nuair atá éadaí athláimhe á gceannach. **Am cuardaigh agus iarracht laghdaithe** – ceadaíonn scagairí cuardaigh do mhéid, branda, praghas, agus riocht do thomhaltóirí míreanna oiriúnacha a aimsiú go tapa. Laghdaíonn sé sin an t-am agus an iarracht a bhaineann le héadaí athláimhe oiriúnacha a aimsiú. **Tairbhí comhshaoil curtha ar aghaidh chuig an gcustaiméir** – trí shaolré éadaí a shíneadh, laghdaíonn aipeanna athláimhe ar líne dramhaíl teicstíle / an damáiste a bhaineann le mearfhaisean. Tairbhíonn tomhaltóirí trí roghanna níos inbhuanaithe don chomhshaol a dhéanamh gan inacmhainneacht ná stíl a íobairt.	**2 @ 3**
5		Tá comhaontuithe ar bhonn ceannaigh anois, íoc níos déanaí (BNPL) ar fáil ó roinnt cuideachtaí airgeadais, Klarna mar shampla, do roinnt ceannachán ar líne in Éirinn. Leis na comhaontuithe sin, is féidir le custaiméirí íoc láithreach nó íoc thar thréimhse ama, uaireanta le hús iomarcach sa bhreis.  Arna chur in oiriúint ó droidvenue.com	

5	**(a)**	An gceapann tú go spreagann cuideachtaí BNPL, ar nós Klarna, iompraíocht réasúnach i measc tomhaltóirí nó iompraíocht neamhréasúnach i measc tomhaltóirí? Cuir do fhreagra in iúl thíos le tic (✓) sa bhosca cuí agus cosain do fhreagra. Freagra: Iompraíocht réasúnach Cosaint: **Bainistiú sreabhaidh airgid feabhsaithe** – ceadaíonn BNPL seo do thomhaltóirí costas ceannachán a scaipeadh le himeacht ama seachas an méid iomlán a íoc ag an am. Cuidíonn sé sin le tomhaltóirí a mbuiséid mhíosúla a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla. **Solúbthacht / rogha méadaithe** – ciallaíonn BNPL gur féidir le tomhaltóirí rogha a dhéanamh idir íoc ag an am agus íocaíochtaí a scaipeadh thar am. Ceadaíonn an tsolúbthacht seo do thomhaltóirí an rogha is fearr a oireann dá gcás airgeadais fein a roghnú. Tá sé seo comhsheasmhach le réasúnaíocht na cinnteoireachta. **Rochtain ar chreidmheas saor ó ús** – tairgeann roinnt comhaontuithe BNPL tréimhsí gearra aisíocaíochta gan ús má dhéantar íocaíochtaí in am. Féadfaidh custaiméirí réasúnacha a thuigeann na téarmaí é sin a úsáid mar mhalairt ísealchostais le cineálacha eile creidmheasa, amhail cártaí creidmheasa nó rótharraingtí. Freagra: Iompraíocht neamhréasúnach Cosaint: **Le tráthchodanna beaga braitheann ceannacháin níos saoire** – is féidir le comhaontuithe BNPL a chur ina luí go bhfuil ceannacháin níos saoire trí íocaíochtaí míosúla a thaispeáint seachas an praghas iomlán. Dá bharr sin, d'fhéadfadh tomhaltóirí díriú ar mhéid na tráthchoda agus beag is fiú a dhéanamh de chostas foriomlán an cheannacháin. Dá thoradh sin, d'fhéadfaidís míreanna a cheannach nach gceannóidís dá mbeadh orthu an méid iomlán a íoc ar dtús. **Bíogcheannach méadaithe / Claonadh reatha** – ceadaíonn an ghné íocaíochta moillithe de BNPL do thomhaltóirí ceannacháin neamhphleanáilte / taghdacha / mhothúchánacha a dhéanamh anois gan machnamh cúramach seachas ceannach a dhéanamh bunaithe ar ghá nó inacmhainneachta. Léiríonn sé sin claonadh reatha, i gcás ina ndéantar tosaíocht de thairbhí láithreacha thar chostais sa todhchaí. De bharr claonadh cognaíoch den sórt sin, tarlaíonn iompraíocht tomhaltóirí neamhréasúnach. **Ró-iasachtú / Fiachas méadaithe** – má úsáideann tomhaltóir roinnt comhaontuithe BNPL ag an am céanna, d'fhéadfaidís glacadh le níos mó fiachais ná mar atá siad in acmhainn a íoc. Léiríonn sé sin cinnteoireacht neamhréasúnach agus d'fhéadfaí íocaíochtaí a chailleadh nó deacrachtaí airgeadais tarlú dá bharr. **Drochthuiscint ar théarmaí agus coinníollacha / Leibhéil ísle litearthachta airgeadais –** b'fhéidir nach dtuigfeadh roinnt tomhaltóirí coinníollacha aisíocaíochta, pionóis, ná táillí a bhaineann le comhaontaithe BNPL go hiomlán. De bharr eolas airgeadais teoranta d'fhéadfadh tomhaltóirí dul i mbun socruithe iasachtaithe gan tuiscint iomlán a bheith acu ar na tiomantais airgeadais atá i gceist, a bheadh ina gcúis le cinntí airgeadais neamhréasúnacha. **Tionchar meán sóisialta / Brú piaraí / Iompar**– cuirtear BNPL chun cinn go forleathan ar na meáin shóisialta agus úsáideann tionchairí agus b'fhéidir piaraí daoine é. D'fhéadfadh sé sin tomhaltóirí a spreagadh, go háirithe daoine óga, chun iompar daoine eile a chóipeáil gan machnamh cúramach a dhéanamh ar inacmhainneacht ná gá. D'fhéadfadh cinntí ceannacháin neamhréasúnacha éirí as sin.	**6**

	(b)	Bonn tuisceana amháin a ndéantar talamh slán de san eacnamaíocht ná iompraíocht réasúnach tomhaltóirí. Tabhair breac-chuntas ar dhá phríomhbhonn tuisceana **eile** faoi iompraíocht tomhaltóirí a úsáidtear san eacnamaíocht. **Déanann tomhaltóirí iarracht an méid is mó a bhaint as an ioncam sin / Leanann tomhaltóirí an prionsabal comhimeallach d'iompraíocht tomhaltóirí** – d'fhonn an fóntas (sásamh) is fearr a bhaint as, caithfidh tomhaltóirí a n-ioncam ionas go mbeidh an cóimheas d'áirgiúlacht imeallach le praghas mar an gcéanna maidir le gach táirge a cheannaíonn siad. Caithfidh tomhaltóirí a gcuid ioncaim theoranta ar bhealach chun iarracht a dhéanamh an sásamh is mó a bhaint as na táirgí a cheannaíonn siad agus chun an luach is fearr a fháil ar a gcuid airgid. **Tá tomhaltóirí faoi réir Dhlí na hÁirgiúlachta Imeallaí Laghdaithí** – luaitear i nDlí na hÁirgiúlachta Imeallaí de réir mar a úsáidtear níos mó aonad d'earra, sroichfear pointe ina dtosaíonn fóntas (sásamh) imeallach (breise) ar deireadh ag meath. **Tá ioncaim theoranta ag tomhaltóirí** – ní bhíonn ioncam gan teorainn ag tomhaltóirí agus dá bhrí sin, ní féidir leo gach rud a theastaíonn uathu a cheannach. Dá thoradh sin, ní mór dóibh a roghnú conas a gcuid ioncaim theoranta a leithdháileadh idir táirgí éagsúla. Baineann deischostas le gach rogha a dhéantar i dtéarmaí na chéad rogha malartaí eile a tharscaoiltear.	**2 @ 3**
6		Osclaíodh an chéad pháirc théama Legoland sa tSín in Shanghai i mí Iúil 2025. Tá 75 turas marcaíochta sa pháirc thar ocht limistéar agus struchtúir ann a tógadh as na milliúin brící plaisteacha. *Arna chur in oiriúint ón BBC*  *Foinse: The South China Morning Post*	
	(a)	Is cuid de thionscal na seirbhísí iad páirceanna téama, mar Disney, Lego agus Universal, de bharr go gcuireann siad siamsaíocht agus eispéiris ar fáil. Léiríonn leathadh páirceanna téama dá leithéid mórthimpeall an domhain coincheap an **domhandaithe**. Mínigh an téarma **domhandú**. **Domhandú** – an próiseas trína bhfuil an domhan ag éirí níos idirnasctha de thoradh trádáil agus malartú cultúrtha méadaithe go mór. **Domhandú** – idirnáisiúnú margaí atá ag méadú le haghaidh earraí agus seirbhísí, an modh táirgeachta, iomaíocht na gcóras airgeadais, teicneolaíocht, agus tionscail. **Domhandú** – an cumas chun aon earra nó seirbhís a tháirgeadh in aon áit ar domhan, ag úsáid amhábhair etc. ó áit ar bith, an t-aschur a dhíol in aon áit, agus brabúis a chur in aon áit.	**3**

		Tabhair breac-chuntas ar thairbhe eacnamaíochta amháin do chuideachta as infheistiú i bPáirceanna téama. **Ioncam méadaithe féideartha ó roinnt sruthanna ioncaim** – gineann páirceanna téama ioncam ó dhíolacháin ticéid, bia / deochanna, marsantacht, lóistín, páirceáil, agus ceadúnú. Méadaíonn éagsúlú den sórt sin ioncam iomlán agus laghdaíonn sé an brath ar fhoinse ioncaim iomlán. **Barainneachtaí scála** – ceadaíonn líon cuairteoirí an-suntasach do ghnóthais ardchostais sheasta a scaipeadh, amhail talamh, bonneagair agus turais mharcaíochta, i measc na milliúin custaiméirí. Laghdaíonn sé sin meánchostais agus méadaíonn sé brabúsacht na páirce téama le himeacht ama. **Cumas chun praghsanna bisigh a ghearradh** – cuireann páirceanna téama turais mharcaíochta agus taitneamhachtaí ar fáil atá éagsúil le gníomhaíochtaí fóillíochta eile atá ar fáil. Ceadaíonn sé sin do ghnólachtaí praghsanna cead isteach níos airde agus táillí breise a ghearradh, rud a mhéadaíonn brabúis. **Brabúis fhadtéarmacha** – tabhaíonn páirceanna téama ardchostais chaipitil tosaigh, ach d'fhéadfaidís oibriú ar feadh na scórtha blianta. Nuair a bhunaítear iad, is féidir leo brabúis fhadtéarmacha sheasta a chothú. **Ardbhacainní le hiontráil** – teastaíonn infheistíocht chaipitil an-mhór ó pháirceanna téama, talamh agus cead pleanála. De bharr na mbacainní sin bíonn sé deacair ar ghnólachtaí nua an margadh a iontráil. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh páirceanna téama cumhacht margaidh láidir agus brabúis chobhsaí a chothabháil. **Deiseanna gnó comhlántacha** – cruthaíonn páirceanna téama deiseanna chun óstáin, ionaid saoire, bialanna, agus ionaid díolacháin a fhorbairt. D'fhéadfadh sé sin ioncam iomlán na cuideachta a mhéadú. **Ioncam marsantachta agus ceadúnaithe** – féadfaidh páirceanna téama earraí brandáilte a dhíol sa pháirc agus carachtair nó taitneamhachtaí a cheadúnú le haghaidh táirgí seachtracha. Cothaíonn sé sin ioncam breise níos mó ná díolacháin ticéad. **Éileamh ó thurasóirí** – meallann páirceanna téama turasóirí dúchais agus idirnáisiúnta. Méadaíonn líon ard turasóirí an líon cuairteoirí chuig an bpáirc, a chuidíonn le hioncam a mhéadú. **Taithí custaiméara feabhsaithe agus gnó athuaire** – fostaíonn páirceanna téama go leor foirne agus tugann siad turais mharcaíochta agus imeachtaí nua isteach go rialta. Spreagann ardcháilíocht seirbhíse agus nuálaíocht leanúnach cuairteanna athuaire, a thugann foinse cobhsaí ioncaim. **Deiseanna d'idirdhealú praghsanna** – is féidir le páirceanna téama praghsanna éagsúla a ghearradh bunaithe ar aois, séasúr, leibhéil éilimh, nó pacáistí i mbeart. Ceadaíonn sé sin do ghnólachtaí ioncam ó ghrúpa tomhaltóra eile a uasmhéadú. **Forbairt bhranda fheabhsaithe** – feabhsaíonn páirceanna téama rathúla aitheantas branda agus dílseacht chustaiméara. Féadfaidh sé sin díolacháin a mhéadú de mharsantacht bhrandáilte agus leathnú páirceanna amach anseo a mhaoiniú bunaithe ar scannáin agus carachtair a bhfuil tóir orthu faoi úinéireacht na cuideachta. **Leathnú an mhargaidh idirnáisiúnta** – ceadaíonn infheistiú i bpáirceanna téama thar lear do chuideachtaí feidhmiú i dtíortha nua, tuilleadh custaiméirí a mhealladh, rud a mhéadaíonn ioncam / a laghdaíonn an brath ar láthair amháin (riosca a éagsúlú). **Comhpháirtíochtaí / urraíocht chorparáideach** – féadfaidh gnólachtaí dul i bpáirt le brandaí seachtracha chun turais mharcaíochta, taitneamhachtaí nó bialanna sa pháirt a urrú. Tugann sé sin sruth ioncaim breise.	**3**

		Is í Páirc na Smaragaide i gCo. na Mí príomhpháirc théama na hÉireann.	
	(b)	Tabhair breac-chuntas ar dhá thairbhe eacnamaíochta a bhaineann le páirceanna téama a bheith á reáchtáil i dtír. **Cruthaítear fostaíocht** – cruthaíonn páirceanna téama fostaíocht dhíreach trí oibríochtaí turas marcaíochta, cothabháil, riarachán, lónadóireacht, siamsaíocht, etc. Cruthaíonn siad fostaíocht indíreach freisin in óstáin, seirbhísí iompair agus miondíola nasctha le héileamh cuairteora. **Méadaítear easpórtálacha dofheicthe / caiteachas turasóirí** – caitheann turasóirí eachtracha a thagann chuig páirceanna téama airgead ar thurais mharcaíochta, bia, agus lóistín. Caitear le caiteachas den sórt sin de chuid turasóirí eachtracha mar easpórtáil dhofheicthe, a mhéadaíonn ioncaim náisiúnta / a fheabhsaíonn comhardú na n-íocaíochtaí. **Méadaítear ioncam cánach** – cothaíonn páirceanna téama ioncam trí CBL ar dhíolacháin ticéid agus ceannacháin, ÍMAT ó fhostaithe, agus cáin chorparáide ar bhrabúis chuideachta. **Méadaítear forbairt gheilleagrach réigiúnach** – is féidir le páirceanna téama atá lonnaithe taobh amuigh de chathracha móra gníomhaíocht gheilleagrach a spreagadh i gceantair mháguaird trí chuairteoirí a mhealladh agus fás gnólachtaí áitiúla a spreagadh. **Éifeacht an Iolraitheora** – ciorclaíonn caiteachas ó chuairteoirí agus fostaithe tríd an ngeilleagar, ag cruthú tuilleadh ioncaim laistigh den gheilleagar. **Forbraítear bonneagar** – d'fhéadfadh bunú páirceanna téama bheith ina chúis le feabhsúcháin ar bhóithre, naisc iompair agus seirbhísí poiblí sa réigiún máguaird. **Tacaítear le gnólachtaí áitiúla** – tairbhíonn óstáin, bialanna, siopaí agus soláthraithe iompair in aice láimhe as líon cuairteoirí níos mó. **Mealltar infheistíocht dhíreach eachtrach má bhíonn úinéirí eachtracha ann** – tugann gnólachtaí idirnáisiúnta a infheistíonn i bpáirceanna téama infheistíocht chaipitil isteach sa tír agus d'fhéadfaidís scileanna agus saineolas a aistriú ó thar lear.	**2 @ 3**

7	**(a)**	Cé acu ceann de na huirlisí fioscacha a leanas ba cheart do rialtas na hÉireann a úsáid chun pacáistíocht phlaisteach a laghdú, dar leat: • fóirdheontas do ghnólachtaí a úsáideann pacáistíocht in-bhithmhillte? • cáin ar ghnólachtaí a úsáideann pacáistíocht phlaisteach? Cuir do fhreagra in iúl thíos le tic (✓) sa bhosca cuí agus cosain do fhreagra. Freagra: Fóirdheontas do ghnólachtaí Cosaint: **Spreagann sé iompar dearfach** – laghdaíonn fóirdheontas an costas a bhaineann le pacáistiú in-bhithmhillte a tháirgeadh. Spreagann sé sin gnólachtaí chun aistriú go deonach ó phlaisteach go roghanna neamhdhíobhálach don chomhshaol. **Laghdaíonn sé costais táirgeachta do ghnólachtaí** – is minic a bhíonn ábhair in-bhithmhillte níos costasaí ná plaisteach. Cuidíonn fóirdheontas chun na costais níos airde sin a chlúdach, a dhéanann pacáistiú inbhuanaithe níos indéanta i dtaobh airgeadais. **Cothaíonn sé iomaíochas gnólachta** – gan fóirdheontais, b'fhéidir go mbeadh costais níos airde roimh ghnólachtaí a úsáideann pacáistiú in-bhithmhillte ná gnólachtaí iomaíocha a úsáideann pacáistiú plaisteach. Tugann fóirdheontais cothrom na féinne agus coisceann siad caillteanas iomaíochais. **Praghsanna laghdaithe do thomhaltóirí** – má fhaigheann gnólachtaí fóirdheontais, laghdaíonn costais táirgeachta. D'fhéadfadh sé sin bheith ina chúis go ngearrfadh gnólachtaí praghsanna níos ísle ar thomhaltóirí ná dá mbeadh orthu an costas iomlán a bhaineann le haistriú chuig pacáistiú inbhuanaithe a ionsú. **Spreagann sé nuálaíocht agus infheistíocht** – d'fhéadfadh tacaíocht airgeadais gnólachtaí a spreagadh le hinfheistiú a dhéanamh i dtaighde agus forbairt ábhair agus teicneolaíochtaí pacáistithe nua in-bhithmhillte. **Cruthaíonn sé fostaíocht** – d'fhéadfadh fás méadaithe i bpacáistiú in-bhithmhillte fostaíocht a chruthú i ndéantúsaíocht, athchúrsáil, agus seirbhísí comhshaoil eile. Freagra: Cáin ar ghnólachtaí Cosaint: **Bíonn iallach ar ghnólachtaí íoc as damáiste comhshaoil / Íocann an truaillitheoir** – cruthaíonn pacáistiú plaisteach truailliú agus fadhbanna diúscartha dramhaíola. Chuirfeadh cáin ar phacáistiú plaisteach iallach ar ghnólachtaí íoc as na costais chomhshaoil sin seachas an tsochaí a bheith ag íoc astu. Ceartaítear teip margaidh trí sheachtracht dhiúltach a inmheánú. **Díspreagtar úsáid plaisteach** – d'fhéadfadh an costas méadaithe ar phacáistiú plaisteach a úsáid gnólachtaí a spreagadh chun a n-úsáid as a laghdú nó aistriú chuig roghanna malartacha in-bhithmhillte. **Méadaíonn sé ioncam don rialtas** – chothódh cáin ar ghnólachtaí a úsáideann pacáistiú plaisteach ioncam cánach, a d'fhéadfaí a úsáid chun athchúrsáil / tionscadail chomhshaoil a mhaoiniú. **Laghdaíonn sé pacáistiú nach bhfuil riachtanach** – chun cánacha níos airde a sheachaint, féadfaidh gnólachtaí pacáistiú breise ar a dtáirgí a laghdú. Laghdódh sé sin dramhaíl phlaisteach agus damáiste comhshaoil. **Spreagann sé athrú tionscail fadtéarmach** – thaispeánfadh cáin ar phacáistiú plaisteach do ghnólachtaí go ngearrfar pionós ar úsáid leanúnach plaisteach / go bhfuil an rialtas dáiríre maidir le damáiste comhshaoil a laghdú. D'fhéadfadh sé sin gnólachtaí a spreagadh chun pleanáil d'infheistíocht fadtéarma i roghanna malartacha inbhuanaithe don chomhshaol.	**6**

	(b)	Sa léaráid thíos taispeántar Cuar Timpeallachta Kuznet (EKC). Tugann sé le tuiscint **go méadaítear ar an dochar don timpeallacht i dtosach báire** de réir **mar a thagann ardú ar an bhfíorioncam per capita, go sroichtear pointe casaidh agus ansin go laghdaítear é.**  An bhfuil an cuar thuas ábhartha i saol an lae inniu mar mhíniú ar an ngaol idir fás geilleagrach per capita agus dochar don timpeallacht, dar leat? Cuir do fhreagra in iúl thíos le tic (✓) sa bhosca cuí agus cosain do fhreagra Freagra: Tá (ábhartha) Cosaint: **Athrú eacnamaíochta struchtúrach** – de réir mar a fhásann agus a fhorbraíonn eacnamaíochtaí, d'fhéadfaidís aistriú ó dhéantúsaíocht i dtreo seirbhísí, nach ndéanann an oiread damáiste don chomhshaol go minic. **Rialáil chomhshaoil níos láidre** – go minic tugann eacnamaíochtaí forbartha isteach caighdeáin chomhshaoil níos déine, cánacha carbóin agus spriocanna astaíochtaí a chabhraíonn chun leibhéil thruaillithe a laghdú. **Cumas níos mó chun teicneolaíocht ghlas a mhaoiniú** – tá eacnamaíochtaí níos saibhre in acmhainn infheistiú i bhfuinneamh in-athnuaite, teicneolaíocht rialaithe truaillithe agus bonneagar inbhuanaithe, a d'fhéadfadh damáiste comhshaoil a laghdú. **Éifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe** – d'fhéadfadh eacnamaíochtaí le hioncam níos airde modhanna táirgeachta níos tíosaí ar fhuinneamh a ghlacadh, a laghdódh astaíochta in aghaidh an aonaid aschuir. **Méadaíonn ioncaim níos airde feasacht chomhshaoil** – de réir mar a ardaíonn ioncaim, cuireann saoránaigh luach níos airde ar aer, uisce agus coinníollacha cónaithe níos glaine agus cuireann siad brú níos mó ar rialtais agus gnólachtaí chun leibhéil truaillithe a laghdú. **Fianaise ó roinnt eacnamaíochtaí forbartha** – tá Éire agus go leor ballstát AE eile fásta go heacnamaíoch fad is a laghdaítear truailleáin aeir áitiúla áirithe (e.g. dé-ocsaíd sulfair). Tacaíonn sé sin le teoiric an phointe casaidh EKC. **Rochtain ar theicneolaíocht níos glaine ó thar lear** – de réir mar a ardaíonn ioncaim, is féidir le tíortha teicneolaíochtaí níos glaine a úsáid in eacnamaíochtaí níos saibhre, amhail córais fuinnimh in-athnuaite cosúil le tuirbíní gaoithe. D'fhéadfadh sé sin damáiste comhshaoil a laghdú gan an gá le teicneolaíocht a fhorbairt go dúchasach. **Pleanáil uirbeach agus iompar poiblí feabhsaithe** – infheistíonn eacnamaíochtaí forbartha go trom in iompar poiblí, bainistíocht dramhaíola, agus dearadh uirbeach inbhuanaithe don chomhshaol, a laghdaíonn astaíochtaí per capita.	**6**

Freagra: Níl (neamhábhartha)

Cosaint:

Tá truailliú domhanda fós ard – níor eascair titim chomhsheasmhach in astaíochtaí gás ceaptha teasa as fás geilleagrach. Tugann sé sin le fios nach dtagann meath go huathoibríoch ar dhamáiste comhshaoil de réir mar a ardaíonn ioncam.

Seachfhoinsiú truaillithe – go minic athlonnaíonn tíortha ardioncaim tionscail thruaillithe chuig geilleagair i mbéal forbartha. Dá thoradh sin, laghdaítear damáiste comhshaoil go dúchasach ach méadaíonn sé go domhanda.

Fás tionsclaíoch tapa i ngeilleagair atá ag teacht chun cinn – leanann geilleagair mhóra atá ag teacht chun cinn amhail an tSín agus an India, ag tabhairt tús áite do dhéantúsaíocht, easpórtálacha, agus fás fostaíochta. Go minic, úsáideann sé sin ardleibhéil fuinnimh agus braitear ar bhreoslaí iontaise, a mhéadaíonn astaíochtaí domhanda. Dá bhrí sin, ní thagann meath go huathoibríoch ar dhamáiste comhshaoil de réir mar a ardaíonn ioncaim.

Ardaíonn leibhéil tomhaltais le hioncam – éilíonn saoránaigh ar ioncaim níos airde níos mó taistil, feithiclí agus fuinnimh, ar féidir leis damáiste comhshaoil a mhéadú seachas é a laghdú.

Tá athrú aeráide carnach – tá damáiste comhshaoil amhail téamh domhanda fadmharthanach agus b'fhéidir nach dtitfeadh sé go tapa fiú má thiteann astaíochtaí níos deireanaí.

Ní leanann roinnt truailleán pátrún EKC – b'fhéidir go bhfuil feidhm ag an EKC le truailleáin áitiúla áirithe, ach tá truailleáin dhomhanda amhail gáis cheaptha teasa nasctha le táirgeacht agus tomhaltas ar fud an domhain agus d'fhéadfadh sé leanúint ag ardú le fás eacnamaíoch.

Éifeacht an fháis daonra – is féidir le fás tapa ar dhaonra in eacnamaíochtaí i mbéal forbartha damáiste comhshaoil iomlán a mhéadú fiú má thosaíonn astaíochtaí in aghaidh an duine ag titim. Méadaíonn daonra níos mó an t-éileamh foriomlán ar thithíocht, iompar, fuinneamh agus bia, rud a ardaíonn astaíochtaí iomlána. Tugann sé sin le fios gur féidir le damáiste comhshaoil leanúint ag ardú in ainneoin fás geilleagrach, ag teorannú ábharthacht an EKC.

D'fhéadfadh dul chun cinn teicneolaíochta bheith rómhall – b'fhéidir nach gcoinneodh forbairt teicneolaíochta glaise suas le scála an damáiste comhshaoil de bharr fás domhanda tapa.

Ídiú acmhainní – go minic méadaíonn fás eacnamaíoch baint agus úsáid acmhainní neamh-inathnuaite amhail ola, gás agus mianraí. De réir mar a ardaíonn ioncaim, leathnaíonn táirgeacht agus tomhaltas, rud a chuireann brú níos mó ar acmhainní nádúrtha finideacha.

8	**(a)**	D'fhéadfaí féachaint ar an bhfeirmeoireacht mar ghairm bheatha nach bhfuil tarraingteach do go leor daoine óga in Éirinn inniu. Tabhair breac-chuntas ar dhá thoisc a d'fhéadfadh daoine óga a chasadh i gcoinne a bheith ina bhfeirmeoirí. **Ioncam feirme íseal agus neamhchobhsaí** – is féidir le hioncam feirme bheith an-éagsúil ó bhliain go bliain. D'fhéadfadh na praghsanna a fhaightear ar bhainne, mairteoil, nó barra laghdú, agus d'fhéadfadh costais amhail beatha, leasúchán, agus breosla ardú. Dá bharr sin, tá tuilleamh taghdach agus díspreagann sé daoine óga a bhfuil sláine airgeadais uathu. **Costais arda talún / tionscanta** – tá sé an-chostasach talamh a cheannach in Éirinn. Ina theannta sin, ní mór d'fheirmeoirí óga infheistiú in innealra, beostoc, agus foirgnimh. Cruthaíonn an t-ardleibhéal caipitil a theastaíonn mórbhacainn le dul isteach san fheirmeoireacht. B'fhéidir go dtógfadh sé blianta chun toradh a fheiceáil, e.g. is próiseas fadtéarmach é tréad déiríochta a fhorbairt nó táirgiúlacht talún a fheabhsú. B'fhéidir gur fearr le daoine óga gairmeacha ina bhfuil an fás in ioncam níos tapúla. **Deacrachtaí le rochtain ar chreidmheas agus iasachtú** – b'fhéidir go mbeadh sé deacair ag feirmeoirí óga iasachtaí a fháil chun feirmeoireacht a thosú. Ceapann bainc go bhfuil baol ag baint le feirmeoireacht de bharr ioncaim éagobhsaí agus na hiasachtaí móra a theastaíonn chun talamh, beostoc agus innealra a cheannach. Is féidir leis sin daoine óga a chosc ó dhul isteach sa tionscal. **Uaireanta oibre fada agus droch-chothromaíocht oibre is saoil** – tá maidineacha luatha, tráthnónta deireanacha agus obair deireadh seachtaine i gceist le feirmeoireacht, go háirithe ar fheirmeacha déiríochta agus beostoic. Ní bhíonn ach am saor teoranta ann i gcomparáid le go leor gairmeacha eile, rud a chiallaíonn nach bhfuil an stíl mhaireachtála an-tarraingteach. **Ioncaim níos airde agus níos cobhsaí i ngairmeacha eile** – d'fhéadfadh daoine óga níos mó a thuilleamh in earnálacha eile amhail tógáil, teicneolaíocht, oideachas, nó an tseirbhís phoiblí. Cuireann na poist sin pá rialta ar fáil agus dul chun cinn gairme níos soiléire. **Bacainní le comharba /oidhreacht feirme** – tugtar go leor feirmeacha le hoidhreacht i dteaghlaigh. D'fhéadfadh sé bheith deacair do dhaoine óga gan rochtain ar fheirm teaghlaigh dul isteach sa tionscal. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh feirmeoirí níos sine moill a chur ar úinéireacht a aistriú, rud a chuireann bac ar dheiseanna d'iontrálaithe níos óige chuig an earnáil. **Rialacháin / páipéarachas trom** – ní mór d'fheirmeoirí cloí le rialacha AE agus na hÉireann maidir le níotráití, leas ainmhithe, cosaint chomhshaoil, agus sábháilteacht bia. D'fhéadfadh an leibhéal páipéarachais, cigireachtaí agus riachtanais chomhlíontachta daoine óga a dhíspreagadh. **Cumhacht mhargaidh próiseálaithe agus miondíoltóirí móra** – is praghasghlacadóirí iad feirmeoirí agus go minic bíonn cumhacht margála teoranta acu agus iad ag díol le próiseálaithe nó ollmhargaí móra. D'fhéadfadh sé sin praghsanna ag geata na feirme a choinneáil íseal agus corrlaigh bhrabúis a laghdú. **Éiginnteacht maidir le tacaíochtaí talmhaíochta amach anseo** – tacaíonn scéimeanna faoi CAP (An Comhbheartas Talmhaíochta) AE le hioncaim feirme. Cruthaíonn athruithe féideartha ar íocaíochtaí, scéimeanna comhshaoil, nó spriocanna astaíochta éiginnteacht maidir le brabúsacht fadtéarma na feirmeoireachta mar ghairm. **Éilimh fhisiciúla / rioscaí sábháilteachta / aimsir dhothuartha** – baineann saothar láimhe, úsáid innealra trom, agus obair le hainmhithe le feirmeoireacht. Tá an post éilitheach go fisiciúil agus tá baol níos airde ag baint leis i dtaobh timpistí ionad oibre ná go leor gairmeacha eile. D'fheadfadh aimsir dhothuartha táil a laghdú agus ioncam feirme a laghdú, a mhéadaíonn an riosca a bhaineann leis an ngairm. **Aonrú tuaithe / tosca suímh** – is minic a bhíonn feirmeacha lonnaithe i gceantair thuaithe iargúlta. Mar gheall ar rochtain theoranta ar ghníomhaíochtaí sóisialta, seirbhísí, agus deiseanna fostaíochta do pháirtithe, d'fhéadfadh nach mbeadh feirmeoireacht chomh taitneamhach do dhaoine óga.	**2 @ 3**

	(b)	Tá borradh ollmhór faoi na costais ionchuir a bhaineann le heallach le déanaí mar gheall ar ardú suntasach ar chostas bia, leasaithe, breosla agus cógais tréidliachta. Arna chur in oiriúint ón Irish Independent Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí a bhféadfadh an fhorbairt sin tionchar a bheith aici ar **ghnólachtaí eile sa gheilleagar áitiúil** **Praghsanna mairteola méadaithe do thomhaltóirí** – méadaíonn costais ionchuir atá ag ardú costas táirgthe mairteola. D'fhéadfadh próiseálaithe feola agus miondíoltóirí na costais níos airde sin a chur ar aghaidh tríd an slabhra soláthair, agus bheadh praghsanna mairteola níos airde i mbúistéirí agus in ollmhargaí dá bharr. **Corrlaigh bhrabúis laghdaithe do phróiseálaithe feola** – d'fhéadfadh costais mhéadaithe d'fheirmeoirí eallaigh na praghsanna is gá do phróiseálaithe a íoc le feirmeoirí as beostoc a mhéadú. Murar féidir na méaduithe costais sin a chur ar aghaidh go hiomlán chuig miondíoltóirí, laghdófar corrlaigh bhrabúis próiseálaithe. Cuireann sé sin brú airgeadais ar ghnólachtaí próiseála feola. **Gníomhaíocht laghdaithe gheilleagrach sa gheilleagar áitiúil** – is dóchúil go mbeidh ioncaim níos ísle d'fheirmeoirí eallaigh de bharr méaduithe i gcostais ionchuir eallaigh. De bharr ioncaim feirme laghdaithe ní chaitear an oiread ar earraí agus seirbhísí áitiúla. D'fhéadfadh sé freisin an t-éileamh ar shaothar in earnálacha nasctha le feirmeoireacht amhail próiseáil bhia agus seirbhísí innealra a lagú. **Éileamh laghdaithe ar ionchuir feirmeoireachta** – d'fhéadfadh feirmeoirí freagairt do chostais ionchuir mhéadaithe trí níos lú ionchur a úsáid. Bheadh laghdú ar an éileamh ar earraí agus seirbhísí ó sholáthraithe talmhaíochta dá bharr. **Éileamh níos mó ar chreidmheas agus seirbhísí airgeadais** – b'fhéidir go dteastódh rótharraingtí, iasachtaí nó athstruchtúrú airgeadais ó fheirmeoirí ar a bhfuil costais ionchuir mhéadaithe. Méadaíonn sé sin an t-éileamh ar sheirbhísí a sholáthraíonn bainc, comhair chreidmheasa agus cuntasóirí. **Éileamh níos mó ar sheirbhísí comhairleacha feirme** – d'fhéadfadh costais ionchuir atá ag méadú go tapa feirmeoirí a spreagadh chun comhairle a lorg ar chostais a rialú / éifeachtúlacht a fheabhsú. D'fhéadfadh sé sin éileamh ar sheirbhísí a sholáthraíonn comhairleoirí agus sainchomhairleoirí talmhaíochta a mhéadú.	**2 @ 3**

9 Taispeántar sna cairteacha thíos an Olltáirgeacht Intíre (OTI) iomlán ag an Aontas Eorpach (AE) agus ag Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM) in 2008 agus in 2024, tomhaiste i ndollair SAM (trilliúin)



(a) Is é **18.3%** an t-ardú ar OTI san AE idir 2008 agus 2024**.** **6**
Ríomh an t-athrú céatadánach ar OTI do SAM idir 2008 agus 2024.
Taispeáin do chuid oibre ar fad.
Déan trácht ar **an athrú** san fhás geilleagrach idir an dá réigiún.

Obair:

Athrú = $29.2 − $14.8 = $14.4 trilliún

Athrú céatadáin = $\frac{\$14.4 \text{ trilliún}}{\$14.8 \text{ trilliún}} \times 100 = 97.3\%$

Trácht:

- Bhí méadú céatadáin i bhfad níos mó in SAM ar OTI ná mar a bhí san AE idir 2008 agus 2024.
- Mhéadaigh OTI SAM 97.3% idir 2008 agus 2024, i gcomparáid le méadú 18.3% in OTI AE le linn na tréimhse céanna.
- Sháraigh SAM an AE i dtéarmaí OTI foriomlán faoi 2024.
  Bhí ráta fáis i bhfad níos tapúla ag geilleagar SAM ná mar a bhí ag an AE idir 2008 agus 2024.

	(b)	Ardaíonn na sonraí sna cairteacha thuas údair imní do rialtais an AE ó thaobh an gheilleagair de. Luaigh dhá údar imní ó thaobh an gheilleagair de a ardaíonn na sonraí thuas do rialtais an AE, dar leat. **Fás geilleagrach níos moille i gcoibhneas le SAM** – léiríonn na sonraí gur mhéadaigh OTI AE ag ráta i bhfad níos moille ná OTI SAM le linn na tréimhse. Ardaíonn sé sin imní maidir le feidhmíocht gheilleagrach fadtéarma AE agus a acmhainneacht chun leathnú geilleagrach cothaithe a chothú. **Tionchar geilleagrach domhanda laghdaithe** – de réir mar a fhásann geilleagar SAM níos tapúla agus a éiríonn sé níos mó, d'fhéadfadh tionchar coibhneasta an AE i dtrádáil dhomhanda, margaí airgeadais agus cinnteoireacht gheilleagrach idirnáisiúnta éirí níos laige. **Mealltacht laghdaithe le haghaidh infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI)** – d'fheadfadh sé bheith níos mealltaí mar láthair do ghnólachtaí ilnáisiúnta mar gheall ar fhás geilleagrach níos láidre in SAM. D'fhéadfadh fás níos moille san AE infheistíocht isteach a laghdú, a imríonn tionchar ar fhostaíocht agus ioncaim chánach. **Imní maidir le margadh saothair agus caighdeáin mhaireachtála** – d'fhéadfadh fás geilleagrach níos moille teorainn a chur ar chruthú post san AE. Féadfaidh sé sin fás ioncaim agus feabhsúcháin i gcaighdeáin mhaireachtála do theaghlaigh a mhoilliú. **Brú ar mhaoiniú poiblí agus inbhuanaitheacht fiachais** – is féidir le fás OTI níos laige ioncaim chánach a laghdú do rialtais AE fad is a fhanann an t-éileamh ar chaiteachas poiblí. Mar gheall ar fhás níos moille bíonn sé níos deacra leibhéil fiachais náisiúnta a bhainistiú agus a sheirbhísiú. **Imní maidir le nuálaíocht agus bearnaí teicneolaíochta** – b'fhéidir go léireodh fás eacnamaíoch níos tapúla in SAM feidhmíocht níos láidre in earnálacha ardfháis amhail teicneolaíocht agus tionscail dhigiteacha. Ardaíonn sé sin imní go bhféadfadh an AE titim taobh thiar sa nuálaíocht agus fás táirgiúlachta. **Bearnaí geilleagrach ag fás idir ballstáit AE** – d'fhéadfadh fás níos moille AE foriomlán feidhmíocht mhíchothrom a fholú ar fud tíortha. Bhí fás geilleagrach suntasach i roinnt ballstát in 2025 (e.g. Éire agus an Pholainn) fad is ar éirigh geilleagair eile marbhánta (e.g. an Ghearmáin). D'fhéadfadh difríochtaí den sórt sin bheith ina gcúis le bearnaí ag leathnú in ioncaim, fostaíocht agus caighdeáin mhaireachtála laistigh den AE.	**2 @ 3**
10		Sa léaráid thíos déantar comparáid idir na praghsanna ar earraí agus ar sheirbhísí tomhaltóra ar fud na hEorpa in 2024. Cuirtear praghsanna i láthair mar innéacs leis an meán san AE = 100. Sa chairt thuas taispeántar go raibh an meánphraghas ar earraí agus ar sheirbhísí in Éirinn os cionn 38% níos airde ná an meán san AE in 2024.	

	(a)	Tabhair breac-chuntas ar dhá thionchar eacnamaíochta a bhíonn ag praghsanna níos aired ar gheilleagar na hÉireann. **Laghdaíonn sé cumhacht ceannaigh tomhaltóra** – laghdaíonn praghsanna níos airde luach ceart ioncaim theaghlaigh. Is féidir le tomhaltóirí níos lú earraí agus seirbhísí a cheannach, a laghdaíonn éileamh tomhaltóra i ngeilleagar na hÉireann. **Laghdaítear luach ceart coigilteas** – creimeann praghsanna níos airde cumhacht ceannaigh an airgid a choinnítear i gcoigilteas nuair a sháraíonn an ráta boilscithe rátaí úis. Díspreagann sé sin coigilteas agus laghdaíonn sé saibhreas airgeadais teaghlaigh. **Laghdaítear ualach ceart fiachais** – laghdaíonn boilsciú luach ceart aisíocaíochtaí iasachta nuair a bhíonn rátaí úis seasta (e.g. morgáistí le ráta úis seasta). Dá bharr sin, bíonn sé níos éasca an fiachas a aisíoc. **Méadaítear éilimh phá / costais saothair** – b'fhéidir go mbeadh oibrithe ag lorg méaduithe pá mar chúiteamh chun caighdeáin mhaireachtála a chothabháil de bharr praghsanna ag ardú. Méadaíonn sé sin costais lucht saothair do ghnólachtaí agus d'fhéadfadh sé leibhéil bhrabúis a laghdú. **Lagaítear iomaíochas idirnáisiúnta** – b'fhéidir go mbeadh praghsanna dúchasacha níos airde ar earraí agus seirbhísí na hÉireann i gcoibhneas leo siúd a tháirgtear i dtíortha eile. Laghdaíonn sé sin iomaíochas easpórtála na hÉireann / laghdaíonn sé suíomh chomhardú íocaíochtaí na hÉireann. **Laghdaítear leibhéil turasóireachta** – bíonn Éire ina ceann scríbe níos costasaí do chuairteoirí eachtracha. D'fhéadfadh praghsanna níos airde lóistín, bia agus seirbhísí sreabhadh isteach turasóireachta agus ioncam lena mbaineann a laghdú. **Méadaíonn sé caiteachas rialtais** – d'fhéadfadh praghsanna níos airde bheith ina gcúis le caiteachas rialtais níos mó ar íocaíochta leasa shóisialaigh innéacsaithe, pá na hearnála poiblí, agus tacaíochtaí sóisialta níos leithne. **Méadaíonn sé brú ar chorrlaigh bhrabúis ghnólachtaí** – d'fhéadfadh costais oibriúcháin níos airde bheith ar ghnólachtaí (e.g. fuinneamh, cíos). Murar féidir iad sin a chur ar aghaidh go hiomlán chuig tomhaltóirí, laghdófar corrlaigh bhrabúis. **Méadaítear ionchais bhoilscithe** – d'fhéadfadh praghsanna arda comhsheasmhacha bheith ina gcúis go mbeadh teaghlaigh agus gnólachtaí ag súil le tuilleadh boilscithe. Bíonn tionchar aige sin ar idirbheartaíochtaí pá agus iompar cinneadh praghsanna. **Infheistíocht laghdaithe dúchais** – d'fhéadfadh costais níos airde agus éiginnteacht eacnamaíoch gnólachtaí a dhíspreagadh ó leathnú / infheistíocht chaipitil **Méadaítear éagothroime ioncaim** – bíonn tionchar díréireach ag boilsciú ar theaghlaigh ar ioncam íseal a chaitheann cion mór dá n-ioncam ar earraí agus seirbhísí ríthábhachtacha / riachtanacha. Dá bhrí sin, laghdaíonn a bhfíorchaighdeáin mhaireachtála níos mó ná teaghlaigh le hioncam ard. **Costais riaracháin / phraghsála mhéadaithe do ghnólachtaí** – de bharr boilsciú leanúnach b'fhéidir go mbeadh ar ghnólachtaí a bpraghsanna a athrú níos minice. Cruthaíonn sé sin costais bhreise amhail biachlár a athphriontáil, praghasliostaí a nuashonrú, agus lipéid a athrú.	**2 @ 3**

	(b)	Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí **nach dtéann ardú i bpraghsanna bia i bhfeidhm ar gach aon tomhaltóir ar an mbealach céanna**. **Bíonn an cion d'ioncam a chaitear ar bhia éagsúil / Dlí Engel** – caitheann teaghlaigh le hioncam níos ísle cion níos airde dá n-ioncam ar bhia. Dá bhrí sin cuireann praghsanna bia atá ag éirí ualach airgeadais níos mó orthu i gcomparáid le teaghlaigh le hioncaim níos airde. **Leochaileacht ioncaim sheasta** – b'fhéidir nach bhfeicfeadh tomhaltóirí a bhraitheann ar ioncaim sheasta, amhail pinsinéirí, aon ardú láithreach in ioncam de réir mar a ardaíonn praghsanna bia. Bíonn an laghdú ar a gcumhacht ceannaigh níos déine dá bharr sin. **Éagsúlachtaí i méid teaghlaigh** – ceannaíonn teaghlaigh níos mó cainníochtaí níos mó bia. Dá bhrí sin, bíonn méadú foriomlán ar chaiteachas ag teaghlaigh níos mó de bharr praghsanna bia níos airde. **Cumas chun roghanna bia níos saoire a ionadú** – is féidir le roinnt tomhaltóirí aistriú chuig earraí féinbhranda nó bia malartach níos saoire nuair a ardaíonn praghsanna. Ach, níl an oiread céanna solúbthachta ag daoine eile de bharr sainroghanna, infhaighteachta, nó riachtanais chothaitheacha. **Rochtain ar bhulc-cheannach agus miondíoltóirí lascaine** – b'fhéidir go mbeadh teaghlaigh ar ioncaim níos airde in ann ceannach i mbulc nó taisteal chuig ollmhargaí ísealchostais. B'fhéidir nach mbeadh iompar ná sreabhadh airgid ag tomhaltóirí ar ioncam níos ísle chun leas a bhaint as coigilteas den sórt sin. **Difríochtaí praghais uirbeacha i gcoinne tuaithe** – b'fhéidir go mbeadh praghsanna níos airde bia roimh thomhaltóirí i gceantair thuaithe nó iargúlta de bharr costais iompair agus níos lú asraonta miondíola. Dá bhrí sin, bíonn tionchar níos déine ag méaduithe praghais orthu. **Riachtanais aiste bia agus leighis** – b'fhéidir go mbeadh cumas teoranta ag tomhaltóirí ar a bhfuil ailléirgí, éadulaingt, nó riachtanais aiste bia leighis aistriú chuig roghanna bia níos saoire. Fágann sé sin iad nochta do mhéaduithe praghais. **Brath ar chúnamh nó fóirdheontais bhia** – b'fhéidir go mbeadh cosaint áirithe ag teaghlaigh a fhaigheann tacaíochtaí amhail cláir bhéile scoile ó phraghsanna bia atá ag ardú, ach is gá do thomhaltóirí nach bhfuil incháilithe tionchar iomlán na méaduithe costais a iompar.	**2 @ 3**

ROINN B (300 Marc)

Ceist 11

		Freagraí Féideartha	Marc
(a)		Sa chairt thíos taispeántar céatadán na ndaoine in Éirinn a ghlac páirt i spórt le linn na seacht lá roimhe sin in 2023 agus in 2024. 	
	(i)	Mol beart amháin a d'fhéadfadh **údaráis áitiúla in Éirinn** a dhéanamh chun cabhrú leis an ráta rannpháirtíochta sa spórt a ardú dóibh siúd in aois 45 agus os a chionn. **Rochtain ar ionaid fóillíochta a fhóirdheonú** – táillí ballraíochta laghdaithe, lascainí seachbhuaice nó scéimeanna iontrála saor in aisce dóibh siúd os cionn 45 bliain d'aois chun costas airgeadais na rannpháirtíochta a laghdú **Infheistiú i mbonneagar spóirt / áineasa aoisbháúil** – d'fhéadfadh údaráis áitiúla rianta siúil, giomnáisiam allamuigh, linnte snámha, spásanna aclaíochta le tionchar íseal, glasbhealaí, cosáin, agus lánaí rothair dea-shoilsithe a fhorbairt. D'fhéadfaí imní gortaithe a laghdú trí thimpeallachtaí sábháilte agus inrochtana a leathnú. **Cláir phobail struchtúrtha a eagrú** – d'fhéadfadh údaráis áitiúla tionscnaimh a reáchtáil amhail grúpaí siúil, cláir tolg chuig 5k nó ranganna aeróbaice uisce. D'fhéadfadh socruithe struchtúrtha agus sóisialta spreagadh a fheabhsú agus bacainní le hiontráil a laghdú. **Maoiniú deontais do chlubanna spóirt áitiúla** – d'fhéadfadh tacaíochtaí airgeadais cabhrú le clubanna áiteanna áineasa a bhunú do rannpháirtithe níos sine. D'fhéadfaí maoiniú a úsáid le haghaidh cóitseála, trealaimh agus cíos áiseanna chun rannpháirtíocht a mhéadú. **Naisc iompair chuig áiseanna spóirt a fheabhsú** – bheadh ionaid fóillíochta agus tailte spóirt níos inrochtana le scéimeanna iompair pobail nó bealaí bus tuaithe feabhsaithe. Laghdódh rochtain níos éasca bacainní tíreolaíocha le rannpháirtíocht. **Feachtais cur chun cinn sláinte poiblí a rith** – d'fhéadfadh tionscnaimh feasachta aird a tharraingt ar thairbhí sláinte fisiciúla agus meabhairshláinte spóirt i dtreo dheireadh an tsaoil. D'fhéadfadh teachtaireachtaí spriocdhírithe athrú iompair a spreagadh i measc daoine fásta éighníomhacha. **Sceidealú solúbtha gníomhaíochtaí a thairiscint** – dá gcuirfí cláir ar fáil i rith an lae nó luath sa tráthnóna bheidís áisiúil dóibh siúd a bhfuil freagrachtaí oibre agus / nó cúraim orthu. Seans go méadódh solúbthacht den sórt sin rannpháirtíocht mharthanach. **Dul i bpáirtíocht le grúpaí ionaid oibre / pobail** – d'fhéadfadh comhoibriú le fostóirí agus grúpaí pobail tionscnaimh aclaíochta lár an tsaoil a chur chun cinn, e.g. sraitheanna spóirt eagraithe, cláir folláine, gníomhaíochtaí fisiciúla Seid na bhFear. **Cóitseálaithe speisialaithe / oilte a chur ar fáil** – chabhródh teagascóirí oilte in aosú gníomhach agus cosc gortaithe le cinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí ionchuimsitheach agus sábháilte.	**6**

	(ii)	Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí a bhfuil buntáistí ann don tsochaí in Éirinn má **ardaítear an rannpháirtíocht sa spórt** i ngach aoisghrúpa **Laghdaítear brú ar an gcóras cúram sláinte** – d'fhéadfadh rannpháirtíocht níos airde i spórt sláinte choirp / leibhéil aclaíochta a fheabhsú ar fud an daonra. D'fhéadfadh sé sin tarlúint tinneas amhail murtall agus galar croí a laghdú, rud a laghdódh brú ar sheirbhísí sláinte phoiblí in Éirinn. **Laghdú féideartha i gcaiteachas cúraim sláinte rialtais** – d'fhéadfadh laghdú i gcaiteachas rialtais ar ospidéil, cógais, agus cúram fadtéarma a bheith mar thoradh ar éileamh laghdaithe ar chóireáil leighis, a cheadódh don rialtas na cistí sin a ath-leithdháileadh do réimsí eile amhail tithíocht, bonneagar, oideachas. **Méadaítear táirgiúlacht saothair** – is iondúil nach dtógann oibrithe níos sláintiúla an oiread laethanta tinnis agus go gcothaíonn siad ardleibhéil fuinnimh ag an obair. D'fhéadfadh sé sin éifeachtúlacht agus aschur ar fud gheilleagar na hÉireann a fheabhsú, rud a rachadh chun tairbhe fostóirí agus leibhéil ioncaim náisiúnta. **Feabhsaítear meabhairshláinte agus folláine** – d'fhéadfadh gníomhaíocht coirp rialta strus, imní, agus dúlagar a laghdú. Dá bharr sin, d'fhéadfadh nach mbeadh an oiread céanna daoine ag brath ar sheirbhísí meabhairshláinte in Éirinn agus go bhfeabhsófaí cáilíocht fhoriomlán na beatha do shaoránaigh. **Laghdaítear iompar frithshóisialta** – d'fhéadfadh spórt bealach struchtúrtha a thabhairt do dhaoine óga, rud a laghdaíonn an seans atá ann go mbeidh siad ag gabháil do choireacht nó do ghníomhaíochtaí frithshóisialta. D'fhéadfadh sé sin costais phóilíneachta agus cheartais a laghdú don Stát. **Neartaítear comhtháthú sóisialta –** d'fhéadfadh rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí spóirt foirne agus pobail caidreamh a chothú agus ceangail a neartú i measc an phobail thar aoisghrúpaí difriúla, go háirithe trí eagraíochtaí cosúil le CLG agus clubanna spóirt áitiúla eile. **Tacaítear leis an tionscal spóirt –** d'fhéadfadh rannpháirtíocht mhéadaithe an t-éileamh a mhéadú ar spórtlanna áitiúla, clubanna spóirt, seirbhísí cóitseála, agus trealamh. Tacaíonn sé sin le fostaíocht agus le gníomhaíocht ghnó in earnáil spóirt agus áineasa na hÉireann. **Cuirtear aosú gníomhach chun cinn –** d'fhéadfadh rannpháirtíocht sa spórt i measc aoisghrúpaí níos sine a gcuid soghluaisteachta agus a gcuid neamhspleáchais a fheabhsú agus laghdófaí an gá a bheadh le seirbhísí cúraim agus le soláthar tithe altranais. **Feabhsaítear feidhmíocht spóirt go náisiúnta –** d'fhéadfadh rannpháirtíocht níos leithne i spórt an linn tallainne atá ar fáil le haghaidh scothspóirt a mhéadú agus feidhmíocht na hÉireann i gcomórtais idirnáisiúnta cosúil leis na Cluichí Oilimpeacha nó i gcomórtais Chorn an Domhain a fheabhsú.	**2 @ 6**

(b)

Tá 1,100 spórtlann agus ionad aclaíochta ag feidhmiú in Éirinn agus tá 750,000 ball acu. Arna chur in oiriúint ó irelandactive.ie

(i) Le cuidiú léaráide atá lipéadaithe go soiléir (na haiseanna san áireamh), mínigh an staid **cothromaíochta gearrthréimhsí** ag spórtlann atá ag feidhmiú in iomaíocht mhonaplach in Éirinn.



Léaráid:

P	C	II	MI	CI	MCh	E	C_1	P_1	C_1	Bonna

12

Míniú:

9

- Tarlaíonn cothromaíocht ag pointe E *nó* léiríonn sé sin leibhéal uasbhrabúis na mballraíochtaí spórtlainne . CI = II. Tá CI ag ardú agus gearrann sé II agus é ag teacht aníos.
- Soláthraíonn an spórtlann C_1.
- Díoltar ballraíochtaí ar phraghas P_1.
- Taispeántar an costas a bhaineann le ballraíochtaí C_1 a sholáthar ag pointe $Cost_1$.
- Ní sholáthraíonn an spórtlann ag an bpointe is ísle den chuar MCh (W), mar sin cuireann sé acmhainní atá gann amú.
- Saothraíonn an spórtlann SNPanna (brabúis osnormálta) toisc gur mó MI (pointe P) ná MCh (pointe C).

	(ii)	Feidhmíonn roinnt spórtlann in Éirinn in iomaíocht olagaplach. Tabhair breac-chuntas ar conas is féidir leis na cúinsí idir **iomaíocht olagaplach** agus **iomaíocht mhonaplach** a bheith éagsúil le chéile do bhaill spórtlainne faoi gach ceann de na ceannteidil seo a leanas: • Rogha spórtlann • Costas ballraíochta i spórtlann Rogha spórtlann: **Níos lú soláthraithe spórtlainne in olagaplachtaí –** feidhmíonn líon beag spórtlanna ceannasacha in iomaíocht olagaplach. Ní thugann sé sin an oiread spórtlann do dhaoine le roghnú astu. Tá go leor spórtlann atá faoi úinéireacht neamhspleách a théann in iomaíocht olagaplach, rud a thugann rogha níos leithne soláthraithe spórtlainne do bhaill. **Níos lú éagsúlachta sna háiseanna spórtlainne atá ar fáil in olagaplachtaí –** d'fhéadfadh spórtlanna a fheidhmíonn faoi iomaíocht olagaplach trealamh agus spásanna traenála den chineál céanna a thairiscint. Ciallaíonn sé sinn nach mbíonn an oiread éagsúlachta ag baill sna háiseanna a bhíonn ar fáil. D'fhéadfadh spórtlanna in iomaíocht mhonaplach an rogha trealaimh, ranganna, agus timpeallachtaí traenála a thugann siad do bhaill a mhéadú. Costas ballraíochta i spórtlanna: **Costas méadaithe ballraíochta faoi olagaplacht –** seans go seachnóidh an líon beag soláthraithe spórtlainne ceannasacha atá ag feidhmiú in iomaíocht olagaplach cogaí praghsanna ionsaitheacha. D'fhéadfaí leis sin a gcuid táillí ballraíochta a choinneáil sách ard. Ach d'fhéadfadh láithreacht roinnt mhaith soláthraithe in iomaíocht mhonaplach brú anuas a chur ar phraghsanna chun baill atá íogair ar chostas a mhealladh. **Iomaíocht neamhphraghais mhéadaithe faoi olagaplacht** – d'fhéadfadh spórtlanna in iomaíocht olagaplach dul san iomaíocht trí fhógraíocht, brandáil, áiseanna feabhsaithe, rochtain 24/7 in ionad praghsanna a laghdú. D'fhéadfaí costas na rudaí breise sin a chur ar aghaidh chuig baill na spórtlainne trí tháillí ballraíochta níos airde. Faoi iomaíocht mhonaplach, d'fhéadfadh spórtlanna a bheith ag brath níos mó ar iomaíocht praghsanna chun baill a mhealladh, rud a d'fhéadfadh cuidiú chun costais a choinneáil níos ísle. **Dolúbthacht mhéadaithe praghsanna faoi olagaplacht** – d'fhéadfadh sé nach dtiocfadh athrú ar phraghsanna spórtlainne in iomaíocht olagaplach chomh minic toisc go bhfuil gnólachtaí ag brath ar a chéile agus cáiréiseach faoin bhfreagra a thabharfaidh spórtlanna atá in iomaíocht leo orthu. Ciallaíonn sé sin go mb'fhéidir nach mbeadh an oiread deiseanna ag baill spórtlainne tairbhe a bhaint as laghduithe praghsanna / tairiscintí speisialta. Féadfaidh spórtlanna atá ag feidhmiú in iomaíocht mhonaplach praghsanna a choigeartú faoi shaoirse níos mó mar fhreagairt ar dhálaí an mhargaidh. D'fhéadfadh laghduithe praghsanna níos minice do bhaill leanúint as sin.	**2 @ 4**

(c)	**(i)**	Nuair a bhíonn ioncam seachtainiúil **€400** ag Cian, téann sé chuig an spórtlann **dhá uair sa tseachtain**. Nuair a ardaítear a ioncam go **€500**, téann sé **trí huaire sa tseachtain**. Glac leis go n-íocann Cian ar gach cuairt chuig an spórtlann agus ríomh ioncamleaisteachas an éilimh (YED, sa Bhéarla) ag Cian. **Taispeáin do chuid oibre ar fad** agus mínigh do fhreagra. Obair: $$\frac{\Delta Q}{\Delta Y} \times \frac{Y1 + Y2}{Q1 + Q2}$$ $$\frac{+1}{+100} \times \frac{400 + 500}{2 + 3}$$ Freagra**:** +1.8 Míniú: Sín phlus atá ann phlus mar sin gnáth-earra is ea an t-earra. Tá caidreamh dearfach idir ioncam an tomhaltóra agus an chainníocht a éilítear. Is é 1.8 an luach uimhriúil. Tá an t-éileamh ioncamleaisteach toisc gur mó a YED ná 1. Tá an t-athrú céatadáin sa chainníocht a éilítear níos mó ná an t-athrú céatadáin ar ioncam an tomhaltóra. Earra sóchais is ea an t-earra seo.	**7** **5**

	(ii)	Mhol roinnt polaiteoirí le déanaí gur chóir ballraíocht i spórtlann a chur san áireamh le haghaidh faoiseamh cánach. An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú gur chóir faoiseamh cánach a thabhairt ar bhallraíocht i spórtlann? Cuir do thuairim in iúl thíos le tic (✓) sa bhosca cuí agus cosain do fhreagra AONTAÍM (Ba chóir faoiseamh cánach a thabhairt ar bhallraíocht i spórtlann) **Laghdaítear an brú ar an gcóras cúraim sláinte / Laghdaítear caiteachas an rialtais amach anseo ar chúram sláinte –** spreagfadh costas laghdaithe na mballraíochtaí i spórtlanna rannpháirtíocht níos mó i ngníomhaíocht coirp, rud a d'fhéadfadh an líon tinneas a bhaineann le stíl mhaireachtála a laghdú, cosúil le murtall agus galar croí. Mhaolófaí leis sin an t-éileamh ar sheirbhísí FSS. / De réir na hEagraíochta Domhanda Sláinte, cosnaíonn neamhghníomhaíocht coirp thart ar €1.5 billiún ar Éirinn gach bliain, mar sin d'fhéadfadh rannpháirtíocht mhéadaithe in aclaíocht caiteachas an rialtais ar chúram sláinte amach anseo a laghdú. **Méadaítear táirgiúlacht saothair –** d'fhéadfadh sláinte fhisiciúil fheabhsaithe fostaithe neamhláithreachas a laghdú agus éifeachtúlacht a mhéadú. D'fhéadfadh sé sin aschur agus éifeachtúlacht a mhéadú ar fud gheilleagar na hÉireann. **Tacaítear leis an tionscal spóirt agus áineasa intíre / Spreagtar úsáid éifeachtúil as an acmhainn bhreise i spórtlanna / feabhsaítear an rochtain ar spórtlanna** – d'fhéadfadh costais bhallraíochta laghdaithe tar éis cánach an t-éileamh ar spórtlanna agus ar sheirbhísí aclaíochta a mhéadú. D'fhéadfadh sé sin fostaíocht agus infheistíocht i dtionscal aclaíochta na hÉireann a mhéadú. // Is minic go mbíonn acmhainn neamhúsáidte ag spórtlanna le linn amanna seachbhuaice. D'fhéadfadh praghsanna ballraíochta laghdaithe méadú a chur ar an úsáid a bhaintear as áiseanna atá ann cheana gan gá a bheith le hinfheistíocht nua ón rialtas. Leis sin bhainfí úsáid níos éifeachtúla as acmhainní sa gheilleagar **Feabhsaítear torthaí don mheabhairshláinte** – d'fhéadfadh rannpháirtíocht mhéadaithe in aclaíocht strus, imní agus dúlagar a laghdú agus d'fhéadfadh sé nach mbeifí ag brath chomh mór ar sheirbhísí meabhairshláinte. **Spreagtar aosú gníomhach** – d'fhéadfadh faoiseamh cánach dreasacht a thabhairt d'aoisghrúpaí níos sine a bheith gníomhach go fisiciúil i gcónaí, rud a fheabhsaíonn a gcuid soghluaisteachta agus a gcuid neamhspleáchais agus d'fhéadfaí an gá a bheadh acu le seirbhísí cúraim agus soláthar tithe altranais a laghdú dá réir sin. **Tacaítear le spriocanna náisiúnta maidir le gníomhaíocht coirp** – chuideodh an moladh maidir le faoiseamh cánach leis an rialtas a spriocanna náisiúnta maidir le gníomhaíocht coirp a chomhlíonadh, cosúil le leibhéil rannpháirtíochta a mhéadú faoin bPolasaí Náisiúnta Spóirt. **Ceartaítear na botúin a rinneadh sa mhargadh mar gheall ar sheachtrachtaí dearfacha** – cruthaíonn rannpháirtíocht i spórtlanna seachtrachtaí dearfacha toisc nach amháin go dtairbhíonn an té atá ag dul chuig an spórtlann dóibh ach freisin an tsochaí trí shláinte phoiblí fheabhsaithe. Toisc nach léirítear na tairbhí nó na buntáistí sóisialta i bpraghas ballraíochta spórtlainne, d'fhéadfaí tearcsholáthar a dhéanamh ar an rannpháirtíocht. Bheadh an faoiseamh cánach mar chineál fóirdheontais (cáin Pigou) sa mhéid is go laghdaítear ballraíocht spórtlainne leis agus go spreagann sé rannpháirtíocht níos mó nuair is ann do sheachtrachtaí dearfacha.	**6**

		EASAONTAÍM (Níor chóir faoiseamh cánach a thabhairt ar bhallraíocht i spórtlann)	**NÓ**
		Laghdaítear ioncam cánach an rialtais / Cruthaítear deischostas – le faoiseamh cánach laghdófaí na fáltais ó cháin ioncaim do státchiste na hÉireann. Chruthódh sé sin deischostais trí mhaoiniú atá ar fáil i gcomhair seirbhísí poiblí cosúil le cúram sláinte, oideachas agus bonneagar a laghdú. **Cruthaítear éagothroime sa chóras cánach** – is mó seans atá ann go mbeidh oibrithe ar ioncam níos airde in acmhainn ballraíocht a íoc i spórtlanna agus dóthain cánach a íoc chun tairbhiú d'fhaoiseamh. D'fhéadfadh sé nach mbeadh grúpaí ar ioncam níos ísle mórán níos fearr as in ainneoin bacainní níos mó a bheith os a gcomhair maidir le ballraíocht a ghlacadh. Fágann sé sin gur polasaí cúlchéimnitheach an polasaí atá á mholadh. **Tionchar teoranta ar rannpháirtíocht a mhéadú** – d'fhéadfadh roinnt mhaith ball atá ag an spórtlann cheana féin faoiseamh a fháil gan a gcuid rannpháirtíochta a mhéadú (caillteanas marbhualaigh). Ní ráthaíonn praghsanna ballraíochta laghdaithe go bhfreastalófar go rialta ar an spórtlann, rud a chiallaíonn nach gá go bhfeabhsódh an polasaí leibhéil sláinte go mór ná ní gá go laghdódh sé ach an oiread an t-éileamh ar sheirbhísí cúraim sláinte. **Maoiniú díreach níos éifeachtaí ná faoiseamh cánach** – tacaíonn an faoiseamh cánach le húsáid phríobháideach spórtlainne ar bhonn leathan seachas cistí rialtais a spriocdhíriú i dtreo grúpaí nach bhfuil gníomhach nó atá i mbaol. Trí mhaoiniú a mhéadú do chláir sláinte phoiblí nó do thionscnaimh spóirt sa phobal d'fhéadfaí tuilleadh saoránach a spreagadh le bheith gníomhach. Tá ráta laghdaithe CBL de 9% ag gabháil le ballraíocht i spórtlanna cheana féin, mar sin d'fhéadfadh sé nach ndéanfadh tuilleadh faoiseamh cánach ach tacaíochtaí Stáit atá ann cheana a dhúbailt in ionad rannpháirtíocht a mhéadú. **D'fhéadfadh praghsanna ballraíochta i spórtlanna dul in airde** – d'fhéadfadh spórtlanna praghsanna ballraíochta a mhéadú má mhéadaíonn an t-éileamh de bharr an fhaoisimh chánach, toisc go mbeadh a fhios acu go bhfuil tomhaltóirí ag fáil tacaíocht airgeadais. Laghdódh sé sin an tairbhe a thabharfaí do bhaill agus chuirfí teorainn leis ar éifeachtacht an pholasaí. D'fhéadfadh roinnt den bhuntáiste airgeadais ón bhfaoiseamh cánach carnadh d'oibreoirí spórtlainne seachas do na baill. **Tionchar teoranta i limistéir thuaithe ina bhfuil droch-rochtain ar spórtlanna** – d'fhéadfadh saoránaigh i limistéir thuaithe nach bhfuil an oiread spórtlann iontu níos lú tairbhe a bhaint as an bhfaoiseamh cánach. Cuireann sé sin teorainn le héifeachtacht náisiúnta an pholasaí. **Déantar idirdhealú in aghaidh cineálacha eile aclaíochta** – i gcás saoránaigh a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíocht coirp atá saor in aisce nó ar chostas íseal, cosúil le rith, siúl, nó spórt pobail, ní bhfaighidís aon bhuntáiste cánach in ainneoin iad féin a bheith ag rannchuidiú freisin le sláinte phoiblí fheabhsaithe. **D'fhéadfaí rannpháirtíocht i spórt pobail a chur de dhroim seoil** – ach ballraíochtaí i spórtlanna a fhóirdheonú d'fhéadfaí saoránaigh áirithe a spreagadh imeacht ó spórt deonach nó atá bunaithe sa phobal, i.e. rud a laghdódh an rannpháirtíocht i gclubanna áitiúla. **Cruthaítear costais riaracháin nua** – i gcás ina gcuirfí an faoiseamh cánach i bhfeidhm, bheadh gá le seiceálacha a dhéanamh ar incháilitheacht spórtlainne / chaithfí éilimh a fhíorú, rud a mhéadódh costais riaracháin do na Coimisinéirí Ioncaim agus don rialtas. **D'fhéadfaí brú a chruthú i gcomhair faoiseamh ar ghníomhaíochtaí eile a bhaineann le stíl mhaireachtála** – de thoradh an fhaoisimh chánach do bhallraíochtaí spórtlainne d'fhéadfadh éilimh teacht freisin le haghaidh tacaíochtaí den chineál céanna ar ghníomhaíochtaí áineasa nó folláine eile (e.g. stiúideonna ióga, clubanna gailf, tearmainn folláine, etc.), rud a mhéadódh an brú ar an airgead poiblí.	**6**

	(iii)	Mínigh an téarma praghasleaisteachas an éilimh agus pléigh beart amháin a d'fhéadfadh oibritheoir spórtlainne, agus an tuiscint seo ar PED aici/aige, a dhéanamh chun a n-ioncam iomlán ó chliaint a uasmhéadú. **Praghasleaisteachas an éilimh:** Tagraíonn praghasleaisteachas an éilimh don athrú céatadáin ar an gcainníocht a éilítear ar tháirge a tharlaíonn mar gheall ar an athrú céatadáin ar phraghas an táirge sin. **Praghsanna níos airde a ghearradh má tá an t-éileamh praghas-neamhleaisteach** – má tá an t-éileamh praghas-neamhleaisteach, ba cheart d'oibreoirí spórtlainne praghsanna a ardú (go dtí an pointe go mbeidh an t-éileamh ina éileamh aonadleaisteach). Bheadh an laghdú céatadáin ar an gcainníocht a éilítear níos lú ná an méadú céatadáin ar an bpraghas, rud lena ndéanfaí an t-ioncam iomlán a uasmhéadú. **Praghsanna a laghdú má tá an t-éileamh praghasleaisteach** – má tá an t-éileamh praghasleaisteach, mheallfadh táillí ballraíochta níos ísle tuilleadh cliant ar bhonn comhréireach. Bheadh an méadú ar an gcainníocht a éilítear níos mó ná an laghdú ar an bpraghas, rud lena ndéanfaí an t-ioncam iomlán a uasmhéadú. **A bheith eolach ar infhaighteacht iomaíochta go háitiúil / ionadaithe áitiúla** – má tá go leor spórtlann ag feidhmiú in aice láimhe, beidh éileamh praghasleaisteach níos mó ag an spórtlann, rud a chiallaíonn gur cheart don oibreoir spórtlainne praghsanna a laghdú chun an t-ioncam a uasmhéadú. I limistéir nach bhfuil an oiread roghanna ann, d'fhéadfadh éileamh praghas-neamhleaisteach níos mó a bheith iontu, rud a chiallaíonn gur cheart d'oibreoirí spórtlainne praghsanna a mhéadú (go dtí an pointe go mbeidh an t-éileamh ina éileamh aonadleaisteach) chun ioncam a uasmhéadú. **Buaic-phraghsáil, praghsáil dhinimiciúil / borrphraghsáil a thabhairt isteach** – d'fhéadfadh éileamh praghas-neamhleaisteach níos mó a bheith ann ag buaic-amanna agus praghasleaisteach níos mó a bheith ann le linn tréimhsí níos ciúine. Ach buaic-phraghsanna a mhéadú agus praghsanna seachbhuaice a laghdú bheadh deis ag oibreoirí spórtlainne ioncam a uasmhéadú thar thréimhsí ama éagsúla. **An margadh a dheighilt tríd idirdhealú praghsanna –** d'fhéadfadh luachanna PED a bheith ag grúpaí ball difriúla, e.g. d'fhéadfadh éileamh praghasleaisteach níos mó a bheith ag mic léinn agus ag daoine scothaosta agus d'fhéadfadh éileamh neamhleaisteach praghsanna níos mó a bheith ag gairmithe. Ach praghsanna a laghdú do ghrúpaí ag a bhfuil éileamh praghasleaisteach níos mó agus praghsanna a mhéadú do ghrúpaí ag a bhfuil éileamh neamhleaisteach praghsanna níos mó, thabharfaí deis níos mó d'oibreoirí spórtlainne ioncam a uasmhéadú thar ghrúpaí difriúla ball. **Promóisin ghearrthéarmacha a thabhairt isteach** – d'fhéadfadh tairiscintí tosaigh nó táillí cláraithe laghdaithe tomhaltóirí atá airdeallach ar phraghsanna a mhealladh, daoine ag a bhfuil éileamh praghasleaisteach níos mó. D'fhéadfadh an méadú céatadáin ar uimhreacha ballraíochta a bheith níos mó ná an titim céatadáin ar an bpraghas, rud lena méadaítear an t-ioncam iomlán. D'fhéadfadh roinnt ball nua fanacht tar éis don phromóisean críochnú, rud a mhéadaíonn ioncam go fadtréimhseach. **Seirbhísí a chuachadh chun íogaireacht praghsanna a laghdú –** trí rochtain spórtlainne a chuachadh le ranganna nó le seirbhísí folláine d'fhéadfaí éileamh praghas-neamhleaisteach níos mó a chruthú agus d'fhéadfadh sé deis a thabhairt d'oibreoirí spórtlainne na praghsanna foriomlána a mhéadú chun an t-ioncam a uasmhéadú. **Dílseacht Bhranda a fhorbairt trí chonarthaí ballraíochta fadtéarmacha –** d'fhéadfadh úsáideoirí rialta spórtlainne dílseacht bhranda a fhorbairt agus éileamh praghas-neamhleaisteachas níos mó a bheith acu toisc gur lú seans atá ann go n-aistreoidh siad ó spórtlann amháin go spórtlann eile. Cuireann conarthaí fadtéarmacha baill faoi cheangal in íocaíochtaí ráthaithe, rud a fhágann nach bhfuil a n-éileamh chomh freagrúil d'athruithe praghsanna agus cuidíonn sé chun an t-ioncam iomlán a uasmhéadú.	**10**

Ceist 12			
		Freagraí Féideartha	**Marc**
(a)		Sa chairt thíos taispeántar luach iompórtálacha earraí iomlána agus luach easpórtálacha earraí iomlána na hÉireann do Bhealtaine 2024 & do Bhealtaine 2025.  	
	(i)	**Bain úsáid as na sonraí ón gcairt thuas** agus tabhair breac-chuntas ar an treocht fhoriomlán sa luach ar iomlán earraí iompórtála **nó** sa luach ar iomlán earraí easpórtála na hÉireann do Bhealtaine 2024 agus do Bhealtaine 2025. Treocht – Iomlán earraí iompórtála: Tháinig laghdú ar luach iomlán earraí iompórtála na hÉireann ó €11,041m i mBealtaine 2024 go dtí €10,745m i mBealtaine 2025. Sin laghdú bliantúil €296m / 2.7% ar luach iomlán earraí iompórtála. Léiríonn na sonraí meath beag ar luach earraí iompórtála na hÉireann idir an dá phointe tagartha. Treocht – Iomlán earraí easpórtála Tháinig méadú ar luach iomlán earraí easpórtála na hÉireann ó €18,039m i mBealtaine 2024 go dtí €23,333m i mBealtaine 2025. Sin méadú bliantúil €5,294m / 29.3% ar luach iomlán earraí easpórtála. Léiríonn na sonraí méadú suntasach ar luach earraí easpórtála na hÉireann idir an dá phointe tagartha. Tharla an chuid is mó den mhéadú ar luachanna easpórtálacha mar gheall ar chuideachtaí cógaisíochta in Éirinn a chuir dlús le heaspórtáil earraí chuig na Stáit Aontaithe sular tháinig taraifí nua na Stát Aontaithe a rabhthas ag súil leo ar earraí AE i bhfeidhm.	**4**
	(ii)	Cé acu buntáistí nó dúshláin do gheilleagar na hÉireann a thagann leis na hathruithe a thaispeántar sa chairt thuas, dar leat? Cuir do thuairim in iúl thíos le tic (✓) sa bhosca cuí agus cosain do fhreagra. Buntáiste eacnamaíochta: **Méadú ar ioncam náisiúnta / fás geilleagrach / OTI** – Is inteilgean isteach sa sreabhadh ciorclach ioncaim iad easpórtálacha. Leis an mborradh atá tagtha ar luachanna easpórtálacha, méadaítear OTI na hÉireann agus tacaítear leis an bhfás geilleagrach foriomlán.	**8**

Méadaítear an barrachas trádála (earraí) – mhéadaigh easpórtálacha méadaithe mar aon le hiompórtálacha laghdaithe barrachas trádála na hÉireann in earraí. Cuireann sé sin feabhas ar chomhardú na trádála in earraí na hÉireann. Tá Éire ag tuilleamh níos mó ó easpórtálacha ná mar atá sí ag caitheamh ar iompórtálacha, rud atá dearfach do gheilleagar na hÉireann.

Cruthaítear fostaíocht agus méadaítear ioncaim – Tacaíonn feidhmíocht easpórtála fheabhsaithe na hÉireann, go háirithe i réimse na cógaisíochta, le fostaíocht ardoilte i ndéantúsaíocht MNC, T&F, lóistíocht, a mhéadaíonn ioncam teaghlaigh.

Méadaítear ioncam cánach an rialtais – méadaíonn díolacháin easpórtálacha méadaithe MNCanna brabúis cuideachta, as a dtagann ioncam níos airde ó cháin chorparáide don Stát. Féadfaidh siad borradh a chur faoi cháin ioncaim, CBL agus ioncaim ÁSPC de réir mar a fhásann fostaíocht agus gníomhaíocht gheilleagrach, rud a chabhraíonn leis an rialtas seirbhísí poiblí a mhaoiniú ar bhealach níos fearr.

Méadaítear cáil idirnáisiúnta na hÉireann – léiríonn luachanna easpórtála méadaithe éileamh leanúnach domhanda ar earraí ó Éirinn. Treisíonn sé sin cáil na hÉireann mar gheilleagar iomaíoch bunaithe ar easpórtáil.

Spreagtar tuilleadh infheistíochta dírí eachtraí – treisíonn feidhmíocht easpórtálacha fheabhsaithe tarraingteacht na hÉireann mar shuíomh d'infheistíocht ilnáisiúnta, rud a thacaíonn le cruthú post agus le fás geilleagrach amach anseo.

Ionadú ar iompórtálacha – d'fhéadfadh sé go gciallódh iompórtálacha laghdaithe go bhfuil níos mó earraí á dtáirgeadh ag níos mó gnólachtaí intíre / go bhfuil siad ag gabháil d'ionadú méadaithe ar iompórtálacha.

Dúshlán eacnamaíochta:

Róspleáchas ar easpórtálacha cógaisíochta – Tá earnáil amháin mar chúis le cuid mhór den bhorradh easpórtála. Fágann sé sin go bhfuil Éire leochaileach ó thaobh an gheilleagair de i leith preaba ag baint le hearnáil shonrach amhail aillte paitinne, athruithe ar rialúchán, nó laghdú ar an éileamh domhanda.

Neamhchosaint ar bheartas trádála na Stát Aontaithe – Léirítear spleáchas na hÉireann ar mhargadh na Stát Aontaithe le tús-ualú easpórtálacha roimh tharaifí beartaithe na Stát Aontaithe. D'fhéadfadh taraifí amach anseo éileamh agus iomaíochas easpórtálacha na hÉireann a laghdú.

Méadaítear spleáchas ar ioncam cánach ilnáisiúnta – Fágann spleáchas trom na hÉireann ar cháin chorparáide ó líon beag cuideachtaí ilnáisiúnta easpórtála go bhfuil airgeadas rialtais i mbaol má thagann laghdú ar bhrabúis easpórtálacha.

Fágann brabúis MNC Éire – is MNCanna faoi úinéireacht eachtrach iad na honnmhaireoirí is mó in Éirinn. Déantar sciar de na brabúis a thuilleann siad a chur ar ais chuig a dtír dhúchais / a sheoladh ar ais chuig a máthairchomhlachtaí thar lear, rud a chiallaíonn nach bhfanann gach tuilleamh easpórtála sa gheilleagar.

Nochtar athruithe ar rátaí malairte – toisc go mbítear ag brath go mór ar easpórtálacha, bíonn Éire níos neamhchosanta ar luaineachtaí sa ráta malairte. Má neartaíonn an euro i gcoinne dhollar na Stát Aontaithe, éiríonn easpórtálacha na hÉireann níos costasaí i margaí na Stát Aontaithe, rud a d'fhéadfadh an t-éileamh ar earraí Éireannacha a laghdú agus iad a dhéanamh níos neamhiomaíche – rud a chuireann leis na héifeachtaí diúltacha a bhíonn ag taraifí na Stát Aontaithe ar easpórtálacha na hÉireann.

D'fhéadfadh laghdú ar iompórtálacha éileamh intíre níos laige a léiriú – d'fhéadfadh laghdú ar luachanna iompórtála earraí caiteachas laghdaithe tomhaltóirí nó gnólachtaí in Éirinn a léiriú. Is féidir le héileamh intíre níos ísle moill a chur ar fhás geilleagrach / gníomhaíocht ghnó in Éirinn a laghdú.

Figiúirí easpórtála luaineach – d'fhéadfadh borradh sealadach ar easpórtálacha, amhail tús-ualú a bhaineann le taraifí, sonraí trádála a shaobhadh agus feidhmíocht gheilleagrach na hÉireann a dhéanamh níos láidre ná mar atá sí san fhadtéarma.

	(iii)	Tá rabhadh tugtha ag an gCoimisiún Eorpach don tSín nach gcuirfidh an tAontas Eorpach suas le feithiclí leictreacha Síneacha a bheith á "ndumpáil" san AE. Arna chur in oiriúint ó the Irish Times Mínigh an tuiscint atá agat an téarma eacnamaíochta **dumpáil** sa trádáil idirnáisiúnta **Dumpáil:** Tagraíonn dumpáil do ghnólacht easpórtála a dhíolann táirge i margadh eachtrach ar phraghas níos ísle ná an praghas atá á ghearradh aige ina mhargadh intíre / faoi bhun a chostais táirgthe / ar phraghas neamheacnamaíoch.	**6**
(b)		Tháinig comhaontú trádála i bhfeidhm idir an tAontas Eorpach (AE) agus na Stáit Aontaithe (SAM) i mí Lúnasa 2025, inar chuir SAM taraif 15% ar fhormhór earraí an AE.	
	(i)	Mínigh cad a thuigeann tú leis an téarma eacnamaíochta **taraif**. **Taraif:** Tagraíonn taraif do cháin / dleacht chustaim a fhorchuireann rialtas ar earraí iompórtáilte nuair a thagann siad isteach sa tír. Méadaíonn sé praghas na n-iompórtálacha agus fágann sé nach bhfuil siad chomh hiomaíoch/tarraingteach céanna i gcomparáid le hearraí a tháirgtear sa bhaile.	**6**
	(ii)	Tabhair breac-chuntas ar dhá impleacht eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann d'easpórtálaithe Éireannacha i margadh na Stát Aontaithe tar éis don taraif 15% teacht i bhfeidhm ar fhormhór earraí an AE**.** **Brabúis laghdaithe / Éileamh laghdaithe ar easpórtálacha / Caillteanas conarthaí** – méadaíonn an taraif 15% praghas earraí Éireannacha sna Stáit Aontaithe, rud a fhágann nach bhfuil siad chomh hiomaíoch céanna i gcomparáid le táirgeoirí SAM (agus onnmhaireoirí ó thíortha a bhfuil taraifí níos ísle rompu). D'fhéadfadh sé sin an t-éileamh ar easpórtálacha na hÉireann a laghdú agus díolacháin easpórtálacha laghdaithe / sciar laghdaithe den mhargadh / caillteanas conarthaí seanbhunaithe i margadh na Stát Aontaithe a bheith mar thoradh air. **Brúnna costais méadaithe / Iomaíochas praghsanna laghdaithe** – féadfaidh onnmhaireoirí cuid den taraif a ionsú trína bpraghas easpórtála réamh-tharaife a laghdú chun leanúint de bheith iomaíoch. Laghdaíonn sé sin corrlaigh bhrabúis agus d'fhéadfadh sé iallach a chur ar ghnólachtaí costais táirgthe a laghdú. Trí chostais saothair a laghdú nó ionchuir níos saoire a aimsiú, d'fhéadfaí cáilíocht táirgí a laghdú. **Infheistíocht / fairsingiú laghdaithe ag onnmhaireoirí** – le brabúsacht laghdaithe agus éiginnteacht i margadh na Stát Aontaithe, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh roinnt gnólachtaí easpórtála moill ar infheistíocht chaipitil, ar thaighde agus ar fhorbairt, nó ar phleananna le haghaidh leathnú, nó go gcuirfidís siar iad. **Atreorú ó mhargadh na Stát Aontaithe** – d'fhéadfadh éileamh laghdaithe sna Stáit Aontaithe iallach a chur ar roinnt onnmhaireoirí Éireannacha earraí a atreorú chuig margaí idirnáisiúnta malartacha chun díolacháin a choinneáil, rud a bhféadfadh costais bhreise mhargaíochta agus dáileacháin a bheith i gceist leis. **Dreasachtaí chun táirgeadh a athlonnú / Garbhunú** – d'fhéadfadh roinnt onnmhaireoirí ilnáisiúnta smaoineamh ar tháirgeadh a aistriú níos gaire do mhargadh na Stát Aontaithe chun taraifí a sheachaint. Laghdódh sé sin gníomhaíocht easpórtála na hÉireann amach anseo.	**2 @ 6**

		Faoi mhíbhuntáiste taraife i gcomparáid le táirgeoirí i dTuaisceart Éireann – tá buntáiste praghais ag gnólachtaí a easpórtálann chuig na Stáit Aontaithe ó Thuaisceart Éireann toisc go bhfuil taraif níos ísle acu sna Stáit Aontaithe (10%) ná mar atá ag earraí ón AE (15%). Fágann sé sin nach bhfuil easpórtálacha ón bPoblacht chomh hiomaíoch céanna, go háirithe i bhfianaise ghaireacht na dtáirgeoirí ar an oileán. D'fhéadfadh sé go bhfágfadh éascaíocht na trádála trasteorann go n-aistreofaí gníomhaíocht easpórtála nó táirgeadh ón bPoblacht go Tuaisceart Éireann chun tairbhe a bhaint as an taraif níos ísle. **Costais mhéadaithe riaracháin agus chomhlíonta** – is minic a bhíonn nósanna imeachta custaim, cáipéisíocht agus ceanglais rialála ag gabháil le taraifí, rud a chuireann leis an gcostas agus leis an gcastacht a bhaineann le heaspórtáil chuig na Stáit Aontaithe. **Brúnna méadaithe ar shreabhadh airgid** – ní mór d'onnmhaireoirí taraifí a íoc ag custaim na Stát Aontaithe sula bhfaighidh siad íocaíocht ó cheannaitheoirí, rud a d'fhéadfadh brú airgeadais gearrthéarmach a chruthú. **Barainneachtaí scála laghdaithe** – d'fhéadfadh méideanna easpórtála níos ísle chuig na Stáit Aontaithe leibhéil aschuir gnólachtaí a laghdú. Méadaíonn sé sin a meánchostais táirgthe de réir mar a thagann laghdú ar bharainneachtaí scála.	
	(iii)	Tabhair breac-chuntas ar thairbhe eacnamaíochta amháin agus ar dhúshlán eacnamaíochta amháin do thír ar bith a ghlacann páirt i **gcosantas** (caomhnaitheacht) **trádála** Tairbhe eacnamaíochta amháin: **Cuidítear le fostaíocht intíre a chosaint** – laghdaíonn taraifí nó cuótaí iompórtálacha, rud a mhéadaíonn an t-éileamh ar earraí a tháirgtear sa mhargadh intíre. Tacaíonn sé sin le haschur intíre agus cuidíonn sé le poist a chosaint i dtionscail áitiúla. **Cosnaítear naíthionscail** – d'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair ar thionscail nua nó ar thionscail atá i mbéal forbartha dul in iomaíocht le gnólachtaí eachtracha seanbhunaithe. Tugann cosaint shealadach am dóibh fás, barainneachtaí scála a bhaint amach, agus a bheith iomaíoch. **Cuirtear cosc ar dhumpáil agus ar iomaíocht éagothrom** – is féidir le bearta cosantacha cosc a chur ar ghnólachtaí eachtracha earraí a dhíol faoi bhun an phraghais costais nó faoi bhun praghsanna intíre, rud a chosnaíonn gnólachtaí intíre ó bheith tiomáinte amach as an margadh. **Feabhsaítear comhardú na trádála** – laghdaítear luach na n-earraí a cheannaítear ón gcoigríoch trí iompórtálacha a laghdú, rud a chuireann feabhas ar chomhardú na trádála. **Laghdaítear sceitheadh ón sreabhadh ciorclach ioncaim** – nuair a cheannaíonn tomhaltóirí iompórtálacha, fágann an t-ioncam an geilleagar intíre i bhfabhar an gheilleagair a cheannaítear uaidh. Laghdaíonn caomhnaitheacht trádála iompórtálacha, rud a chiallaíonn go bhfanann níos mó caiteachais laistigh den sreabhadh ciorclach agus tacaíonn sé le hioncam intíre. **Méadaítear ioncam an rialtais** – gineann taraifí ioncam cánach don rialtas, ioncam is féidir a úsáid chun seirbhísí poiblí a mhaoiniú, fiachas náisiúnta a laghdú, etc. **Laghdaítear spleáchas ar iompórtálacha / Cosnaítear slándáil an tsoláthair** – d'fhéadfadh an chaomhnaitheacht an táirgeadh intíre a mhéadú, rud a d'fhágfadh nach mbeadh tír chomh spleách céanna ar sholáthróirí eachtracha le haghaidh earraí riachtanacha amhail bia, fuinneamh nó soláthairtí leighis. Cuidíonn sé sin le leanúnachas an tsoláthair a áirithiú le linn géarchéimeanna idirnáisiúnta, e.g. suaitheadh fuinnimh tar éis an Chogaidh san Úcráin / ganntanais dhomhanda soláthairtí leighis le linn *COVID19.* **Féadtar damáiste don chomhshaol a laghdú** – d'fhéadfadh laghdú ar iompórtálacha astaíochtaí iompair agus truailliú a bhaineann le loingseoireacht agus lóistíocht idirnáisiúnta a laghdú.	**6**

		Dúshlán eacnamaíochta amháin:	6
		Praghsanna níos airde do thomhaltóirí – méadaíonn taraifí praghas earraí iompórtáilte gan aon fheabhas suntasach ar na táirgí, agus cuireann iomaíocht laghdaithe ar chumas gnólachtaí intíre praghsanna a mhéadú. **Laghdaítear rogha na dtomhaltóirí** – cuireann srianta ar iompórtálacha teorainn le raon na n-earraí eachtracha atá ar fáil do thomhaltóirí. Laghdaíonn sé sin meon / sásamh tomhaltóirí agus caighdeáin maireachtála. **Costais ionchuir mhéadaithe do ghnólachtaí intíre** – méadaíonn taraifí ar amhábhair nó comhpháirteanna iompórtáilte costais táirgthe. D'fhéadfadh sé sin brabúsacht a laghdú nó iallach a chur ar ghnólachtaí praghsanna a mhéadú, rud a d'fhágfadh nach mbeidís chomh hiomaíoch céanna. **Riosca frithbhirt (cogaí trádála) / Laghdaítear iomaíochas easpórtála** – féadfaidh tíortha eile taraifí a fhorchur mar fhreagairt ar bhearta cosantacha. Fágann sé sin go bhfuil easpórtálacha intíre níos costasaí thar lear, rud a laghdaíonn iomaíochas agus éileamh easpórtálacha, agus a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hiargúltacht gheilleagrach mhéadaitheach. **Méadaítear gníomhaíochtaí sa gheilleagar folaithe** – cruthaíonn taraifí arda dreasachtaí chun bacainní trádála a sheachaint go neamhdhleathach. Laghdaíonn sé sin ioncam ó tharaifí rialtais agus cruthaíonn sé iomaíocht éagothrom do ghnólachtaí dlisteanacha intíre. **Laghdaítear fás geilleagrach** – d'fhéadfadh leibhéil laghdaithe trádála agus éifeachtúlachta moill a chur ar fhás OTI agus dochar a dhéanamh do dheiseanna fostaíochta. **Laghdaítear nuálaíocht agus éifeachtúlacht** – is lú an iomaíocht eachtrach a bhíonn roimh ghnólachtaí intíre faoi chosaint, rud a laghdaíonn a ndreasachtaí chun nuáil a dhéanamh, infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus i bhforbairt, nó éifeachtúlacht a fheabhsú. **Laghdaítear barainneachtaí scála** – cuireann an chaomhnaitheacht teorainn leis an rochtain ar mhargaí idirnáisiúnta agus d'fhéadfadh sí deiseanna easpórtála a laghdú. Méadaíonn leibhéil laghdaithe aschuir meánchostais táirgthe de réir mar a chailleann gnólachtaí na tairbhí a bhaineann le táirgeadh ar mhórscála / barainneachtaí scála. **Mí-leithdháiltear acmhainní** – d'fhéadfadh an chaomhnaitheacht gnólachtaí intíre neamhéifeachtúla a choinneáil i bhfeidhm agus cosc a chur ar shaothar agus ar chaipiteal bogadh chuig tionscail níos táirgiúla.	

(c)

Sa ghrafaic thíos taispeántar na hocht bpríomhthír ar domhan a tháirgeann ola in 2024



(i)

Úsáid na sonraí thuas agus ríomh an **comhsciar** céatadánach d'aschur ola iomlán an domhain (102.8m bairille) atá ag **na trí tháirgeoir is mó** in 2024.

Taispeáin do chuid oibre ar fad.

Tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhéadfadh an comhchruinniú seo de tháirgeadh tionchar a imirt ar phraghsanna domhanda na hola.

7

Obair:

- Méid iomlán na mbairillí / an lae ó na trí tháirgeoir is mó

22.7m (SAM) + 10.7m (an Araib Shádach) + 10.5m (an Rúis) = 43.9m bairillí/an lae

- Táirgeadh iomlán an domhain = 102.8 m bairillí/an lae
- Ríomh na scaire céatadáin

$$\frac{43.9\text{m}}{102.8\text{m}} \times 100$$
$$= 0.427 \times 100$$

Freagra: 42.7%

4

Tionchar ar phraghsanna domhanda na hola:

Comhordú cairtéil – d'fhéadfadh roinnt táirgeoirí móra a n-aschur a chomhordú go foirmiúil nó go neamhfhoirmiúil chun tionchar a imirt ar sholáthar domhanda ola agus/nó ar phraghsanna, e.g. tagann comhaltaí OPEC+ (lena n-áirítear an Araib Shádach agus an Rúis) ar chomhaontú maidir le cuótaí nó ciorruithe chun an soláthar a bhainistiú agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar phraghsanna as a n-eascraíonn praghsanna níos airde / athraitheach.

Tionchar an tsoláthair – le beagnach 43% den aschur domhanda, is ionann na trí tháirgeoir is mó agus sciar mór de tháirgeadh ola domhanda. Tugann sé sin tionchar suntasach dóibh ar phraghsanna ola domhanda, mar is féidir le hathruithe beaga ar a n-aschur tionchar díreach a imirt ar sholáthar agus ar phraghsanna domhanda.

Suaití eachtracha -d'fhéadfadh teannas geopholaitiúil, smachtbhannaí, nó coinbhleacht a bhaineann le mórtháirgeoirí (e.g. sa Mheánoirthear nó sa Rúis) cur isteach ar an soláthar ola domhanda, agus is minic nach mbíonn ach líon teoranta soláthróirí malartacha ar fáil láithreach. Is iondúil go mbíonn méaduithe géara ar phraghsanna ola domhanda mar thoradh air sin, mar shampla an choinbhleacht idir na Stáit Aontaithe/Iosrael/an Iaráin i mí an Mhárta 2026.

Acmhainneacht bhreise – d'fhéadfadh mórtháirgeoirí ola a bhfuil acmhainneacht bhreise acu (an Araib Shádach go háirithe) aschur a mhéadú le linn ganntanais dhomhanda, rud a d'fhéadfadh cabhrú le praghsanna ola domhanda a chobhsú nó a mhaolú.

	(ii)	De réir na hInstitiúide Fuinnimh, bhain breoslaí iontaise le 81.4% den ídiú iomlán fuinnimh in Éirinn in 2024, méadú 0.7% ar fhigiúr 2023. Cén idirghabháil rialtais ab éifeachtaí chun úsáid breoslaí iontaise in Éirinn a laghdú,dar leat? • **Rogha A** — Ardú bliantúil níos mó i gcáin charbóin. • **Rogha B** — Fóirdheontais do roghanna eile fuinnimh in-athnuaite (e.g. insliú tithe, teaschaidéil, painéil ghréine, feithiclí leictreacha, etc.) Cuir do thuairim in iúl thíos le tic (✓) sa bhosca cuí agus cosain do fhreagra. Rogha A (ardú bliantúil níos mó i gcáin charbóin) **Laghdaítear go díreach an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise** – méadaíonn méadú ar an gcáin charbóin praghas breoslaí iontaise amhail peitreal, díosal agus ola téimh tí. Díspreagann praghsanna méadaithe tomhaltas agus bíonn crapadh ar an gcainníocht a éilítear mar thoradh orthu. Mar thoradh air sin, bíonn laghdú láithreach ar úsáid breoslaí iontaise ar fud teaghlach agus gnólachtaí. D'fhéadfadh an t-éileamh a bheith sách neamhleaisteach ó thaobh praghsanna de sa ghearrthéarma toisc nach féidir le teaghlaigh a bhfoinse fuinnimh a athrú go héasca. Mar sin féin, san fhadtéarma, is féidir le tomhaltóirí agus gnólachtaí oiriúnú trí infheistíocht a dhéanamh i roghanna malartacha in-athnuaite, rud a mhéadódh éifeachtacht na cánach carbóin. **Léirítear an fíorchostas sóisialta / teip margaidh** – gineann tomhaltas breosla iontaise seachtrachtaí diúltacha amhail astaíochtaí carbóin agus an t-athrú aeráide. Ní chuirtear truailliú san áireamh i bpraghas na dtáirgí, mar sin déantar an iomarca den táirge a tháirgeadh agus a úsáid. D'áireofaí cáin charbóin níos airde costais shóisialta den sórt sin i bpraghas an mhargaidh agus chuirfí iallach ar thomhaltóirí agus ar ghnólachtaí fíorchostas sóisialta an truaillithe a íoc. Spreagann sé sin úsáid laghdaithe breoslaí iontaise agus iompraíocht níos freagraí. **Dreasacht infheistíochta do ghnólachtaí** – d'fhéadfadh costais mhéadaithe ar bhreoslaí iontaise gnólachtaí a dhreasú chun infheistíocht a dhéanamh i modhanna táirgthe níos glaine agus chun a bheith níos éifeachtúla ó thaobh an fhuinnimh de. Féadfaidh gnólachtaí aistriú chuig ionchuir in-athnuaite nó innealra leictrithe chun leanúint de bheith iomaíoch. **Tionchar ar fud an gheilleagair** – tá feidhm ag an gcáin charbóin maidir le hiompar, téamh, giniúint leictreachais agus tionscal i gcoitinne. Cinntíonn a raon leathan gur lú an úsáid a bhaintear as breoslaí iontaise ar fud an gheilleagair ar fad seachas in earnálacha iargúlta. **Feabhsaítear an tsláinte phoiblí** – dá dtiocfadh méadú bliantúil níos mó ar an gcáin charbóin, laghdófaí dó breoslaí iontaise. Feabhsaíonn sé sin cáilíocht an aeir, rud a chuireann feabhas ar shláinte phoiblí. **Spreagtar athrú iompraíochta i bpatrúin tomhaltais laethúla** – spreagann praghsanna méadaithe breosla iontaise teaghlaigh chun a n-iompraíocht laethúil a athrú, amhail turais ghluaisteáin a laghdú, téamh tí a laghdú, nó aistriú chuig iompar poiblí. Laghdaíonn na hathruithe sin úsáid breoslaí iontaise fiú sula ndéantar infheistíochtaí fadtéarmacha. **Cuirtear ioncam rialtais ar fáil chun dí-charbónú a mhaoiniú** – cuireann ioncam ó cháin charbóin cistí ar fáil don rialtas chun infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar in-athnuaite, in iompar poiblí feabhsaithe, agus i scéimeanna iarfheistithe náisiúnta. Tá gá leis an infheistíocht sin chun soláthar fuinnimh in-athnuaite na hÉireann a mhéadú, agus chun a spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú le himeacht ama. D'fhéadfaí an t-ioncam a athdháileadh chun teaghlaigh ar ioncam íseal a chosaint ó chostais fuinnimh níos airde. **Níos cothroime do na teaghlaigh sin nach bhfuil in acmhainn roghanna malartacha in-athnuaite a íoc** – má dhéantar iad a chúiteamh as an gcáin charbóin níos airde a íoctar trí mhéaduithe ar leas sóisialta.	**6**

		Rogha B (fóirdheontais do roghanna eile fuinnimh in-athnuaite) **Laghdaítear costais tosaigh do theaghlaigh agus do ghnólachtaí** – baineann costais tosaigh arda le teicneolaíocht in-athnuaite amhail caidéil teasa, insliú, painéil ghréine agus feithiclí leictreacha. Laghdódh fóirdheontais na costais sin agus bheadh an glacadh níos inacmhainne do theaghlaigh ar ioncam íseal. **Cuirtear roghanna malartacha ar bhreoslaí iontaise ar fáil** – fágann fóirdheontais go bhfuil roghanna fuinnimh in-athnuaite níos inrochtana. Cabhraíonn sé sin le teaghlaigh agus le gnólachtaí in Éirinn aistriú ó bhreoslaí iontaise seachas a n-úsáid a laghdú. **Laghdaítear úsáid breoslaí iontaise san fhadtéarma** – laghdaíonn insliú baile fóirdheonaithe nó painéil ghréine riachtanais fuinnimh go buan. Laghdaíonn sé sin úsáid breosla iontaise in Éirinn thar bhlianta fada. **Cruthaítear fostaíocht in earnáil an fhuinnimh in-athnuaite** – méadaíonn fóirdheontais an t-éileamh ar shuiteáil, iarfheistiú agus seirbhísí fuinnimh in-athnuaite. Cruthaíonn sé sin poist sa gheilleagar glas. **Spreagtar teaghlaigh chun leictreachas in-athnuaite a ghiniúint** – tacaíonn fóirdheontais le teaghlaigh painéil ghréine a shuiteáil. In Éirinn, is féidir le teaghlaigh barraíocht leictreachais a dhíol ar ais chuig an eangach náisiúnta. Cuireann sé sin ar chumas teaghlach a bheith ina dtáirgeoirí leictreachais in-athnuaite agus laghdaíonn sé a spleáchas ar chumhacht a ghintear le breosla iontaise. **Méadaítear an soláthar fuinnimh in-athnuaite ar an leibhéal náisiúnta** – spreagann deontais ó rialtas na hÉireann suiteáil agus giniúint fuinnimh in-athnuaite ar mhórscála. Méadaíonn sé sin sciar an fhuinnimh atá á úsáid in Éirinn ó fhoinsí glana agus cuidíonn sé le spleáchas trom na tíre ar bhreoslaí iontaise a laghdú. **Laghdaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte** – spreagann fóirdheontais teaghlaigh agus gnólachtaí chun fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint ar bhonn intíre trí phainéil ghréine agus caidéil teasa. Laghdaíonn sé sin spleáchas na hÉireann ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte agus ar a tomhaltas de bhreoslaí iontaise. **Laghdaítear neamhchosaint ar luaineacht praghsanna breosla iontaise** – méadaíonn fóirdheontais úsáid fuinnimh in-athnuaite, nach bhfuil faoi réir luaineachtaí i bpraghsanna breosla domhanda. Cuidíonn sé sin le costais fuinnimh a chobhsú le himeacht ama. **Teicneolaíocht in-athnuaite níos saoire le himeacht ama** – méadaíonn fóirdheontais an t-éileamh ar theicneolaíocht in-athnuaite. De réir mar a fhásann táirgeadh agus suiteáil, is féidir le gnólachtaí tairbhe a bhaint as barainneachtaí scála, rud a laghdaíonn costais agus a spreagann tuilleadh gluaiseachta ó bhreoslaí iontaise. **D'fhéadfaí agóidí poiblí a chosc** – i mí an Mhárta 2026 d'iarr agóideoirí laghdú ar cháin charbóin. Trí fhóirdheontais a úsáid, d'fhéadfaí agóidí amach anseo a chosc agus aon chur isteach breise ar ghníomhaíocht gheilleagrach a theorannú.	**NÓ** **6**

(iii) Tá sé i gceist ag Rialtas na hÉireann deireadh a chur leis an monaplacht atá ag ESB Networks ar línte leictreachais agus cead a thabhairt do ghnólachtaí príobháideacha línte a shuiteáil idir gineadóirí in-athnuaite agus úsáideoirí móra gnó.

Arna chur in oiriúint ó the Irish Times, Iúil 2025

Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfadh an t-athrú seo dul i bhfeidhm ar **gach** ceann acu seo thíos:

- Leibhéil fostaíochta in earnáil an leictreachais
- Praghsanna leictreachais do ghnólachtaí móra i ngeilleagar na hÉireann

Leibhéil fostaíochta in earnáil an leictreachais:

5

Méadaítear an t-éileamh ar shaothar – bheadh innealtóirí, oibrithe tógála agus foireann theicniúil ag teastáil ó ghnólachtaí príobháideacha a bhfuil línte leictreachais á suiteáil acu. Méadaíonn sé sin an t-éileamh ar lucht saothair in earnáil an leictreachais.

Méadaítear an t-éileamh ar róil chothabhála – nuair a shuiteáiltear línte leictreachais príobháideacha, beidh gá le cothabháil agus deisiú leanúnach. D'fhéadfadh sé sin fostaíocht fhadtéarmach a mhéadú i róil sheirbhísithe laistigh d'earnáil an leictreachais.

Fástar fostaíocht san fhuinneamh in-athnuaite – fágann rochtain fheabhsaithe ar an eangach go bhfuil tionscadail in-athnuaite níos inmharthana. Méadaíonn sé sin deiseanna fostaíochta i nginiúint fuinnimh in-athnuaite agus i seirbhísí gaolmhara.

Méadaítear fostaíocht i seirbhísí eile – d'fhéadfadh cead pleanála, measúnuithe comhshaoil agus comhaontuithe talún a bheith ag teastáil le haghaidh tionscadail línte leictreachais príobháideacha. D'fhéadfadh sé sin fostaíocht a mhéadú i róil dhlíthiúla, chomhshaoil agus phleanála.

Méadaítear an gá atá le rialúchán – chun ligean do ghnólachtaí príobháideacha línte leictreachais a shuiteáil, beidh gá le rialúchán breise ón CRF (an Coimisiún um Rialáil Fóntais). D'fhéadfadh sé sin fostaíocht i gceadúnú, i rialáil agus i gcigireacht laistigh d'earnáil an leictreachais a mhéadú.

Cuirtear leis an iomaíocht d'oibrithe oilte – méadaíonn iontráil gnólachtaí príobháideacha líon na bhfostóirí san earnáil. D'fhéadfadh iomaíocht níos fearr le haghaidh lucht saothair oilte deiseanna fostaíochta agus pá a mhéadú.

Laghdaítear fostaíocht laistigh de Líonraí BSL – má ghlacann gnólachtaí príobháideacha cuid den obair shuiteála, d'fhéadfadh sé go mbeadh éileamh laghdaithe ar shaothar ag Líonraí BSL, rud a d'fhéadfadh ath-imlonnú nó caillteanas post a bheith mar thoradh air.

Praghsanna leictreachais do ghnólachtaí móra i ngeilleagar na hÉireann: **5**

Méadaítear fuinneamh in-athnuaite – fágann naisc fheabhsaithe eangaí gur féidir le níos mó fuinneamh in-athnuaite dul isteach sa mhargadh. D'fhéadfadh méadú ar an soláthar praghsanna mórdhíola leictreachais a laghdú.

Cumasaítear rochtain ar ghineadóirí in-athnuaite – cuireann línte leictreachais príobháideacha ar chumas gnólachtaí móra nascadh go díreach le táirgeoirí fuinnimh in-athnuaite. D'fhéadfadh sé sin deis a thabhairt do ghnólachtaí comhaontuithe soláthair fadtéarmacha a shocrú, rud a d'fhéadfadh costais leictreachais a laghdú agus cinnteacht praghsanna níos fearr a sholáthar.

Méadaítear an iomaíocht – trí chead a thabhairt do ghnólachtaí príobháideacha línte leictreachais a shuiteáil, méadaítear an iomaíocht. D'fhéadfadh iomaíocht costais nasctha agus bhonneagair a laghdú do ghnólachtaí móra.

Infheistíocht shuntasach sa bhonneagar – tá caiteachas caipitiúil i gceist le línte príobháideacha nua a thógáil. D'fhéadfaí cuid de na costais sin a chur ar aghaidh chuig gnólachtaí móra sa ghearrthéarma.

D'fhéadfadh seachadadh feabhsaithe leictreachais costais a laghdú – d'fhéadfadh gnólachtaí príobháideacha a shuiteálann línte leictreachais breise é a dhéanamh níos éasca leictreachas a leithdháileadh ó ghineadóirí ar ghnólachtaí móra. D'fhéadfadh sé sin costais soláthair a laghdú agus praghsanna leictreachais a laghdú.

Brú eangaí laghdaithe – d'fhéadfadh línte leictreachais breise brú ar an eangach leictreachais náisiúnta a laghdú. D'fhéadfadh sé sin é a dhéanamh níos éasca agus níos saoire leictreachas a sholáthar do ghnólachtaí móra, rud a d'fhéadfadh praghsanna leictreachais a laghdú.

Idirdhealú praghsanna – féadfaidh gnólachtaí príobháideacha a bhfuil línte tiomnaithe á suiteáil acu praghsanna éagsúla a ghearradh ar ghnólachtaí éagsúla ag brath ar shuíomh nó ar leibhéil éilimh. D'fhéadfadh costais leictreachais éagothroma ar fud gnólachtaí a bheith mar thoradh air sin.

Ceist 13			
		Freagraí Féideartha	**Marc**
(a)		Sa chairt thíos taispeántar athruithe sa Phríomhráta Athmhaoiniúcháin ag an mBanc Ceannais Eorpach (ECB), ar a dtugtar an bunráta freisin, idir Eanáir 2024 & Meitheamh 2025.  	
	(i)	Tabhair breac-chuntas ar thoisc eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith tar éis tionchar a imirt ar chinneadh an ECB an Ráta Athmhaoiniúcháin a ísliú idir Meitheamh 2024 agus Meitheamh 2025, mar atá léirithe ag an tsaighead dhearg sa chairt thuas **Laghdú ar bhoilsciú sa limistéar euro** –bhí laghdú suntasach tagtha ar ráta boilscithe an limistéir euro ó leibhéil arda níos luaithe agus bhog sé níos gaire do sprioc 2% BCE. De réir mar a mhaolaigh brúnna boilscitheacha, ba lú an gá a bhí le beartas airgeadaíochta sriantach/crapthach, rud a chuir ar chumas BCE a bhonnráta úis a laghdú. **Praghsanna fuinnimh atá ag titim** – tháinig laghdú ar phraghsanna ola agus gáis ó leibhéil ghéarchéime a bhí ann roimhe seo. Laghdaigh costais fuinnimh níos ísle an riosca boilscithe amach anseo, rud a thug deis do BCE an bonnráta a laghdú. **Fás geilleagrach agus margadh fostaíochta lag** – d'fhan fás geilleagrach mall i roinnt geilleagar sa limistéar euro, agus fás fostaíochta ag moilliú freisin. Mhéadaigh sé sin an baol go mbeadh moilliú eacnamaíoch níos leithne ann & bhí tionchar aige ar BCE chun an bonnráta a laghdú. **Éileamh lag tomhaltóirí** – le linn 2024 agus 2025 laghdaigh teaghlaigh ar fud an limistéir euro a gcaiteachas, rud a laghdaigh éileamh tomhaltóirí ar earraí agus ar sheirbhísí. Chuir éileamh níos lú moill ar fhás eacnamaíoch / mhéadaigh sé an baol go mbeadh cúlú eacnamaíochta ann. Chun teaghlaigh a spreagadh chun níos mó a chaitheamh, laghdaigh BCE an bonnráta. Mar gheall ar bhonnráta níos ísle, bhí an iasacht níos saoire agus cuireadh in aghaidh sábhála, mar sin ba dhóichí go gcaithfeadh teaghlaigh airgead ná airgead a shábháil. **Maolú fás pá** – thosaigh fás pá sa Limistéar Euro ag maolú in 2025. Laghdaigh sé sin an baol go mbeadh boilsciú leanúnach ann agus thug sé níos mó muiníne don BCE an bonnráta a laghdú. **Éiginnteacht gheilleagrach dhomhanda** – mar gheall ar theannas geopholaitiúil agus achrainn trádála, amhail taraifí nua na Stát Aontaithe, bhí an geilleagar domhanda an-dothuartha. I bhfianaise na héiginnteachta sin, chuir go leor gnólachtaí moill ar infheistíocht mhór nó stop siad de ghlacadh le foireann nua, rud a chuir moill ar ghníomhaíocht gheilleagrach sa Limistéar Euro. Laghdaigh BCE an bonnráta chun iasachtaí a dhéanamh níos saoire. Rinne sé sin an infheistíocht níos tarraingtí agus thacaigh sé le gníomhaíocht gheilleagrach.	**6**

	(ii)	Tarraingíodh anuas 60,770 iasacht phearsanta ar luach €683 milliún in Éirinn i R1, 2025. Méadú bliantúil de 20% a bhí anseo. Arna chur in oiriúint ón Banking & Payments Federation Ireland Tabhair breac-chuntas ar dhá thoisc, seachas rátaí úis, a d'fhéadfadh an t-éileamh ar chreidmheas/iasachtaí i ngeilleagar na hÉireann a mhéadú. **Fás eacnamaíoch** – nuair a fhásann geilleagar na hÉireann, tagann méadú ar ioncaim agus ar bhrabúis ghnó. Faigheann teaghlaigh iasachtaí chun mórcheannacháin amhail gluaisteáin nó feabhsuithe tí a mhaoiniú, agus faigheann gnólachtaí iasachtaí chun táirgeadh a leathnú. Bíonn éileamh níos mó ar chreidmheas mar thoradh ar ghníomhaíocht gheilleagrach mhéadaithe. **Muinín mhéadaithe tomhaltóirí** – nuair a bhraitheann teaghlaigh slán ina bhfostaíocht agus dóchasach faoina dtuilleamh amach anseo, bíonn siad níos sásta glacadh le fiachas. Is é an toradh a bhíonn ar mhuinín níos mó ná iasachtaí mhéadaithe le haghaidh earraí agus seirbhísí. **Boilsciú / Brú an chostais maireachtála** – nuair a thagann méadú ar phraghsanna, féadfaidh teaghlaigh iasacht a fháil chun a gcaighdeán maireachtála a choinneáil. D'fhéadfadh iasachtaí níos mó a bheith ag teastáil ó ghnólachtaí freisin toisc go dtagann méadú ar chostais táirgthe. D'fhéadfadh go mbeadh éileamh méadaithe ar chreidmheas mar thoradh air sin. **Fás daonra** – méadaíonn méadú ar an daonra an t-éileamh ar thithíocht, ar ghluaisteáin agus ar earraí tí. D'fhéadfadh níos mó iasachtaí a bheith mar thoradh air sin, go háirithe i dtír ar nós na hÉireann ina bhfuil ganntanas leanúnach tithíochta. **Éascaíocht rochtana ar chreidmheas** – déantar iasacht níos tapúla agus níos áisiúla le baincéireacht ar líne agus próisis iarratais shimplithe, agus ceadú níos tapúla. Tagann méadú ar an éileamh ar iasachtaí mar thoradh air sin. **Méadú ar phraghsanna sócmhainní** – nuair a thagann ardú ar phraghsanna tithe nó ar phraghsanna scaireanna, d'fhéadfadh úinéirí tí a bheith níos saibhre agus níos sláine ó thaobh airgeadais de. D'fhéadfadh sé sin iasacht le haghaidh infheistíochta, athchóirithe nó tomhaltais a spreagadh, rud a mhéadaíonn an t-éileamh ar chreidmheas. **Bunchúis amhantrach** – mar gheall ar mhéadú a bhfuiltear ag súil leis ar phraghsanna sócmhainní, d'fhéadfadh daoine creidmheas/iasachtaí a éileamh chun sócmhainn a cheannach nach bhfuil faoina n-úinéireacht go fóill agus iad ag súil le toradh níos airde amach anseo. **Beartais / dreasachtaí rialtais** – d'fhéadfadh faoisimh chánach, deontais, nó scéimeanna infheistíochta a thug an rialtas isteach teaghlaigh agus gnólachtaí a spreagadh le caitheamh nó le hinfheistiú, e.g. an Scéim Iasachta um Uasghrádú Fuinnimh Baile. D'fhéadfadh sé sin cur leis an éileamh ar chreidmheas chun na gníomhaíochtaí sin a mhaoiniú. **Éifeachtúlacht imeallach caipitil** – má tá gnólachtaí ag súil le brabúis mhaithe ó infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh nua, teicneolaíocht nó leathnú, tá siad níos sásta níos mó a fháil ar iasacht chun iad a mhaoiniú. Méadaíonn an dearcadh dearfach sin ar thorthaí an t-éileamh ar chreidmheas. **Laghduithe cánach** – méadaíonn laghdú ar cháin ioncaim nó CBL ioncam indiúscartha. D'fhéadfadh sé sin caiteachas breise a spreagadh a mhaoinítear go páirteach trí chreidmheas.	**2 @ 6**

(b)

Feidhmíonn an scoil surfála *Surfriders* i mBun Dobhráin, Co. Dhún na nGall i rith shéasúr an tsamhraidh. Taispeántar sa tábla thíos aschur laethúil na scoile (líon na gceachtanna), costais sheasta iomlána, costais athraitheacha iomlána agus costais iomlána.

Aschur Laethúil (Líon na gCeachtanna)	Costais Sheasta Iomlána (€)	Costais Athraitheacha Iomlána (€)	Costais Iomlána (€)
0	300	0	300
10	300	120	420
20	300	210	510
30	300	360	660
40	300	600	900

(i) Mínigh na téarmaí **costais sheasta** agus **costais athraitheacha** agus tabhair sampla amháin de chostas seasta agus sampla amháin de chostas athraitheach **don scoil surfála**. **2@6**

Costais sheasta:
Tagraíonn costais sheasta do chostais nach n-athraíonn de réir mar a athraíonn an leibhéal aschuir / Costais táirgthe nach mór a íoc fiú mura gcuirtear aon ranganna ar fáil.

Sampla de chostas seasta don scoil surfála:

- Cíos d'áitreabh na scoile surfála (stóráil, oifig)
- Préimheanna árachais (árachas dliteanais phoiblí)
- Aisíocaíochtaí iasachta ar threalamh, veain, etc.
- Aon táillí nó ceadanna bliantúla ó Chomhairle Contae Dhún na nGall
- Dímheas trealaimh chaipitiúil (cláir surfála, cultacha uisce, veain)

Costais athraitheacha:
Is éard is costais athraitheacha ann costais táirgthe a athraíonn go díreach de réir leibhéal an aschuir . De réir mar a chuirtear níos mó ranganna ar fáil, méadaíonn na costais sin.

Sampla de chostas athraitheach don scoil surfála:

- Pá na dteagascóirí in aghaidh an ranga
- Breosla a úsáidtear chun trealamh a iompar
- Táillí próiseála íocaíochta in aghaidh na háirithinte
- Cultacha uisce nó cláir dhamáistithe a úsáideadh le linn ranganna a athsholáthar

(ii) Úsáid sonraí ón tábla thuas agus tarraing léaráid thíos atá lipéadaithe go soiléir chun cuar na gcostas seasta iomlán (CSI), cuar na gcostas athraitheach iomlán (CAI) agus cuar an chostais iomláin (CI) a thaispeáint.
Nóta: Ní mór duit ais na gcostas agus ais na cainníochta a chomhlánú/líonadh. **16**



(iii) Nuair a chuireann an scoil surfála 40 ceacht in aghaidh an lae ar fáil, cad é an t-íosphraghas a chaithfidh an t-úinéir a ghearradh in aghaidh an cheachta chun bhrabús de €100 in aghaidh an lae a thuilleamh? **4**
Bain úsáid as sonraí ón tábla ar leathanach 23 agus taispeáin do chuid oibre ar fad.

Obair:

Ag 40 ceacht in aghaidh an lae, costais iomlána (CI) = €900

Brabús = Ioncam iomlán (II) – Costais iomlána (CI)

Brabús riachtanach = €100
€100 = II − €900
II = €1,000

Ioncam Iomlán (II) = Praghas in aghaidh an cheachta (P) x Líon na gceachtanna (Q)
€1,000 = P × 40
P = €1,000 ÷ 40
P = €25

Freagra: €25 (an t-íosphraghas a ghearrtar in aghaidh an cheachta)

(c)		Tá sé d'aidhm ag "Tithe á dTógáil, Pobail á gCothú, 2025-2030", scéim nua tithíochta an rialtais, aghaidh a thabhairt ar fhoirgnimh thréigthe agus foirgnimh fholmha i lár bailte.	
	(i)	Pléigh tairbhe eacnamaíochta amháin agus dúshlán eacnamaíochta amháin a bhaineann le lár bailte a athbheochan. Tairbhe eacnamaíochta amháin: **Cruthaítear poist** – trí athchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoin fholamh agus thréigthe, cruthaítear fostaíocht i dtionscail na tógála agus i dtionscail ghaolmhara. Le himeacht ama, cruthaíonn gnólachtaí nua atá ag oscailt i lár bailte poist bhuana freisin. Méadaíonn sé sin ioncam teaghlach agus tacaíonn sé le tuilleadh caiteachais sa gheilleagar áitiúil. **Méadaítear gníomhaíocht gheilleagrach** – méadaíonn gnólachtaí breise atá ag feidhmiú i lár bailte trádáil agus caiteachas. Méadaíonn sé sin ioncam áitiúil agus d'fhéadfadh sé ioncam cánach a mhéadú don rialtas. Is féidir le gníomhaíocht tráchtála níos mó bonn eacnamaíoch foriomlán an bhaile a neartú freisin. **Méadaítear luachanna réadmhaoine** – is féidir le lár bailte feabhsaithe an t-éileamh ar thithíocht agus ar réadmhaoin tráchtála a mhéadú. D'fhéadfadh sé sin luachanna réadmhaoine agus saibhreas teaghlaigh a mhéadú. Is féidir le luachanna réadmhaoine méadaithe muinín gnó agus infheisteoirí a fheabhsú freisin, rud a spreagann tuilleadh infheistíocht phríobháideach. **Méadaítear iomaíocht agus rogha tomhaltóirí** – méadaíonn níos mó gnólachtaí atá ag feidhmiú i lár an bhaile an iomaíocht. D'fhéadfadh sé sin cáilíocht a fheabhsú agus praghsanna do thomhaltóirí a laghdú. **Laghdaítear sraoilleáil uirbeach** – trí lár bailte a athbheochan, laghdaítear an brú chun tógáil ar láithreáin úrnua. Leis sin, cosnaítear talamh tuaithe agus is féidir faid chomaitéireachta a ghiorrú, rud a d'fhéadfadh costais iompair a laghdú do theaghlaigh agus do ghnólachtaí. **Baintear úsáid níos fearr as an mbonneagar atá ann cheana** – tá bóithre, uisce, leictreachas agus naisc iompair phoiblí i lár bailte cheana féin. Trí na foirgnimh atá ann cheana a athúsáid, laghdaítear an gá atá le bonneagar costasach nua ar imeall na mbailte. Is féidir leis sin caiteachas poiblí a laghdú, agus úsáid níos fearr a bhaint as talamh, foirgnimh agus bonneagar poiblí atá ann cheana. **Méadaítear ioncam cánach don rialtas áitiúil agus don rialtas láir** – is féidir le lár bailte athbheoite rátaí tráchtála, fáltais CBL, agus ioncam ó cháin ioncaim ó fhostaíocht nua a mhéadú. Is féidir leis sin feabhas a chur ar airgeadas rialtais agus tacú le tuilleadh infheistíocht phoiblí. **Méadaítear an turasóireacht** – d'fhéadfadh lár bailte feabhsaithe níos mó cuairteoirí a mhealladh. Méadaíonn sé sin caiteachas seachtrach i siopaí, bialanna agus lóistín áitiúil, agus tacaíonn sé le fostaíocht. **Laghdaítear costais shóisialta** – d'fhéadfadh foirgnimh thréigthe iompar frithshóisialta a mhealladh agus costais phóilíneachta nó chothabhála a mhéadú. D'fhéadfadh an athbheochan na costais sin a laghdú agus timpeallacht níos sábháilte agus níos tarraingtí a chruthú do ghnólachtaí agus do chónaitheoirí. **Cuirtear feabhas ar shoghluaisteacht an lucht saothair** – má tá níos mó tithíochta ar fáil i lár bailte, d'fhéadfadh oibrithe maireachtáil níos gaire do dheiseanna fostaíochta. Is féidir leis sin costais chomaitéireachta a laghdú agus is féidir le hoibrithe rochtain a fháil ar phoist ar bhealach níos éasca.	**5**

		Dúshlán Eacnamaíochta amháin: **Costais shuntasacha athfhorbartha** – d'fhéadfadh sé a bheith costasach foirgnimh thréigthe a athchóiriú. Méadaíonn deisiúcháin struchtúracha, uasghráduithe sábháilteachta, agus comhlíonadh rialachán costais d'fhorbróirí. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le glantachán timpeallachta costasach i gcás roinnt láithreán tréigthe. Má tá na costais ró-ard, d'fhéadfadh sé nach mbeadh infheisteoirí príobháideacha sásta tabhairt faoi thionscadail gan tacaíocht ón rialtas. **An baol nach mbeidh éileamh leordhóthanach ann** – má tá an fás daonra nó an t-éileamh ar ghnólachtaí lag, d'fhéadfadh sé go mbeadh réadmhaoin athchóirithe fós folamh. Laghdaíonn sé sin an toradh ar infheistíocht. Is féidir le leibhéil ísle áitíochta teorainn a chur le rath foriomlán na n-iarrachtaí athghiniúna. **Easpa maoinithe** – d'fhéadfadh srianta buiséid a bheith ar údaráis áitiúla. Tá maoiniú poiblí suntasach de dhíth ar thionscadail athghiniúna ar mhórscála. D'fhéadfadh acmhainní airgeadais teoranta moill a chur ar mhéid na bhforbairtí atá beartaithe nó iad a laghdú. **Cíosanna agus praghsanna tithe atá ag ardú / Uaisliú** – D'fhéadfadh feabhsuithe maoine cíosanna agus praghsanna tithe a mhéadú i lár an bhaile. D'fhéadfadh sé sin é a dhéanamh deacair do chónaitheoirí ar ioncam íseal nó do ghnólachtaí beaga fanacht sa cheantar. D'fhéadfadh costais mhéadaitheacha den sórt sin an éagsúlacht shóisialta agus eacnamaíoch i lár an bhaile a laghdú. **Moilleanna pleanála agus rialála** – d'fhéadfadh nósanna imeachta casta pleanála nó ceanglais chasta maidir le cosaint oidhreachta moill a chur ar roinnt tionscadal. Cruthaíonn amanna fada formheasa éiginnteacht d'fhorbróirí agus d'fhéadfaidís infheistíocht ón earnáil phríobháideach a dhíspreagadh. **Deischostas na gcistí poiblí** – ciallaíonn caiteachas rialtais ar athbheochan lár na mbailte go bhfuil níos lú cistí ar fáil do thosaíochtaí eile amhail cúram sláinte, oideachas, gníomhú ar son na haeráide, etc. **Cur isteach le linn na tógála** – féadfaidh obair thógála rochtain ar shiopaí agus ar sheirbhísí a laghdú go sealadach, rud a laghdaíonn ioncam gnólachtaí sa ghearrthéarma. **Iomaíocht ó shiopadóireacht ar líne** – fiú má chuirtear feabhas ar lár bailte, féadfaidh tomhaltóirí leanúint de bheith ag siopadóireacht ar líne. D'fhéadfadh sé sin teorainn a chur le rath gnólachtaí miondíola fisiciúla. **Leithdháileadh éagothrom sochar** – d'fhéadfadh na gnóthachain ó athghiniúint dul chun tairbhe úinéirí réadmhaoine / forbróirí réadmhaoine den chuid is mó seachas cónaitheoirí áitiúla. D'fhéadfadh sé sin tacaíocht an phobail don bheartas a laghdú. **Gnólachtaí a aistriú ó cheantair eile / Éifeachtaí díláithriúcháin** – d'fhéadfadh forbairt nua gnólachtaí a aistriú ó cheantair eile seachas gníomhaíocht gheilleagrach iomlán nua a chruthú. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh níos lú gníomhaíochta in áit eile a bheith mar thoradh ar ghnóthachain eacnamaíocha in aon suíomh amháin.	**5**

	(ii)	Tabhair breac-chuntas ar dhá impleacht fhéideartha a bhaineann le ballraíocht na hÉireann san AE agus aghaidh á tabhairt ag an tír ar ghanntanas lucht saothair san earnáil tógála tithe. **Saorghluaiseacht oibrithe oilte** – mar bhallstát den AE, ceadaíonn Éire d'oibrithe ó bhallstáit eile oibriú in Éirinn gan ceadanna oibre. Tugann sé sin rochtain d'earnáil tógála tithe na hÉireann ar líon níos mó ceardaithe oilte agus is féidir leis sin cabhrú le ganntanais saothair a laghdú. // Cuireann saorghluaiseacht saothair ar chumas oibrithe tógála na hÉireann oibriú i dtíortha AE eile. Tá ganntanas tithíochta i roinnt tíortha AE freisin agus d'fhéadfadh sé go dtairgfí pá tarraingteach nó dálaí oibre tarraingteacha leo. D'fhéadfadh oibrithe tógála na hÉireann dul ar imirce mar thoradh air sin, rud a laghdaíonn an soláthar intíre saothair. D'fhéadfadh sé sin líon na n-oibrithe tógála atá ar fáil in Éirinn a laghdú agus ganntanais lucht saothair a dhéanamh níos measa. **Brú ar phá** – má théann níos mó oibrithe AE isteach i margadh saothair na hÉireann, méadaíonn sé sin an soláthar saothair. D'fhéadfadh sé sin méaduithe pá in earnáil tógála tithe a mhaolú, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca do ghnólachtaí oibrithe a earcú agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair. **Cáilíochtaí a aithint** – le rialacha an Aontais is féidir cáilíochtaí a fuarthas i mBallstát amháin a aithint i mBallstát eile. Fágann sé sin go bhfuil sé níos éasca do cheardaithe oilte atá oilte i dtíortha eile san Aontas oibriú go dleathach in Éirinn agus cuidíonn sé le ganntanais saothair in earnáil tógála tithe a mhaolú. **Iomaíocht ó thíortha eile de chuid an Aontais** – d'fhéadfadh ganntanais saothair i dtógáil tithíochta a bheith i gceist i mBallstáit eile de chuid an Aontais freisin. Má tá pá nó dálaí oibre níos tarraingtí i dtíortha eile, féadfaidh oibrithe tógála oilte rogha a dhéanamh oibriú ansin seachas in Éirinn. D'fhéadfadh sé sin a fhágáil go mbeadh sé níos deacra oibrithe a mhealladh agus a choinneáil in earnáil tógála tithe na hÉireann. **Méadaíonn imirce AE an t-éileamh ar thithíocht** – d'fhéadfadh saorghluaiseacht saothair daonra na hÉireann a mhéadú. Méadaíonn daonra atá ag dul i méid an t-éileamh ar thithíocht, a bhféadfadh gníomhaíocht tógála bhreise a bheith ag teastáil ina leith agus a d'fhéadfadh teorainn a chur leis an laghdú foriomlán ar ghanntanais lucht saothair. **Rochtain ar mhaoiniú ón AE** – féadfaidh Éire maoiniú a fháil ón AE, amhail ó Chiste Sóisialta na hEorpa, chun tacú le hoiliúint, printíseachtaí nó bonneagar a bhaineann le tithíocht. D'fhéadfadh sé sin cabhrú le borradh a chur faoi sholáthar intíre oibrithe oilte le himeacht ama. **Iomaíocht ó earnálacha eile in Éirinn** – Cuireann imirce AE leis an soláthar foriomlán saothair i ngeilleagar na hÉireann. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar ghnólachtaí tógála dul in iomaíocht le hearnálacha eile, amhail an teicneolaíocht nó an déantúsaíocht, chun oibrithe a mhealladh. Ní roghnóidh gach oibrí tógáil. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh ganntanas lucht saothair in earnáil na tógála tithe leanúint ar aghaidh. **Spreagtar modhanna tógála níos nua-aimseartha** – mar bhall den AE, baineann Éire tairbhe as tacaíocht an Aontais don nuálaíocht san fhoirgníocht, lena n-áirítear teicnící amhail tógáil mhodúlach tí / tógáil lasmuigh den láthair. Leis na modhanna sin, méadaítear táirgiúlacht agus laghdaítear líon na n-oibrithe is gá chun gach teach a thógáil, rud a d'fhéadfadh cabhrú le ganntanais saothair in earnáil tógála tithe a mhaolú.	**2 @ 5**

I bplean nua tithíochta Rialtas na hÉireann, beidh údaráis áitiúla in ann ceannach éigeantach (de réir dlí) a dhéanamh ar réadmhaoin thréigthe.

Arna chur in oiriúint ó Nuacht RTÉ

(iii) An aontaíonn nó an easaontaíonn tú le cead a bheith ag údaráis áitiúla ceannach éigeantach a dhéanamh ar fhoirgnimh atá tréigthe?

Cuir do fhreagra in iúl thíos le tic (✓) sa bhosca cuí agus cosain do fhreagra. **5**

Aontaím:

Méadaítear soláthar tithíochta – ciallaíonn cead a thabhairt d'údaráis áitiúla réadmhaoin thréigthe a cheannach gur féidir na foirgnimh seo a athchóiriú nó a atógáil. Méadaíonn sé sin líon na dtithe atá ar fáil agus féadann sé cabhrú le ganntanas tithíochta a laghdú. Cuireann an plean tithe leis go díreach gan forbairt úrnua iomlán a bheith ag teastáil. D'fhéadfadh soláthar níos mó tithíochta cuidiú freisin leis an mbrú ar chíosanna agus ar phraghsanna tithe a laghdú.

Úsáid níos éifeachtúla a bhaint as foirgnimh / talamh atá ann cheana – is ionann réadmhaoin thréigthe agus acmhainní nach mbaintear dóthain úsáide astu. Ach iad a cheannach agus a athfhorbairt cinntítear go n-úsáidtear talamh agus foirgnimh atá gann ar bhealach níos éifeachtúla, go háirithe le linn ghéarchéim tithíochta leanúnach na hÉireann.

Feabhsaítear lár na mbailte / Laghdaítear folúntais (meathlú uirbeach) – is féidir le foirgnimh thréigthe cuma ligthe i léig agus neamhtharraingteach a chur ar cheantar. Má thugann údaráis áitiúla na foirgnimh sin ar ais in úsáid, d'fhéadfadh sé cuma agus beocht gheilleagrach na mbailte a fheabhsú agus níos mó daoine agus gnólachtaí a spreagadh chun bogadh isteach sa cheantar.

Laghdaítear costais shóisialta / iompar frithshóisialta – is féidir le foirgnimh fholmha agus thréigthe loitiméireacht / iompar frithshóisialta a mhealladh. Is féidir le hathfhorbairt na réadmhaoine sábháilteacht a fheabhsú agus costais phóilíneachta agus ghlantacháin a laghdú.

Tugtar aghaidh ar sheachtrachtaí diúltacha arb é teip margaidh is cúis leo – is féidir le réadmhaoine tréigthe luachanna réadmhaoine in aice láimhe a laghdú agus cur le hiompar frithshóisialta. Ós rud é nach n-íocann an t-úinéir na costais shóisialta níos leithne sin, d'fhéadfaí go leor réadmhaoine a fhágáil folamh. D'fhéadfadh idirghabháil rialtais trí cheannach éigeantach cuidiú leis na seachtrachtaí diúltacha sin a laghdú agus réadmhaoin a thabhairt ar ais chun úsáide táirgiúla.

		Easaontaím: **Deischostas na gcistí poiblí** – in ionad cistí a úsáid chun réadmhaoin thréigthe a cheannach agus a athchóiriú, d'fhéadfaí na cistí a chaitheamh ar thacaíochtaí tithíochta eile nó ar sheirbhísí poiblí eile. Má tá ceannach éigeantach costasach, d'fhéadfadh sé an maoiniú atá ar fáil le haghaidh réitigh tithíochta mhalartacha a laghdú. **Costas ard do cháiníocóirí** – Ní mór d'údaráis áitiúla cúiteamh a íoc le húinéirí réadmhaoine agus ansin athchóiriú nó atógáil na réadmhaoine a mhaoiniú. Tá gá le caiteachas poiblí suntasach chuige sin, rud a mhéadaíonn an t-ualach ar cháiníocóirí. **Cur isteach ar chearta réadmhaoine** – cuireann ceannach éigeantach iallach ar réadmhaoin phríobháideach a dhíol leis an stát. D'fhéadfaí a mheas go bhfuil sé sin éagothrom agus gur sárú ar chearta réadmhaoine é. D'fhéadfadh sé muinín a chreimeadh i measc úinéirí réadmhaoine agus infheisteoirí. **Achrainn dlíthiúla agus moilleanna** – féadfaidh úinéirí agóid a dhéanamh in aghaidh orduithe ceannaigh éigeantacha sa chúirt. Is féidir le dúshláin dhlíthiúla moill a chur ar athfhorbairt agus costais a mhéadú. **D'fhéadfadh sé nach dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an tréigthe** – tá roinnt réadmhaoine folamh mar gheall ar dhamáiste struchtúrach, achrainn dhlíthiúla, nó easpa éileamh áitiúil. D'fhéadfadh nach réiteodh ceannach éigeantach amháin na fadhbanna bunúsacha sin. **Díspreagtar infheistíocht phríobháideach** – má tá eagla ar infheisteoirí go bhféadfaí a gcuid réadmhaoine a cheannach go héigeantach, d'fhéadfadh sé nach mbeidís chomh sásta céanna infheistíocht a dhéanamh i réimsí áirithe. D'fhéadfadh sé sin forbairt phríobháideach a laghdú san fhadtéarma. **Bíonn riosca maidir le baol morálta** – má bhíonn úinéirí ag súil go gceannóidh an Stát réadmhaoin thréigthe sa deireadh, d'fhéadfadh sé gur lú an dreasacht a bheadh acu foirgnimh níos sine a athchóiriú nó a chothabháil iad féin.	**NÓ** **5**

Ceist 14			
		Freagraí Féideartha	**Marc**
(a)	**(i)**	Bhí Olltáirgeacht Intíre na hÉireann (OTI) ag €153.4 billiún i R1, 2025. Sa tréimhse chéanna bhí Olltáirgeacht Náisiúnta na hÉireann (OTN) ag €107 billiún. Ríomh glan-ioncam tosca na hÉireann ó thar lear (NFIA i mBéarla). **Taispeáin do chuid oibre ar fad.** **Obair:** NFIA = OTN – OTI NFIA = €107.0bn – €153.4bn = – €46.4 billiún	**6**
	(ii)	Tabhair breac-chuntas ar dhá shrian a bhaineann le holltáirgeacht intíre (OTI) **mar thomhas ar leas eacnamaíochta na hÉireann**. **Ní chuirtear brabúis aisdúichithe / eis-sreafaí brabúis san áireamh** – déanann OTI na hÉireann luach iomlán an aschuir a tháirgtear in Éirinn a thomhas, lena n-áirítear brabúis arna dtuilleamh ag corparáidí ilnáisiúnta eachtracha (MNCanna). Seoltar cuid mhór de na brabúis sin thar lear, áfach. Cuireann sé sin le figiúr OTI na hÉireann agus déanann sé rómheastachán ar an ioncam atá ar fáil do chónaitheoirí na hÉireann. Sin an fáth a léiríonn OTN nó ollioncam náisiúnta (GNI)* leas eacnamaíoch na hÉireann ar bhealach níos cruinne. **Saobhann gníomhaíocht ilnáisiúnta OTI** – bíonn tionchar mór ag corparáidí ilnáisiúnta eachtracha ar OTI na hÉireann, go háirithe in earnálacha amhail an chógaisíocht agus an teicneolaíocht. Cuireann easpórtálacha móra nó athlonnú sócmhainní maoine intleachtúla go mór le figiúirí OTI na hÉireann. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh feabhsuithe comhréireacha ar an bhfostaíocht, ar sheirbhísí poiblí nó ar chaighdeáin maireachtála intíre mar thoradh ar na méaduithe sin. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh OTI na hÉireann rómheastachán a dhéanamh ar a fíorleas eacnamaíoch. **Déantar neamhaird ar leithdháileadh ioncaim** – tomhaiseann OTI na hÉireann aschur iomlán ach ní léiríonn sé conas a roinntear ioncam ar fud an daonra. Fiú le linn tréimhsí ina bhfuil fás suntasach OTI in Éirinn, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an feabhas céanna ar chaighdeáin maireachtála ag go leor teaghlach. Má thagann méadú ar éagothroime ioncaim, d'fhéadfadh sé nach dtiocfadh feabhas ar leas eacnamaíoch foriomlán an daonra i gcoitinne fiú má thagann méadú ar OTI. **Ní thomhaistear damáiste don chomhshaol** – fásann OTI na hÉireann le táirgeadh méadaithe, beag beann ar chostais chomhshaoil amhail truailliú, ídiú acmhainní, nó cailliúint bithéagsúlachta. Laghdaíonn damáiste don chomhshaol cáilíocht na beatha, ach ní asbhaintear é ó OTI. E.g. d'fhéadfadh roinnt gníomhaíochtaí sa talmhaíocht, sa tionscal nó in ionaid sonraí borradh a chur faoi OTI na hÉireann ach d'fhéadfaidís cur le fadhbanna amhail truailliú uisce nó astaíochtaí carbóin. **Ní chuirtear obair neamhíoctha san áireamh** – Eisiatar ó OTI na hÉireann gníomhaíochtaí neamhíoctha amhail cúram leanaí, cúram do dhaoine aosta, obair tí, agus obair dheonach. Cuireann na gníomhaíochtaí sin le folláine shochaí na hÉireann ach ní léirítear iad i bhfigiúirí OTI na hÉireann. Mar thoradh air sin, bíonn gannmheastachán ar leas foriomlán.	**2 @ 5**

Eisiatar inacmhainneacht tithíochta / drochdhálaí tithíochta – d'fhéadfadh méadú teacht ar OTI fiú mura bhfuil an tithíocht chomh hinacmhainne céanna nó má tá go leor saoránach ina gcónaí i ndrochdhálaí tithíochta. In Éirinn, is féidir le cíosanna agus praghsanna tithe atá ag éirí níos airde caighdeáin maireachtála a laghdú fiú le linn tréimhsí ina bhfuil fás láidir OTI.

Ní áirítear táscairí sóisialta – ní thomhaiseann OTI na hÉireann tosca amhail meabhairshláinte, sásamh saoil, leibhéil choireachta, nó comhtháthú sóisialta. Braitheann leas eacnamaíoch ar níos mó ná leibhéal an aschuir a tháirgtear i ngeilleagar.

Áirítear caiteachas nach gcuireann feabhas ar leas / ar chaiteachas cosantach – Méadaíonn OTI nuair a chaitear airgead ar dhamáiste a dheisiú nó cóireáil ar thinneas de bharr truailliú. Cé go n-ardaíonn an caiteachas sin OTI, ní dhéantar ach caighdeáin mhaireachtála a bhí ann roimhe seo a athbhunú seachas iad a fheabhsú. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh OTI rómheastachán a dhéanamh ar fheabhsuithe ar leas eacnamaíoch. E.g. Mhéadaigh caiteachas ar dheisiúcháin damáiste tuilte i gCo. Loch Garman in 2026 OTI ach níor chuir sé feabhas dáiríre ar leas eacnamaíoch.

Ní chuirtear am áineasa san áireamh – má oibríonn daoine uaireanta níos faide, d'fhéadfadh méadú teacht ar OTI toisc go dtáirgtear níos mó aschuir. Mar sin féin, d'fhéadfadh uaireanta oibre níos faide am áineasa / cothromaíocht oibre is saoil a laghdú do shaoránaigh. D'fhéadfadh laghdú teacht ar leas eacnamaíoch cé go bhfuil OTI ag méadú.

Ní chuirtear an geilleagar folaithe san áireamh – ní áirítear in OTI gníomhaíocht gheilleagrach nach bhfuil taifeadta go hoifigiúil i gcuntais náisiúnta na hÉireann, amhail babhtáil nó obair airgead tirim / 'seachoibrithe'. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh OTI na hÉireann gannmheastachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht gheilleagrach iarbhír.

Ní áirítear feabhsuithe ar cháilíocht na dtáirgí – déanann OTI na hÉireann luach an aschuir a thomhas ach ní léirítear go hiomlán feabhsuithe ar cháilíocht na n-earraí agus na seirbhísí. E.g. d'fhéadfadh feabhsuithe ar an teicneolaíocht feabhas mór a chur ar chaighdeáin maireachtála gan méadú comhréireach ar fhigiúirí OTI.

Níl athrú daonra san áireamh – Tomhaiseann OTI na hÉireann luach iomlán an aschuir a tháirgtear ach ní chuirtear méid an daonra san áireamh. Má thagann ardú níos tapa ar dhaonra na hÉireann ná mar a thagann ar an OTI, tiocfaidh ísliú ar an OTI per capita agus b'fhéidir go dtiocfadh ísliú ar na caighdeáin mhaireachtála, in ainneoin an OTI a bheith ardaithe. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh ardú san OTI léiriú áibhéalach a thabhairt ar fheabhsaithe ar leas eacnamaíoch na hÉireann.

	(iii)	Ní dhéantar taifead ar ghníomhaíochtaí eacnamaíochta sa gheilleagar folaithe i gcuntais náisiúnta ioncaim. Tabhair breac-chuntas ar *iarmhairt eacnamaíochta* amháin **agus** ar *iarmhairt sóisialta* amháin a bhíonn ag gníomhaíochtaí eacnamaíochta folaithe. Iarmhairt eacnamaíochta amháin: **Laghdaítear ioncam cánach an rialtais** – nuair nach n-admhaítear ioncam, ní fhaigheann an rialtas cáin ioncaim, CBL ná ÁSPC. Laghdaíonn sé sin ioncam bliantúil an rialtais agus d'fhéadfadh cánacha méadaithe ar cháiníocóirí comhlíontacha nó caiteachas laghdaithe ar sheirbhísí poiblí amhail cúram sláinte agus oideachas a bheith mar thoradh air. **Méadaítear fiachas náisiúnta / Méadaítear brú fioscach fadtéarmach –** má laghdaíonn gníomhaíocht gheilleagrach fholaithe ioncam an rialtais go suntasach le himeacht ama, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an stát iasacht a fháil chun leibhéil chaiteachais phoiblí a choinneáil. Méadaíonn sé sin an fiachas náisiúnta agus bíonn íocaíochtaí úis níos airde i mbuiséid amach anseo mar thoradh air. Le himeacht ama, is féidir le hualach fiachais atá ag dul i méid inbhuanaitheacht fhioscach a laghdú agus teorainn a chur le cumas an rialtais infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar, in oideachas agus i gcúram sláinte. **Saobhtar staitisticí ar ioncam náisiúnta** – ní thaifeadtar gníomhaíochtaí sa gheilleagar folaithe in OTI ná in OTN. Mar thoradh air sin, déanann figiúirí oifigiúla gannmheastachán ar fhíorleibhéal na gníomhaíochta geilleagraí. Fágann sé sin go bhfuil sé níos deacra don rialtas beartais fhioscacha agus réamhaisnéisí eacnamaíocha cruinne a cheapadh. **Cruthaítear iomaíocht éagórach do ghnólachtaí dlisteanacha** – ní mór do ghnólachtaí a oibríonn go dlíthiúil cánacha a íoc, íosphá a íoc agus rialacháin a chomhlíonadh. Déanann gnólachtaí an gheilleagair fholaithe na costais sin a sheachaint, rud a ligeann dóibh praghsanna laghdaithe a ghearradh. Cruthaíonn sé sin iomaíocht éagórach agus d'fhéadfadh sé gnólachtaí dlisteanacha a chur as an margadh...dífhostaiocht. **Mí-leithdháiltear acmhainní** – seachnaíonn gnólachtaí sa gheilleagar folaithe cánacha agus rialacháin, rud a chuireann ar a gcumas dóibh oibriú ar chostais atá laghdaithe go saorga. Ciallaíonn sé sin nach léiríonn praghsanna agus pá sna hearnálacha sin fíorchostas eacnamaíoch an táirgthe. Mar thoradh air sin, féadfaidh lucht saothair agus caipiteal bogadh isteach i ngníomhaíochtaí folaithe seachas i dtionscail fhoirmiúla ina n-úsáidfí iad ar bhealach níos éifeachtúla. Mar thoradh air sin déantar acmhainní atá gann a leithdháileadh go neamhéifeachtúil laistigh den gheilleagar. **Laghdaíonn sé rochtain ar chreidmheas agus ar airgeadas** – ní thaifeadtar an t-ioncam a thuilltear sa gheilleagar folaithe go hoifigiúil. Ciallaíonn sé sin nach féidir le saoránaigh agus gnólachtaí cruthúnas foirmiúil ar thuilleamh a thaispeáint agus iarratas á dhéanamh acu ar iasachtaí nó ar mhorgáistí. Dá thoradh sin, féadfar rochtain ar chreidmheas bainc nó ar dheontais rialtais a dhiúltú dóibh, rud a chuireann teorainn le hinfheistíocht agus leathnú gnó sa gheilleagar. **Laghdaítear cosaint tomhaltóirí** – is minic a oibríonn gnólachtaí sa gheilleagar folaithe gan rialáil ná árachas. Má fhaigheann tomhaltóirí earraí nó seirbhísí lochtacha, is beag cosaint dhleathach a bhíonn acu. Lagaíonn sé sin muinín sa mhargadh agus d'fhéadfadh sé gníomhaíocht gheilleagrach fhoriomlán a laghdú.	**5**

		Iarmhairt shóisialta amháin: **Laghdaítear cáilíocht na seirbhísí poiblí agus an rochtain orthu** – d'fhéadfadh tearcmhaoiniú ar chúram sláinte, ar oideachas agus ar thithíocht a bheith mar thoradh ar ioncam laghdaithe don rialtas. D'fhéadfadh tréimhsí feithimh níos faide, plódú, agus caighdeán laghdaithe beatha do shaoránaigh a bheith mar thoradh air sin. **Lagaítear cosaint saothair agus shóisialta / dífhostaicht fhéideartha**– is minic nach mbíonn aon chonradh, pá breoiteachta ná cosaint ar iomarcaíocht ag oibrithe sa gheilleagar ceilte, agus ní fhéadfaidh siad ranníocaíochtaí ÁSPC a dhéanamh. Mar thoradh air sin, níl cearta san ionad oibre ná rochtain ar phinsin ranníocacha ná ar shochair dhífhostaíochta acu. Leis sin, méadaítear a riosca dúshaothraithe agus neamhshlándála airgeadais fadtéarmaí....caillteanais poist....bochtaineacht. **Rioscaí a bhaineann le gníomhaíocht choiriúil –** tá roinnt gníomhaíochtaí geilleagracha folaithe nasctha le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha amhail gáinneáil ar dhrugaí nó gáinneáil ar dhaoine. Méadaíonn sé sin leibhéil na coireachta agus d'fhéadfadh sé sábháilteacht an phobail a chur i mbaol. **Laghdaítear iontaoibh agus meas/Déantar imghabháil cánach a normalú** – d'fhéadfadh rannpháirtíocht fhorleathan i ngníomhaíocht gheilleagrach folaithe muinín sa chóras cánach agus in institiúidí poiblí a laghdú. Nuair a éiríonn imghabháil cánach coitianta, d'fhéadfaí go ndealródh sé go bhfuil sí inghlactha go sóisialta freisin. Le himeacht ama, is féidir leis sin an urraim do dhlíthe agus do rialacháin a lagú agus toilteanas na saoránach comhlíonadh go deonach a laghdú. **Méadaítear eisiamh sóisialta** – d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag saoránaigh atá ag obair sa gheilleagar folaithe rochtain a fháil ar mhorgáistí, ar chomhaontuithe cíosa, nó ar sheirbhísí airgeadais mar gheall ar easpa ioncam doiciméadaithe. D'fhéadfadh sé sin rannpháirtíocht sa ghnáthshaol sóisialta a theorannú agus d'fhéadfadh sé eisiamh sóisialta a mhéadú. **Laghdaítear dreasachtaí don oideachas** – mura dtugann gníomhaíochtaí sa gheilleagar folaithe luach saothair as cáilíochtaí, d'fhéadfadh sé gur lú an tairbhe a bhainfeadh daoine óga as cúrsaí oideachais nó oiliúna a chur i gcrích. Le himeacht ama, d'fhéadfadh sé sin gnóthachtáil oideachais a lagú i roinnt pobal.	5
(b)		Sa léaráid thíos taispeántar sreabhadh ciorclach an ioncaim i ngeilleagar oscailte  	

(b)

Cuir na téarmaí cearta do na comhpháirteanna 1 go 4 atá in easnamh isteach sa tábla thíos chun an léaráid thuas a chríochnú. **8**

1	Caiteachas / Caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí
2	Coigilteas
3	Margaí eachtracha / An earnáil choigríochach / An chuid eile den domhan
4	Easpórtálacha

(i) Mínigh an téarma **iompórtálacha** sa léaráid de shreabhadh ciorclach an ioncaim agus tabhair breac-chuntas ar dhá thoisc a imríonn tionchar faoi láthair ar leibhéal na n-iompórtálacha i ngeilleagar na hÉireann. **4**

Iompórtálacha:
Tagraíonn iompórtálacha d'earraí agus do sheirbhísí a tháirgtear thar lear agus a cheannaíonn cónaitheoirí an gheilleagair intíre. Is ionann iompórtálacha agus sceitheadh i sreabhadh ciorclach an ioncaim de réir mar a fhágann caiteachas an geilleagar intíre.

Dhá thoisc a imríonn tionchar faoi láthair ar leibhéal na n-iompórtálacha i ngeilleagar na hÉireann: **2 @ 4**

(ii) **Leibhéal an ioncaim náisiúnta** – nuair a thagann méadú ar ioncam náisiúnta in Éirinn, bíonn cumhacht cheannaigh níos mó ag teaghlaigh agus ag gnólachtaí. Leis sin, méadaítear an t-éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear earraí a tháirgtear thar lear amhail gluaisteáin, leictreonaic agus breosla. Tarlaíonn leibhéil mhéadaithe iompórtálacha dá bharr. Le linn tréimhsí d'fhás geilleagrach, is gnách go dtagann méadú ar luach earraí agus seirbhísí iompórtáilte.

Roghnachas tomhaltóirí – Is minic a éilíonn tomhaltóirí na hÉireann táirgí iompórtáilte amhail feithiclí, éadaí, teicneolaíocht, agus táirgí áirithe bia, toisc nach dtáirgtear sa tír seo iad. Mar gheall ar athruithe ar bhlasanna agus ar roghanna i leith brandaí eachtracha, méadaítear an t-éileamh ar iompórtálacha.

Fás ar shiopadóireacht ar líne – Cuireann leathnú na siopadóireachta ar líne ar chumas thomhaltóirí na hÉireann earraí a cheannach go díreach ó sholáthraithe eachtracha. Cuireann rochtain níos fearr ar mhiondíoltóirí idirnáisiúnta ar líne le líon na n-earraí tomhaltais iompórtáilte a thagann isteach i ngeilleagar na hÉireann.

Athruithe daonra – tá daonra na hÉireann ag dul i méid, rud a mhéadaíonn an t-éileamh foriomlán ar earraí agus ar sheirbhísí. Nuair nach féidir le táirgeoirí intíre freastal ar an éileamh méadaithe sin, tagann méadú ar iompórtálacha chun an bhearna a líonadh.

Spleáchas mór ar amhábhair agus fuinneamh iompórtáilte – tá soláthairtí intíre breosla agus amhábhar teoranta ag Éirinn agus, dá bhrí sin, braitheann sí go mór ar iompórtálacha chun freastal ar riachtanais fuinnimh agus táirgthe. Ós rud é go bhfuil an t-éileamh ar na hiompórtálacha fíor-riachtanacha sin sách neamhleaisteach ó thaobh praghsanna de, tá na leibhéil iompórtálacha fós ard fiú nuair a thagann ardú ar phraghsanna.

Claonadh Imeallach chun Iompórtála – dá mhéad luach MPM is ea is mó an cion den ioncam a chaithfear ar iompórtálacha.

Gluaiseachtaí sa ráta malairte – imríonn luach an euro tionchar ar phraghas earraí iompórtáilte. Laghdaíonn euro láidir praghsanna iompórtála do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí na hÉireann, rud a fhágann go bhfuil iompórtálacha níos tarraingtí. Mar sin féin, déanann euro níos laige iompórtálacha níos costasaí agus d'fhéadfadh sé leibhéil iompórtálacha a laghdú.

Oscailteacht trádála / Beartas trádála idirnáisiúnta – Trí bhallraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach agus comhaontuithe trádála idirnáisiúnta, laghdaítear taraifí agus bacainní trádála eile. Fágann bacainní trádála laghdaithe go bhfuil sé níos éasca agus níos saoire earraí a iompórtáil, rud a mhéadaíonn leibhéal na n-iompórtálacha isteach i ngeilleagar na hÉireann.

Difríochtaí boilscithe idir Éire agus comhpháirtithe trádála – má tá boilsciú in Éirinn níos airde ná i dtíortha eile, éiríonn earraí a tháirgtear sa tír bhaile níos costasaí. Féadfaidh tomhaltóirí agus gnólachtaí a n-éileamh a aistriú chuig roghanna malartacha iompórtáilte níos saoire, rud a mhéadaíonn leibhéil na n-iompórtálacha.

Athruithe ar phraghsanna fuinnimh domhanda agus praghasanna tráchtearraí – Déanann athruithe ar phraghsanna idirnáisiúnta ola, gáis agus amhábhar difear do chostas na n-iompórtálacha. Mar thoradh ar phraghsanna domhanda atá ag dul i méid, tagann méadú ar luach iompórtálacha na hÉireann, ach le praghsanna laghdaithe, laghdaítear an bille iompórtála.

Slabhraí soláthair domhanda / Infheistíocht MNCanna – tá go leor cuideachtaí ilnáisiúnta atá ag feidhmiú in Éirinn mar chuid de shlabhraí soláthair domhanda agus iompórtálann siad earraí idirmheánacha, comhpháirteanna agus innealra speisialaithe ó thar lear sula n-easpórtálann siad táirgí críochnaithe. Dá bhrí sin, méadaíonn leathnú na gníomhaíochta ilnáisiúnta leibhéal na n-iompórtálacha go neamhspleách ar leibhéil tomhaltais intíre.

Tionscadail infheistíochta an rialtais – is minic a bhíonn innealra, teicneolaíocht agus ábhair thógála a iompórtáiltear ag teastáil le haghaidh tionscadail rialtais ar mhórscála amhail tithíocht nó bonneagar iompair. D'fhéadfadh infheistíocht mhéadaithe ag an rialtas leibhéal na n-iompórtálacha a mhéadú.

Bacainní ar acmhainní/ ganntanais lucht saothair in Éirinn – d'fhéadfadh ganntanais saothair oilte agus cumas táirgthe teoranta in earnálacha áirithe amhail tógáil agus déantúsaíocht teorainn a chur le haschur in Éirinn. Mar thoradh air sin, féadfaidh gnólachtaí agus tionscadail rialtais brath níos mó ar earraí, ábhair agus trealamh iompórtáilte chun freastal ar an éileamh, rud a mhéadaíonn leibhéil iompórtálacha.

Rátaí úis coibhneasta/coinníollacha iasachta – d'fhéadfadh rátaí úis níos ísle nó rochtain níos éasca ar chreidmheas borradh a chur faoi leibhéil iasachtaíochta tomhaltóirí agus gnólachtaí. D'fhéadfadh caiteachas níos mó ar earraí marthanacha iompórtáilte amhail gluaisteáin, innealra agus teicneolaíocht a bheith mar thoradh air sin.

Caighdeáin rialála nua – d'fhéadfadh rialacháin níos déine maidir leis an gcomhshaol nó le táirgí an costas a bhaineann le hearraí áirithe a iompórtáil a mhéadú. Le costais chomhlíontachta mhéadaithe, féadfar leibhéal na n-iompórtálacha a thagann isteach i ngeilleagar na hÉireann a laghdú, mar shampla, caighdeáin nua chomhshaoil nó inbhuanaitheachta an Aontais le haghaidh pacáistíochta nó astaíochtaí.

Aistrithe sócmhainní maoine intleachtúla MNC – iompórtálann roinnt gnólachtaí móra ilnáisiúnta sna hearnálacha teicneolaíochta agus cógaisíochta in Éirinn maoin intleachtúil amhail paitinní, ceadúnais bogearraí, agus cóipchearta ó thar lear. Déantar na hidirbhearta sin a thaifeadadh mar iompórtálacha seirbhísí i gcomhardú íocaíochtaí na hÉireann. Le blianta beaga anuas, tá méadú suntasach tagtha ar leibhéal iompórtálacha na hÉireann cé nach bhfuil siad nasctha le héileamh tomhaltais intíre.

	(iii)	I mBealtaine 2025, bhí 301,000 teaghlach in Éirinn i riaráistí €142 milliún le cuideachtaí leictreachais. Arna chur in oiriúint ón Irish Independent Ba chóir don Rialtas €142m a íoc leis na cuideachtaí sin chun na riaráistí a ghlanadh. An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis an moladh seo? Cuir do fhreagra in iúl thíos le tic (✓) sa bhosca cuí agus cosain do fhreagra. Aontaím: **Cosc a chur ar bhochtaineacht fuinnimh/Caighdeáin mhaireachtála a chosaint** – tá leictreachas riachtanach don saol laethúil. Trí riaráistí a ghlanadh, dhéanfaí teaghlaigh leochaileacha a chosaint ar dhícheangal nó ar dheacrachtaí airgeadais, nó ar rioscaí sláinte amhail hipiteirme sa gheimhreadh. Choimirceodh sé cearta bunúsacha an duine freisin agus choinneodh sé íoschaighdeán beatha, go háirithe do shaoránaigh scothaosta nó do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu. **Tacaítear le teaghlaigh leochaileacha le linn brúnna costais maireachtála** – tháinig go leor riaráistí chun cinn mar gheall ar bhorradh ar phraghsanna fuinnimh agus ar bhoilsciú seachas míbhainistiú airgid ag tomhaltóirí. Le hidirghabháil rialtais, d'fhéadfaí cosaint a thabhairt do theaghlaigh ar ioncam íseal a raibh laghdú ar fhíorioncaim acu le linn tréimhsí boilscithe aird. **Laghdaítear strus airgeadais agus fadhbanna sóisialta –** d'fhéadfadh fiacha fóntais móra a bheith ina gcúis le strus, imní agus folláine laghdaithe. D'fhéadfadh riaráistí a ghlanadh feabhas a chur ar thorthaí don mheabhairshláinte agus fadhbanna sóisialta a bhaineann le héiginnteacht airgeadais a laghdú. **Tacaítear le caiteachas tomhaltóirí sa gheilleagar** – d'fhéadfadh teaghlaigh a bhfuil aisíocaíochtaí móra fiachais rompu an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí a laghdú chun riaráistí a aisíoc. Leis sin, cuirtear isteach ar éileamh tomhaltais agus cuirtear moill ar an bhfás geilleagrach. Dá ndéanfaí riaráistí a dhíscríobh, mhéadófaí ioncam indiúscartha agus d'fhéadfadh sé cabhrú le caiteachas tomhaltóirí sa gheilleagar a choinneáil ar bun. **Cosnaítear cobhsaíocht soláthróirí fuinnimh –** d'fhéadfadh deacrachtaí sreafa airgid a bheith ag cuideachtaí leictreachais a bhfuil billí móra neamhíoctha rompu, rud a d'fhéadfadh iallach a chur orthu praghsanna a mhéadú do gach custaiméir nó gearradh siar ar chothabháil agus ar infheistíochtaí i mbonneagar. Le híocaíocht rialtais, cinntítear gur féidir le gnólachtaí den sórt sin leanúint le hoibríochtaí go rianúil. **Éifeachtúlacht riaracháin** – bheadh íocaíocht aonuaire níos simplí agus níos tapúla do sholáthraithe leictreachais ná scéimeanna fada aisíocaíochta, forfheidhmiú dlíthiúil, nó próisis dícheangail a bhainistiú.	**5**

		Easaontaím:	**NÓ**
		Deischostas ar chaiteachas rialtais – suim shubstaintiúil is ea €142 milliún, a d'fhéadfadh réimsí criticiúla amhail cúram sláinte, tithíocht nó oideachas a mhaoiniú ina ionad sin. D'fhéadfadh sé nach ionann cistí poiblí a úsáid le haghaidh faoiseamh fiachais phríobháidigh agus an leithdháileadh is fearr d'acmhainní atá gann.	**5**
		Éagórach do cháiníocóirí comhlíontacha – ní fhaigheann teaghlaigh a d'íoc a mbillí leictreachais in ainneoin deacrachtaí airgeadais aon tairbhe, agus tacaítear leo siúd atá i riaráiste. D'fhéadfadh sé sin braistintí cothroime agus muiníne sa bheartas poiblí a laghdú agus comhlíonadh cánachais agus íocaíochtaí billí a lagú.	
		Cruthaítear guais mhorálta / Lagaítear dreasachtaí – má ghlanann an rialtas riaráistí leictreachais, d'fhéadfadh teaghlaigh a bheith ag súil go ndíscríobhfaí fiacha comhchosúla amach anseo. D'fhéadfadh sé cultúr spleáchais a chruthú, rud a d'fhéadfadh an dreasacht chun billí a íoc in am a laghdú. D'fhéadfadh sé dreasachtaí a lagú freisin chun ídiú fuinnimh a bhainistiú, rud a fhágann go mbaintear úsáid neamhéifeachtúil as acmhainní	
		Ní théann sé i ngleic leis na bunchúiseanna – trí riaráistí a ghlanadh, déileáiltear leis na hiarmhairtí seachas leis an bhfadhb. D'fhéadfadh saincheisteanna amhail pá neamhleor, tithe atá neamhéifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, praghsáil mhonaplach in earnáil an fhuinnimh, nó easpa litearthacht airgeadais sa tsochaí leanúint ar aghaidh agus d'fhéadfadh riaráistí a bheith mar thoradh orthu amach anseo. Is réiteach tapa sealadach é seo a chuireann acmhainní amú ar iarmhairtí seachas ar chosc.	
		Cuirtear ualach ar cháiníocóirí agus ar airgeadas poiblí – bheadh gá le cánachas méadaithe, iasachtaíocht mhéadaithe an rialtais, nó caiteachas laghdaithe i réimsí eile chun an íocaíocht a mhaoiniú. Cuireann sé sin ualach airgeadais ar cháiníocóirí agus d'fhéadfadh sé an fiachas náisiúnta a mhéadú.	
		Spriocdhíriú ar ábhair imní – níl gach teaghlach atá i riaráiste chomh leochaileach céanna, toisc go bhféadfadh sé go mbeadh sé de chumas ag cuid acu na fiacha a aisíoc le himeacht ama, rud a d'fhágfadh go mbeadh íocaíocht uileghabhálach rialtais neamhéifeachtúil. D'áiritheofaí le tacaíochtaí spriocdhírithe / de réir tástáil acmhainne go ndíreofaí cúnamh ar na teaghlaigh is mó gá.	
		Déantar fasach contúirteach d'earnálacha eile – má dhéantar riaráistí fuinnimh a ghlanadh, cén fáth nach ndéantar amhlaidh maidir le cíos, morgáistí nó fiacha cárta creidmheasa? D'fhéadfadh ionchais níos leithne maidir le tarrthálacha rialtais agus brú ar inbhuanaitheacht fhioscach a bheith mar thoradh air sin.	

(c)

Comhlánaigh gach léaráid thíos le léiriú conas is dócha a athróidh gach ceann de na himeachtaí a leanas cothromaíocht an mhargaidh do chonsóil Sony Playstation 5 (PS5) in Éirinn.

Mínigh do fhreagra i **ngach** cás.

(i) I ngearrthóg mhearscaipthe ar TikTok, feictear tionchairí ag imirt cluiche nua atá eisiach do TikTok. **8**

Léaráid



Míniú

- Fágann sé sin go mbogann cuar an éilimh maidir le consóil PS5 ar dheis, É to $É_2$.
- Tá an cluiche comhlántach go maith le consól PS5 agus tá sé eisiach do PlayStation. / Leis an ngearrthóg a scaipeadh go rábach ar Tiktok, athrófar blas an tomhaltóra go dearfach / méadófar an t-éileamh ar an gcluiche.
- Leis an tóir mhéadaithe atá ar an gcluiche, méadaítear an t-éileamh ar chonsóil PS5 in Éirinn.
- Tarlaíonn éileamh iomarcach ag an bpraghas cothromaíochta bunaidh, rud a spreagann an praghas suas go dtí praghas cothromaíochta nua níos airde, P_{c2}.
- Bunaítear líon cothromaíochta nua níos airde ag C_{c2}.

	(ii)	Bogann Sony níos mó de tháirgeadh PS5 go Vítneam, áit a bhfuil pá níos ísle ná sa tSín. Léaráid  Míniú • Fágann sé sin go mbogann cuar an tsoláthair ar dheis, ó S go S2. • Trí tháirgeadh PS5 atá á aistriú go Vítneam, laghdófar an costas táirgthe, toisc go bhfuil costas an tsaothair níos ísle. • Le costas laghdaithe táirgthe, méadaítear soláthar consóil PS5. • Tarlaíonn soláthar iomarcach ag an bpraghas cothromaíochta bunaidh, rud a laghdaíonn an praghas go praghas cothromaíochta nua níos ísle, $P_{c2.}$ • Bunaítear líon cothromaíochta nua níos airde ag $C_{c2.}$	**8**
	(iii)	Tagann ardú ar phréimheanna árachais don mhuiriompar domhanda i ngeall ar mhéadú ar líon na n-ionsaithe píoráideachta sa Mhuir Rua Léaráid  Míniú • Fágann sé sin go mbogann cuar an tsoláthair ar chlé ó S go S2. • Méadóidh préimheanna méadaithe árachais don mhuiriompar domhanda costais iompair / seachadta do Sony / costais táirgthe. • Le costais mhéadaithe iompair / seachadta, méadaítear an costas iomlán a bhaineann le consóil PS5 a sholáthar do mhargadh na hÉireann. • Tarlaíonn éileamh iomarcach / ganntanas soláthair ag an bpraghas cothromaíochta bunaidh, rud a spreagann an praghas suas go dtí praghas cothromaíochta nua níos airde, $P_{c2.}$ • Bunaítear líon cothromaíochta nua níos airde ag $C_{c2.}$	**8**

Ceist 15			
		Freagraí Féideartha	**Marc**
(a)		Taispeántar sa chairt thíos caiteachas reatha agus caiteachas caipitiúil státchiste na hÉireann i mBuiséad 2026.  	
	(i)	Mínigh an difríocht idir caiteachas reatha rialtais agus caiteachas caipitiúil rialtais, agus tabhair sampla amháin de gach ceann de na cineálacha sin caiteachais. **Caiteachas reatha rialtais:** Tagraíonn caiteachas reatha rialtais do chaiteachas an rialtais ar fheidhmiú na tíre ó lá go lá – seirbhísí poiblí. // Caiteachas an rialtais nach gcruthaíonn sócmhainní fisiciúla. // Caiteachas athfhillteach rialtais a úsáidtear chun seirbhísí poiblí a chothabháil agus chun tacú le hioncaim teaghlaigh. Sampla: Pá agus tuarastail san earnáil phoiblí (do mhúinteoirí, altraí, Gardaí) Íocaíochtaí leasa shóisialaigh amhail pinsin, sochair dhífhostaíochta, sochar linbh Caiteachas ar sheirbhísí cúraim sláinte agus ar chógais (cuairteanna ar an Dochtúir Teaghlaigh, cógais, costais reatha ospidéal) Íocaíochtaí úis ar an bhfiachas náisiúnta Gnáthchothabháil ar sheirbhísí poiblí (soilsiú / téamh scoileanna) **Caiteachas caipitiúil:** Tagraíonn caiteachas caipitiúil do chaiteachas an rialtais ar earraí a mhairfidh tréimhse fhada ama //caiteachas an rialtais ar bhonneagar poiblí // caiteachas an rialtais a sholáthraíonn tairbhí thar thréimhse fhadtéarmach // caiteachas an rialtais a chruthaíonn nó a chuireann feabhas ar shócmhainní fisiciúla fadtéarmacha a mhéadaíonn cumas táirgthe an gheilleagair. Sampla: Tógáil scoileanna agus ospidéal (Ospidéal Náisiúnta na Leanaí) Infheistíocht an rialtais i mbóithre, i dtraenacha agus i stáisiúin traenach, agus in aerfoirt. Tógáil tithíochta sóisialta Infheistíocht an rialtais i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite (feirmeacha gaoithe amach ón gcósta, bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha)	**2 @ 6**

		I mBuiséad 2026, bhain sciar níos mó de chaiteachas iomlán an rialtais le caiteachas caipitiúil ná mar a bhain i mBuiséad 2025.	
	(ii)	Cén fáth, dar leat, a bhfuil an rialtas ag pleanáil an sciar dá chaiteachas ar chaiteachas caipitiúil a mhéadú? **Chun úsáid éifeachtúil a bhaint as barrachais bhuiséid –** bhí barrachais bhuiséid mhóra ag an rialtas le blianta beaga anuas agus chuir sé sin ar chumas an rialtais níos mó caiteachais a dhíriú ar chaiteachas caipitiúil. **Chun dul i ngleic le ganntanais tithíochta** – le caiteachas caipitiúil méadaithe, cuirtear ar chumas an rialtais soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a mhéadú. Tríd an soláthar tithíochta a mhéadú, cuidítear le ganntanais a laghdú agus maolaítear an brú ar chíosanna agus ar phraghsanna tithe. **Chun ullmhú don fhás daonra / Chun brúnna acmhainneachta a laghdú** – le daonra méadaitheach na hÉireann, méadaítear an t-éileamh ar scoileanna, ospidéil, tithíocht agus líonraí iompair. Cuidíonn caiteachas caipitiúil méadaithe le cumas leordhóthanach a chinntiú chun freastal ar éileamh amach anseo agus laghdaíonn sé scrogaill amhail plódú agus brú ar sheirbhísí poiblí a chuireann teorainn le gníomhaíocht gheilleagrach. **Chun feabhas a chur ar bhonneagar, ar tháirgiúlacht agus ar fhás geilleagrach fadtéarmach** – le caiteachas caipitiúil méadaithe ar iompar, ar fhuinneamh, ar thithíocht, ar oideachas agus ar chúram sláinte, cuirtear feabhas ar chumas táirgthe an gheilleagair. Le bonneagar feabhsaithe agus infheistíocht phoiblí fheabhsaithe, laghdaítear costais ghnó, méadaítear éifeachtúlacht, agus tacaítear le fás geilleagrach fadtéarmach inbhuanaithe. Cuidíonn méadú ar chaiteachas caipitiúil le bearnaí bonneagair / tearcmhaoiniú a dhúnadh a d'fhorbair ó infheistíocht phoiblí laghdaithe le linn cora chun donais eacnamaíocha roimhe seo. **Chun feabhas a chur ar an iomaíochas idirnáisiúnta / infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh –** Trí chaiteachas caipitiúil ar bhonneagar a mhéadú, laghdaítear costais ghnó agus feabhsaítear éifeachtúlacht sa gheilleagar. Fágann sé sin go bhfuil Éire níos iomaíche i gcomparáid le tíortha eile agus go bhfuil sí níos tarraingtí do chuideachtaí ilnáisiúnta atá ag smaoineamh ar infheistíocht fhadtéarmach a dhéanamh. Tacaíonn sé sin le hinfheistíocht isteach, le cruthú post agus le forbairt gheilleagrach. **Chun spriocanna aeráide a bhaint amach / slándáil fuinnimh a fheabhsú** – le caiteachas caipitiúil méadaithe ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar iompar poiblí, cuidítear le hÉirinn a spriocanna aeráide a bhaint amach, laghdaítear a spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus cuirtear lena hathléimneacht i gcoinne suaití fuinnimh domhanda. **Chun neamhionannas geilleagrach réigiúnach a laghdú / Forbairt réigiúnach chothrom a mhéadú** – cuireann caiteachas caipitiúil méadaithe an rialtais lasmuigh de chathracha móra forbairt chothromaithe réigiúnach chun cinn agus cruthaíonn sé fostaíocht ar fud réigiúin éagsúla.	**6**

	(iii)	I mBuiséad 2026, chuir rialtas na hÉireann deireadh le híocaíochtaí ginearálta aonuaire don ghéarchéim sa chostas maireachtála. Ina áit sin, d'fhógair siad níos mó **tacaíochtaí spriocdhírithe** do shaoránaigh. Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin ar ghlac an rialtas an chéim chun tacaíochtaí níos spriocdhírithe a thabhairt isteach do shaoránaigh. **Tháinig laghdú ar an mboilsciú** – tugadh isteach íocaíochtaí uilíocha aonuaire le linn tréimhse ina raibh méadú ag teacht ar phraghsanna, ach thit an boilsciú go leibhéil níos cobhsaí. Dá bhrí sin, measadh nach raibh tacaíochtaí éigeandála leathana riachtanach a thuilleadh. **Chun an t-airgeadas poiblí a chosaint / chun cuidiú le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch a chinntiú** – bíonn íocaíochtaí aonuaire a dhéantar arís agus arís eile costasach agus d'fhéadfadh sé nach mbeidís inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de san fhadtéarma. Cuidíonn bearta spriocdhírithe le caiteachas an rialtais a rialú agus smacht fioscach a choinneáil. **Chun caiteachas an rialtais a dhéanamh níos éifeachtúla** – chuir íocaíochtaí uilíocha aonuaire tacaíocht ar fáil do gach teaghlach, lena n-áirítear saoránaigh nach raibh cúnamh airgeadais ag teastáil uathu. Le tacaíochtaí spriocdhírithe, laghdaítear caiteachas neamhriachtanach agus cinntítear go bhfuil cistí poiblí atá gann dírithe orthu siúd is mó gá. Is úsáid níos éifeachtúla as acmhainní teoranta stáit (éifeachtúlacht leithdháilte) é sin. **Chun neamhionannas ioncaim a laghdú** – díríonn tacaíochtaí spriocdhírithe acmhainní ar theaghlaigh ar ioncam níos ísle. Leis sin, déantar ioncam a athdháileadh orthu siúd ar thuilleamh níos ísle agus d'fhéadfadh sé neamhionannas ioncaim a laghdú agus caighdeáin mhaireachtála sa tsochaí a fheabhsú. **Chun tacaíocht airgeadais níos buaine a sholáthar** – cuirtear tacaíocht leanúnach ar fáil trí mhéaduithe struchtúracha ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh nó ar chreidmheasanna cánach a chur in ionad bónais shealadacha aonuaire. Leis sin, cuirtear ar chumas teaghlach a n-airgeadas a phleanáil le cinnteacht níos mó seachas a bheith ag brath ar íocaíochtaí sealadacha éigeandála. **Chun dídhreasú chun oibre a laghdú** – íoctar tacaíochtaí uilíocha beag beann ar stádas ioncaim nó fostaíochta. D'fhéadfaidís an dreasacht a laghdú do roinnt saoránach ar ioncam íseal chun obair a lorg nó a n-uaireanta oibre a mhéadú. Laghdaíonn tacaíochtaí spriocdhírithe an riosca sin trí íocaíochtaí a theorannú dóibh siúd is mó gá. **Chun tuilleadh brú polaitiúil a sheachaint** – nuair a tugadh isteach na tacaíochtaí uilíocha, cáineadh an rialtas go géar as airgead an cháiníocóra a chur amú agus gan an tacaíocht a dhíriú orthu siúd is mó a raibh gá acu leis sa tsochaí.	**6**

(b)		Tá comhbhonn cánach cúng ag rialtas na hÉireann agus go bunúsach ní dhearna siad rud ar bith faoi in ainneoin gur iarradh orthu é a leathnú. Arna chur in oiriúint ó the Irish Times, Meán Fómhair 2025	
	(i)	Mínigh an tuiscint atá agat ar an téarma **an comhbhonn cánach a leathnú**. **An comhbhonn cánach a leathnú:** Nuair a dhéantar an comhbhonn cánach a leathnú, méadaítear raon na saoránach, na n-ioncam, na sócmhainní nó na ngníomhaíochtaí geilleagracha atá faoi réir cánachais. Tríd an gcomhbhonn cánach a leathnú, scaiptear cánachas ar fud grúpa níos leithne seachas a bheith ag brath go mór ar líon beag cáiníocóirí nó foinsí ioncaim. // Baineann sé le díolúintí, faoisimh nó liúntais a laghdú ionas go n-áirítear cion níos mó d'ioncam, de bhrabúis nó de chaiteachas sa chóras cánach.	**6**
	(ii)	Tabhair breac-chuntas ar dhá thairbhe a d'fhéadfadh a bheith ann do gheilleagar na hÉireann dá leathnófaí an comhbhonn cánach. **Cobhsaíocht / cinnteacht ioncaim níos fearr** – tríd an mbonn cánach a leathnú, laghdaítear spleáchas na hÉireann ar líon beag foinsí luaineacha / amhantair ioncaim amhail cáin chorparáide. Níl ioncam an rialtais chomh leochaileach céanna do shuaití eacnamaíocha tobanna dá bharr agus cuirtear ar chumas an rialtais caiteachas agus infheistíocht amach anseo a phleanáil le cinnteacht níos mó. **Feabhsaítear inbhuanaitheacht fhioscach** – cuidíonn bonn cánach níos leithne lena chinntiú gur féidir leis an rialtas leanúint de sheirbhísí poiblí a mhaoiniú san fhadtéarma gan iasachtaíocht iomarcach ná easnaimh iomarcacha. Leis sin, neartaítear inbhuanaitheacht fhadtéarmach iomlán an airgeadais phoiblí. **Cothroime / cothromas níos fearr sa chóras cánach** – tríd an mbonn cánach a leathnú, scaiptear an t-ualach cánach ar ghrúpa níos leithne cáiníocóirí. D'fhéadfadh sé sin feabhas a chur ar bhraistintí cothroime maidir leis an gcaoi a roinntear cánachas ar fud na sochaí in Éirinn. **Feabhsaítear éifeachtúlacht an gheilleagair** – nuair a bhíonn níos lú díolúintí agus faoiseamh cánach ann, is lú seans go n-athróidh saoránaigh agus gnólachtaí a n-iompraíocht chun a ndliteanas cánach a laghdú. Ciallaíonn sé sin go mbeidh cinntí maidir le hinfheistíocht agus obair bunaithe níos mó ar fhíorthairbhí eacnamaíocha seachas ar bhuntáistí cánach, rud a d'fhéadfadh feabhas a chur ar éifeachtúlacht iomlán i ngeilleagar na hÉireann. **Solúbthacht níos mó sa bheartas cánach** – tríd an mbonn cánach a leathnú, d'fhéadfadh sé go mbeadh an rialtas in ann rátaí cánach ioncaim a laghdú agus ioncam leordhóthanach a thuilleamh ag an am céanna. Dhéanfadh rátaí cánach ioncaim laghdaithe glanphá a mhéadú. D'fhéadfadh sé sin rannpháirtíocht níos mó sa mhargadh saothair a spreagadh, rud a d'fhéadfadh tacú leis an bhfás geilleagrach.	**2 @ 6**

	(iii)	Tá sé i gceist ag an rialtas cáin bhreisluacha (CBL) a laghdú do chuid d'earnáil an fháilteachais ó 13.5% go 9% ó mhí Iúil 2026 ar chostas €681 milliún thar bhliain iomlán. An aontaíonn nó an easaontaíonn tú leis an laghdú seo i CBL do chuid d'earnáil an fháilteachais? Cuir do fhreagra in iúl thíos le tic (✓) sa bhosca cuí agus cosain do fhreagra. Aontaím: **Tacaítear le fostaíocht in earnáil dlúthshaothair** – tá an fáilteachas dian ó thaobh saothair. Laghdóidh an laghdú ar CBL costais oibriúcháin agus d'fhéadfadh sé an t-éileamh ar sheirbhísí amhail cóiríocht agus bialanna a mhéadú. D'fhéadfadh éileamh méadaithe cuidiú le poist a choinneáil nó a chruthú, go háirithe i gceantair atá spleách ar an turasóireacht. **Feabhsaítear iomaíochas thurasóireacht na hÉireann** – d'fhéadfadh an ráta laghdaithe CBL cuidiú le praghsanna a laghdú do thurasóirí. Fágann sé sin go bhfuil Éire níos iomaíche i gcomparáid le cinn scríbe eile agus d'fhéadfadh sé líon na gcuairteoirí agus ioncam turasóireachta a mhéadú. **Éascaítear brúnna costais** – tá costais arda ar go leor gnólachtaí fáilteachais maidir le fuinneamh, pá agus árachas. Cuirfidh an laghdú CBL feabhas ar shreabhadh airgid agus ar bhrabúsacht, rud a chabhraíonn le dócmhainneachtaí / dúnadh a chosc. **D'fhéadfadh sé praghsanna do thomhaltóirí / do thurasóirí a laghdú** – má chuireann gnólachtaí an laghdú CBL ar aghaidh chuig tomhaltóirí, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar phraghsanna seirbhísí fáilteachais amhail béilí, cóiríocht agus gruagaireacht. Méadaíonn praghsanna níos ísle cumhacht ceannaigh do thomhaltóirí baile agus d'fhéadfadh sé freisin go mbeadh Éire ina ceann scríbe níos iomaíche do thurasóirí. D'fhéadfadh sé sin líon na gcuairteoirí agus ioncam turasóireachta a mhéadú. **Tacaítear le geilleagair réigiúnacha** – tá go leor gnólachtaí fáilteachais lonnaithe i gceantair thuaithe agus chósta. Trí thacú leis an earnáil, féadfar fostaíocht agus ioncam a chosaint i réigiúin ina bhfuil níos lú tionscail mhalartacha. **Spreagtar gníomhaíocht gheilleagrach in earnálacha gaolmhara** – d'fhéadfadh méadú ar ghníomhaíocht turasóireachta agus fáilteachais ioncam agus fostaíocht bhreise a ghiniúint i gcodanna eile de gheilleagar na hÉireann, e.g. táirgeoirí bia, seirbhísí iompair, agus gnólachtaí siamsaíochta.	**6**

		Easaontaím:	**NÓ**
		Deischostas ard – ina ionad sin, d'fhéadfadh €681 milliún in aghaidh na bliana liostaí feithimh cúraim sláinte, ganntanas tithíochta, síntí scoile, nó bonneagar poiblí a mhaoiniú. Ní mór don rialtas a mheas cibé acu an é nó nach é tacú le hearnáil amháin an úsáid is fearr a bhaint as cistí poiblí teoranta. **Tairbhe neamhchinnte do thomhaltóirí** – níl aon ráthaíocht ann go laghdóidh gnólachtaí praghsanna. Féadfaidh gnólachtaí an sochar a choinneáil mar bhrabús níos airde seachas é a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí. Chuirfeadh sé sin teorainn leis an spreagadh éilimh atá beartaithe. **Droch-spriocdhíriú** – tá feidhm ag an laghdú CBL maidir le gach custaiméir, lena n-áirítear daoine a thuilleann ioncaim arda agus turasóirí eachtrannacha, rud a chiallaíonn go bhféadfadh cuid mhór dá thairbhe dul chuig grúpaí nach bhfuil tacaíocht airgeadais ag teastáil uathu. D'fhéadfadh sé nach dtacódh sé go sonrach le teaghlaigh ar ioncam íseal, a d'fhéadfadh tairbhe níos mó a bhaint as tacaíochtaí díreacha, amhail méaduithe leasa shóisialaigh nó creidmheasanna spriocdhírithe. **Cruthaítear buntáistí éagóracha idir earnálacha** – trí CBL a laghdú le haghaidh fáilteachais ach ní le haghaidh earnálacha eile a d'fhéadfadh a bheith faoi bhrú freisin, amhail miondíol nó déantúsaíocht bheag, tabharfar buntáiste cánach do ghnólachtaí fáilteachais. D'fhéadfadh sé sin an iomaíocht idir earnálacha a shaobhadh agus acmhainní a spreagadh chun bogadh i dtreo fáilteachais seachas chuig codanna eile den gheilleagar. **D'fhéadfadh sé iasachtaíocht/easnaimh an rialtais a mhéadú** – trí CBL a laghdú le haghaidh fáilteachais, laghdaítear ioncam cánach an rialtais. Mura gcuirtear cánacha eile nó ciorruithe caiteachais eile in ionad caillteanais den sórt sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an rialtas níos mó a fháil ar iasacht, rud a d'fhéadfadh fiachas náisiúnta na hÉireann a mhéadú. **Cúngaítear an bonn cánach** – ciallaíonn rátaí CBL a laghdú le haghaidh fáilteachais go ngearrtar cáin ar níos lú earraí agus seirbhísí ag an ráta caighdeánach CBL. Leis sin, laghdaítear an bonn cánach agus d'fhéadfadh sé go méadófaí spleáchas na hÉireann ar fhoinsí ioncaim cánach eile atá níos luainí, amhail cáin chorparáide, rud a d'fhéadfadh airgeadas rialtais a dhéanamh níos leochailí. **D'fhéadfadh sé a bheith boilscitheach** – d'fhéadfadh an laghdú CBL an t-éileamh ar sheirbhísí fáilteachais a mhéadú. Mar sin féin, mura féidir leis an earnáil an soláthar a mhéadú go tapa (soláthar neamhleaisteach) mar gheall ar fhoireann nó acmhainneacht theoranta, féadfaidh gnólachtaí praghsanna a mhéadú ina ionad sin, rud a laghdaíonn tairbhe an chiorraithe cánach. **Méadaítear castacht an chórais cánach** – trí rátaí éagsúla CBL a thabhairt isteach d'earnálacha éagsúla, is féidir an córas cánach a dhéanamh níos casta do ghnólachtaí agus do na Coimisinéirí Ioncaim lena riar.	**6**

(c)

Sa ghrafaic thíos taispeántar na leibhéil táirgiúlachta ag lucht saothair san earnáil le ceannas coigríochach agus san earnáil le ceannas intíre in Éirinn i Ráithe 4, 2024.



(i)

Mínigh an tuiscint atá agat ar an téarma **táirgiúlacht saothair.**
Luaigh sampla amháin d'earnáil le ceannas coigríochach agus sampla amháin d'earnáil le ceannas intíre in Éirinn. **9**

Táirgiúlacht saothair:
Tagraíonn táirgiúlacht saothair do luach an aschuir a tháirgtear in aghaidh uair an chloig a oibrítear in earnáil nó i ngeilleagar.

Sampla ón earnáil choigríochach: **2**
Cógaisíocht agus déantúsaíocht cheimiceach
Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC)
Seirbhísí airgeadais
Léasú aerárthaí
Déantúsaíocht feistí leighis

Sampla ón earnáil intíre: **2**
Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola
Tógáil
Seirbhísí cóiríochta agus bia (fáilteachas)
Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht
Seirbhísí iompair
Seirbhísí pearsanta (gruagaireacht, deisiúcháin etc.)

	(ii)	Tá méadú sa táirgiúlacht saothair tábhachtach do gheilleagar. Tabhair breac-chuntas ar **chúis** amháin a bhfuil méadú sa táirgiúlacht saothair tábhachtach do gheilleagar na hÉireann **agus** tabhair breac-chuntas ar straitéis amháin a d'fhéadfadh fostóir a úsáid chun táirgiúlacht saothair a mhéadú. Cúis amháin: **Méadaítear fás eacnamaíoch** – nuair a tháirgeann oibrithe níos mó aschuir in aghaidh na huaire, méadaíonn sé aschur iomlán an gheilleagair. Rannchuidíonn sé sin le fás eacnamaíoch níos airde agus le hioncam náisiúnta níos airde. Tá táirgiúlacht saothair ina príomhspreagadh don fhás geilleagrach in Éirinn. **Méadaítear pá agus caighdeáin mhaireachtála** – is gnách go n-íoctar oibrithe i gcomhréir le luach an aschuir a tháirgeann siad. Cuireann táirgiúlacht níos mó ar chumas gnólachtaí pá a mhéadú gan costais táirgthe a mhéadú go suntasach. Leis sin, méadaítear ioncaim teaghlach agus feabhsaítear caighdeáin mhaireachtála. **Feabhsaítear iomaíochas idirnáisiúnta** – laghdaíonn táirgiúlacht mhéadaithe an costas aschuir in aghaidh an aonaid. Cuireann sé sin ar chumas gnólachtaí na hÉireann dul san iomaíocht ar bhealach níos éifeachtaí i margaí idirnáisiúnta agus d'fhéadfadh sé easpórtálacha a mhéadú / infheistíocht eachtrach nua a mhealladh, rud atá ábhartha go háirithe i ré reatha an dídhomhandaithe. **Cuidítear le dul i ngleic le ganntanais lucht saothair** – tá geilleagar na hÉireann ag feidhmiú faoi láthair ag lánfhostaíocht agus tá ganntanas lucht saothair ann i roinnt earnálacha amhail earnáil na tógála, earnáil na teicneolaíochta agus earnáil an fháilteachais. Trí tháirgiúlacht saothair a mhéadú, is féidir le gnólachtaí níos mó aschuir a tháirgeadh leis an líon céanna oibrithe, rud a chabhraíonn leis an ngeilleagar fás fiú nuair a bhíonn sé deacair lucht saothair breise a fháil. **An bhearna táirgiúlachta idir an earnáil intíre agus an earnáil choigríochach a laghdú** – tá bearna táirgiúlachta mhór ag Éirinn idir a hearnáil ilnáisiúnta agus a hearnáil intíre. Trí tháirgiúlacht a mhéadú in earnálacha intíre amhail earnáil an mhiondíola, earnáil na tógála agus earnáil an fháilteachais, is féidir cuidiú leis an mbearna sin a laghdú agus an geilleagar foriomlán a neartú. **Méadaítear ioncam cánach an rialtais** – méadaíonn táirgiúlacht mhéadaithe gníomhaíocht gheilleagrach, brabúis agus pá. D'fhéadfadh sé sin ioncam cánach a mhéadú don rialtas gan rátaí cánach a mhéadú. Cuidíonn sé sin le cistí a ghiniúint le haghaidh seirbhísí poiblí amhail tithíocht shóisialta, bonneagar poiblí, gníomhú ar son na haeráide.	**6**

Straitéis amháin: 6

Infheistíocht a dhéanamh sa teicneolaíocht agus i dtrealamh caipitil – d'fhéadfadh fostóirí infheistíocht a dhéanamh in innealra nua-aimseartha, i gcórais dhigiteacha, san intleacht shaorga (IS), i mbogearraí nó in uathoibriú. Nuair a bhíonn teicneolaíocht agus trealamh níos fearr ag oibrithe chun oibriú leo, is féidir leo níos mó aschuir in aghaidh na huaire a tháirgeadh. Is féidir leis an teicneolaíocht feabhas a chur ar cháilíocht na táirgeachta freisin.

Caipiteal daonna a mhéadú trí oiliúint agus uas-sciliú fostaithe – cuireann oiliúint feabhas ar scileanna agus eolas oibrithe. Is féidir le hoibrithe oilte tascanna a chur i gcrích ar bhealach níos éifeachtúla agus aschur ar luach níos airde a tháirgeadh. Chuideodh an straitéis sin go díreach freisin le haghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna i ngeilleagar na hÉireann.

Dálaí oibre a fheabhsú – is féidir le timpeallacht oibre shábháilte chompordach spreagadh fostaithe a mhéadú, neamhláithreacht a laghdú agus táirgiúlacht a fheabhsú. Mar shampla, is féidir le soilsiú, aeráil nó trealamh eirgeanamaíoch níos fearr cabhrú le hoibrithe aird agus éifeachtúlacht a fheabhsú.

Speisialtóireacht / roinnt an tsaothair a spreagadh – d'fhéadfadh fostóirí táirgeadh a eagrú ionas go ndéanfadh oibrithe speisialtóireacht i gcúraimí sonracha seachas go leor tascanna éagsúla a dhéanamh. Cuireann speisialtóireacht ar chumas oibrithe saineolas a fhorbairt, i.e. a bheith níos tapúla agus níos oilte ina ngníomhaíocht, rud a mhéadaíonn an méid aschuir a tháirgtear in aghaidh na huaire.

Dreasachtaí feidhmíochta a thabhairt isteach – féadfaidh fostóirí bónais, comhroinnt brabúis nó pá a bhaineann le feidhmíocht a thairiscint chun fostaithe a spreagadh chun iarracht agus táirgiúlacht a mhéadú. Is féidir le dreasachtaí airgeadais oibrithe a spreagadh chun oibriú níos crua agus díriú ar spriocanna feidhmíochta a bhaint amach.

Cleachtais bhainistíochta a fheabhsú – trí phleanáil, maoirseacht agus eagrú níos fearr a dhéanamh ar chúraimí, is féidir cur amú ama a laghdú agus éifeachtúlacht a fheabhsú. Is féidir le róil phoist níos soiléire, sceidealú níos fearr, agus cumarsáid fheabhsaithe cabhrú lena chinntiú go gcaitheann oibrithe níos mó ama ar thascanna táirgiúla.

	(iii)	Táthar ag súil go gcuirfidh an Intleacht Shaorga - IS (AI sa Bhéarla) €250 billiún le geilleagar na hÉireann faoi 2035. Arna chur in oiriúint ón Scoil Ghnó na Tríonóide An ndéanfaidh IS an bhearna tháirgiúlachta idir na hearnálacha le ceannas intíre agus iad siúd le ceannas coigríochach in Éirinn a chúngú nó a leathnú, dar leat? Cuir do rogha in iúl thíos le tic (✓) sa bhosca cuí agus cosain do fhreagra. Bearna a chúngú: **Feabhsuithe táirgiúlachta níos fearr in earnálacha intíre** – tá leibhéil táirgiúlachta saothair níos ísle ag earnálacha intíre amhail earnáil an mhiondíola, earnáil na tógála agus earnáil an fháilteachais faoi láthair. D'fhéadfadh feabhsuithe arna spreagadh ag IS i lóistíocht nó i mbainistiú stoic gnóthachain chomhréireacha mhóra a ghiniúint sna hearnálacha sin agus cabhrú leo breith suas leis an earnáil choigríochach. **Costas laghdaithe uirlisí IS / Inrochtaineacht níos mó ar uirlisí IS** – tá go leor uirlisí IS néalbhunaithe agus ar fáil ar bhonn síntiúis réasúnta saor. Leis sin, ligtear do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide intíre IS a ghlacadh gan infheistíocht chaipitiúil mhór a bheith ag teastáil uathu. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh oibrithe sna gnólachtaí sin in ann níos mó aschuir in aghaidh na huaire a tháirgeadh. **Tacaíocht rialtais do ghlacadh IS i ngnólachtaí intíre** – d'fhéadfadh tionscnaimh rialtais atá dírithe ar dhigitiú, oiliúint agus nuálaíocht tacú le gnólachtaí intíre IS a ghlacadh, e.g. áirítear i Straitéis Náisiúnta Dhigiteach agus IS nuashonraithe na hÉireann feachtas IS agus litearthachta digití do FBManna agus straitéis earnála maidir le glacadh IS. D'fhéadfadh tacaíochtaí den sórt sin dlús a chur le fás táirgiúlachta in earnálacha intíre na hÉireann agus cuidiú leis an mbearna táirgiúlachta a laghdú. **D'fhéadfadh IS a bheith níos saoire / ar fáil ar bhonn níos forleithne le himeacht ama** – is minic a éiríonn teicneolaíochtaí nua níos saoire de réir mar a fhorbraíonn siad agus de réir mar a ghlactar iad ar bhonn níos forleithne. Cé go bhféadfadh gnólachtaí ilnáisiúnta IS a ghlacadh ar dtús, d'fhéadfadh gnólachtaí intíre a bheith in ann íoc as na teicneolaíochtaí céanna agus iad a úsáid ag céim níos déanaí. D'fhéadfadh sé sin táirgiúlacht in earnálacha intíre a mhéadú agus cuidiú leis an mbearna táirgiúlachta a laghdú. Bearna a leathnú: **Tá níos mó acmhainní airgeadais ag cuideachtaí ilnáisiúnta** – is gnách go mbíonn rochtain níos fearr ag cuideachtaí ilnáisiúnta faoi úinéireacht eachtrach ar chaipiteal domhanda agus ar ardteicneolaíocht, rud a chuireann ar a gcumas infheistíocht mhór a dhéanamh i gcórais intleachta saorga agus táirgiúlacht a mhéadú níos tapúla ná go leor gnólachtaí intíre. **Cineál earnálacha eachtracha agus intíre na hÉireann** – baineann go leor earnálacha in Éirinn a bhfuil ceannas eachtrach acu, amhail TFC, cógaisíocht agus airgeadas, úsáid cheana féin as ardteicneolaíocht agus as méideanna móra sonraí digiteacha. Tá na hearnálacha sin oiriúnach don intleacht shaorga. D'fhéadfadh sé gur lú an tairbhe a bhainfeadh go leor earnálacha intíre amhail earnáil an mhiondíola, earnáil an fháilteachais agus earnáil na tógála as an intleacht shaorga atá ann faoi láthair, rud a d'fhéadfadh an bhearna táirgiúlachta a leathnú. **Barainneachtaí scála** – is féidir le cuideachtaí móra ilnáisiúnta na costais sheasta arda a bhaineann le forbairt IS a scaipeadh thar leibhéil aschuir níos mó. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé níos deacra ar ghnólachtaí beaga intíre údar a thabhairt leis na costais sin, rud a d'fhéadfadh moill a chur ar ghlacadh na hintleachta saorga. **Scileanna teicneolaíochta níos fearr san earnáil le ceannas coigríochach**– fostaíonn cuideachtaí ilnáisiúnta líon mór oibrithe ardoilte i réimsí amhail forbairt bogearraí agus róil eile a bhaineann leis an teicneolaíocht. Tá na scileanna sin ríthábhachtach chun IS a chur chun feidhme agus a úsáid go héifeachtach, rud a thugann buntáiste do ghnólachtaí eachtrannacha.	**6**

Ceist 16

		Freagraí Féideartha	Marc
(a)		Taispeántar sa léaráid thíos cothromaíocht an mhargaidh do sheomraí óstáin in aghaidh na hoíche in áiteanna saoire fionnuaire in Éirinn, nó '*Coolcations*', i rith shéasúr an tsamhraidh. Is éard atá i gceist le '*Coolcation*' ná saoire in aeráid fhionnuair, mar atá in Éirinn, seachas in áiteanna níos teo.	
	(i)	Úsáid an léaráid thuas agus **taispeáin** conas atá an tóir mhéadaithe ar *shaoire fhionnuar* in Éirinn i measc turasóirí ón iasacht ag imirt tionchar ar chothromaíocht an mhargaidh do sheomraí óstáin in aghaidh na hoíche sa ghearrthéarma. **Lipéadaigh go soiléir athruithe ar bith a dhéanfaidh tú ar an léaráid**.  	**4**
	(ii)	Ardaítear praghsanna seomraí óstáin i mBaile Átha Cliath go géar sa tréimhse roimh cheolchoirmeacha / imeachtaí móra. Mínigh **an fáth** ar féidir le hóstáin praghsanna ardaithe a ghearradh ar a seomraí le linn ceolchoirmeacha / imeachtaí mar sin. **Éileamh méadaithe ar sheomraí óstáin / Praghsáil dhinimiciúil / Praghsáil borrtha** – tugann ceolchoirmeacha nó imeachtaí móra na mílte cuairteoirí breise go Baile Átha Cliath. Teastaíonn cóiríocht ó na cuairteoirí sin, rud a mhéadaíonn an t-éileamh ar sheomraí óstáin ar dhátaí sonracha. Aithníonn óstáin an borradh géar ar an éileamh agus is minic a úsáideann siad praghsáil dhinimiciúil, rud a chiallaíonn go méadaíonn siad praghsanna seomra de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh chun brabús a uasmhéadú ón líon teoranta seomraí atá ar fáil. **Bacainní ar acmhainní / Soláthar seasta seomraí óstáin sa ghearrthréimhse** – ní féidir le hóstáin i mBaile Átha Cliath níos mó seomraí a chur ar fáil go tobann nuair a tharlaíonn mórcheolchoirm nó mórócáid. Mar thoradh air sin tá soláthar seasta ann sa ghearrthréimhse. Nuair a mhéadaíonn an t-éileamh ach tá an soláthar seasta / neamhleaisteach / ní féidir an soláthar a mhéadú, ardaíonn praghas margaidh seomraí óstáin. **Toilteanas níos mó do lucht freastail íoc as/ DCF neamhleaisteach i measc an lucht freastail** – d'fhéadfadh cuairteoirí atá ag taisteal go sonrach chun freastal ar cheolchoirm nó ar imeacht a bheith toilteanach praghsanna níos airde a íoc as cóiríocht toisc go bhfuil sé tábhachtach dóibh freastal ar an imeacht. Tá a n-éileamh réasúnta neamhleaisteach ó thaobh praghais de toisc go bhfuil siad sásta i bhfad níos mó a íoc as seomra óstáin seachas é a chailleadh nó fanacht níos faide amach. Nuair a bhíonn custaiméirí sásta níos mó a íoc, is féidir le hóstáin praghsanna seomra a mhéadú gan go leor áirithintí a chailleadh.	**7**

	(iii)	Tá plé déanta ag údaráis áitiúla i gContae Bhaile Átha Cliath ar an bhféidearthacht go dtabharfaí isteach cáin ar lóistín thar oíche do thurasóirí in óstáin, i mbrúnna agus in ionaid Airbnb. Tabhair breac-chuntas ar dhá bhealach a bhféadfadh na húdaráis áitiúla ioncam ó cháin ar thurasóirí a úsáid le saol na saoránach i mBaile Átha Cliath a fheabhsú. **Infheistíocht a dhéanamh i dtithíocht shóisialta** – tá ról lárnach éigeantach ag údaráis áitiúla maidir le tithíocht shóisialta a sholáthar. D'fhéadfaidís ioncam ó cháin turasóireachta a úsáid chun cuidiú le tionscadail tithíochta sóisialta. Chuirfeadh sé sin feabhas ar dhálaí maireachtála do shaoránaigh agus chuideodh sé le dul i ngleic le ganntanas leanúnach tithíochta i mBaile Átha Cliath. **Infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar iompair phoiblí** – d'fhéadfadh an t-ioncam cánach bonneagar iompair a uasghrádú, amhail lánaí bus, lánaí rothaíochta, trasnuithe do choisithe, agus córais bainistíochta tráchta. D'fhéadfadh na feabhsuithe sin brú tráchta a laghdú agus é a dhéanamh níos éasca do shaoránaigh taisteal timpeall Bhaile Átha Cliath. **Infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar poiblí** – d'fhéadfadh an t-ioncam cánach feabhas a chur ar bhonneagar poiblí i mBaile Átha Cliath amhail bóithre, páirceanna poiblí, leithris/áiseanna ceatha poiblí agus soilsiú sráide. D'fhéadfadh sé sin dul chun tairbhe do shaoránaigh trí Bhaile Átha Cliath a dhéanamh níos sábháilte, trí fheabhas a chur ar cháilíocht fhoriomlán na spásanna poiblí agus na n-áiseanna poiblí dóibh siúd atá ina gcónaí i mBaile Átha Cliath. **Infheistíocht a dhéanamh i nglanadh sráide/bainistiú bruscair** – d'fhéadfadh an t-ioncam cánach glanadh sráide níos fearr, bailiú bruscair, agus cothabháil spásanna poiblí i mBaile Átha Cliath a mhaoiniú. Cuireann turasóireacht mhéadaithe brú breise ar áiteanna poiblí, agus chabhródh maoiniú breise leis an gcathair a choinneáil glan agus an timpeallacht a fheabhsú do chónaitheoirí. **Infheistíocht a dhéanamh in áiseanna pobail** – d'fhéadfadh ioncam ó cháin turasóireachta áiseanna pobail amhail leabharlanna, áiseanna spóirt, áiseanna óige agus ionaid phobail a mhaoiniú. Chuirfeadh sé sin feabhas ar chaighdeán na beatha do shaoránaigh agus neartódh sé pobail áitiúla. **Infheistíocht a dhéanamh i bhfeabhsuithe comhshaoil** – d'fhéadfadh an t-ioncam cánach tionscnaimh chomhshaoil a mhaoiniú amhail plandáil crann nó spásanna glasa i mBaile Átha Cliath a fheabhsú. D'fhéadfadh na bearta sin caighdeán an aeir a fheabhsú agus timpeallacht mhaireachtála níos taitneamhaí a chruthú do shaoránaigh. **Infheistíocht a dhéanamh i mbainistiú agus i mbonneagar turasóireachta** – d'fhéadfadh ioncam cánach an turasóireacht a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí trí chomharthaíocht, seirbhísí faisnéise do thurasóirí agus áiseanna cuairteoirí a fheabhsú. D'fhéadfadh bainistiú níos fearr ar thurasóireacht i mBaile Átha Cliath plódú a laghdú i gceantair áirithe agus feabhas a chur ar thaithí na gcónaitheoirí atá ina gcónaí i gceantair níos gnóthaí sa chathair. **Infheistíocht a dhéanamh i gcaomhnú an chultúir/na hoidhreachta** – d'fhéadfadh an t-ioncam cánach cuidiú le foirgnimh stairiúla, músaeim, séadchomharthaí agus láithreáin chultúrtha a chothabháil ar bhealach níos fearr. Trí oidhreacht chultúrtha Bhaile Átha Cliath a chaomhnú, cuirtear feabhas ar thimpeallacht Bhaile Átha Cliath do chónaitheoirí agus cuidítear lena fhéiniúlacht agus lena bhród áitiúil a choinneáil. **Infheistíocht a dhéanamh chun feabhas a chur ar shábháilteacht/slándáil laistigh den chathair** – déanann roinnt saoránach gearán go mbíonn siad i ngreim ag an eagla. D'fhéadfadh an t-ioncam soilsiú sráide a mhéadú; cur le pearsanra slándála; feabhas a chur ar bhearta a chuireann ar chumas daoine mothú níos sábháilte laistigh dá bpobail.	**2 @ 7**

(b)

Ar an gcairt thíos taispeántar na príomhthíortha dúchais ag an **654,500** cuairteoir ón iasacht a tháinig go hÉirinn i mí an Mheithimh 2025.



(i) Úsáid sonraí ón gcairt thuas agus ríomh an céatadán d'iomlán na gcuairteoirí ón iasacht go hÉirinn i mí an Mheithimh 2025 a tháinig ón **bhFrainc**. **5**

Taispeáin do chuid oibre ar fad.

Obair:

$$\frac{32{,}500}{654{,}500} \times \frac{100}{1}$$

Freagra: 4.96 %

(ii) Sna míonna roimh mhí an Mheithimh 2025, thit luach an dollair i gcoinne an euro. **Ciallaíonn sé sin gur cheannaigh dollar amháin níos lú euro.**

Tabhair breac-chuntas ar bhealach amháin a bhféadfadh an fhorbairt sin a bheith tar éis tionchar a imirt ar líon na gcuairteoirí ó SAM go hÉirinn i mí an Mheithimh. **7**

Costas níos airde ar thaisteal go hÉirinn do thurasóirí na Stát Aontaithe / líon laghdaithe cuairteoirí – bhí níos mó dollar ag teastáil ó thurasóirí na Stát Aontaithe chun an méid céanna euro a cheannach. Bhí costais in Éirinn, amhail óstáin, bia, iompar agus nithe is díol spéise, níos costasaí dá bharr. Mar thoradh air sin, b'fhéidir gur chinn roinnt turasóirí féideartha ó na Stáit Aontaithe gan taisteal go hÉirinn, rud a d'fhéadfadh líon na gcuairteoirí a laghdú.

Ionadú i dtreo cinn scríbe níos saoire – d'éirigh taisteal chuig tíortha limistéar an euro amhail Éire níos costasaí do thurasóirí Meiriceánacha. D'fhéadfadh roinnt turasóirí ó na Stáit Aontaithe cinn scríbe malartacha a roghnú ina rachadh a n-airgeadra níos faide, mar shampla tíortha le hairgeadraí níos laige nó cinn scríbe laistigh de na Stáit Aontaithe. Laghdaigh sé sin iomaíochas praghsanna na hÉireann mar cheann scríbe turasóireachta.

Caiteachas lánroghnach laghdaithe – is caiteachas lánroghnach iad laethanta saoire thar lear. Nuair a d'éirigh taisteal idirnáisiúnta níos costasaí mar gheall ar an dollar níos laige, b'fhéidir gur shocraigh roinnt teaghlach sna Stáit Aontaithe gan taisteal thar lear ar chor ar bith, rud a d'fhéadfadh líon na Meiriceánach a thug cuairt ar Éirinn a laghdú.

	(iii)	D'úsáid timpeall 40 milliún duine aerfoirt in Éirinn in 2024 agus chuaigh 84% den iomlán trí Aerfort Bhaile Átha Cliath. Arna chur in oiriúint ón the Sunday Independent, Lúnasa 2025 Tabhair breac-chuntas ar dhá bhealach a bhféadfadh rialtas na hÉireann úsáid a bhaint as an úinéireacht acu ar aerfoirt Bhaile Átha Cliath, na Sionainne agus Chorcaí chun forbairt réigiúnach chothrom a spreagadh. **Bonneagar na n-aerfort réigiúnach a uasghrádú** – d'fhéadfadh an rialtas infheistíocht a dhéanamh chun feabhas a chur ar bhonneagar ag aerfoirt na Sionainne agus Chorcaí, amhail críochfoirt, rúidbhealaí agus áiseanna do phaisinéirí a uasghrádú. D'fhágfadh sé sin go mbeadh na haerfoirt sin níos tarraingtí d'aerlínte agus do phaisinéirí. Dá dtiocfadh níos mó eitiltí go díreach isteach in aerfoirt réigiúnacha, bheadh níos mó turasóirí agus taistealaithe gnó ag taisteal chuig réigiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, rud a thacaíonn le gníomhaíocht gheilleagrach agus cruthú post sna ceantair sin. **Naisc iompair ó aerfoirt réigiúnacha go cathracha in aice láimhe a fheabhsú** – d'fhéadfadh an rialtas infheistíocht a dhéanamh i naisc bhóthair nó iarnróid níos fearr a nascann aerfoirt réigiúnacha leis na bailte agus na cathracha máguaird. Dá mbeadh rochtain níos fearr ann, bheadh aerfoirt na Sionainne nó Chorcaí níos tarraingtí d'aerlínte agus do phaisinéirí agus spreagfaí níos mó taistealaithe chun dul isteach in Éirinn trí aerfoirt réigiúnacha seachas trí Bhaile Átha Cliath. **Gníomhaíocht eitlíochta agus gníomhaíocht ghnó a fhorbairt ag aerfoirt réigiúnacha** – d'fhéadfadh an rialtas cothabháil aerárthaí, áiseanna oiliúna, agus cuideachtaí lóistíochta a spreagadh chun lonnú in aerfoirt na Sionainne nó Chorcaí. D'fhéadfadh forbairt páirceanna gnó nó criosanna fiontraíochta timpeall na n-aerfort infheistíocht a mhealladh agus poist oilte a chruthú i réigiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. **Beartas praghsála / Bealaí ó aerfoirt réigiúnacha a spreagadh** – d'fhéadfadh an rialtas dreasachtaí a thairiscint amhail muirir laghdaithe ar thuirlingt nó táillí paisinéirí níos ísle ag aerfoirt na Sionainne agus Chorcaí. D'fhéadfadh costais oibriúcháin níos ísle aerlínte a spreagadh chun bealaí idirnáisiúnta níos dírí a oibriú ó na haerfoirt sin seachas eitiltí a chuimsiú i mBaile Átha Cliath. D'fhéadfadh sé sin trácht paisinéirí agus gníomhaíocht eacnamaíoch a mhéadú i réigiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. **Tacú le gníomhaíocht lastais agus lóistíochta ag aerfoirt réigiúnacha** – d'fhéadfaí aerfoirt réigiúnacha amhail an tSionainn a fhorbairt mar mhoil le haghaidh aerlasta nó lóistíochta. D'fhéadfadh uasghrádú áiseanna lastais infheistíocht a mhealladh, poist a chruthú, agus é a dhéanamh níos éasca do ghnólachtaí réigiúnacha a gcuid earraí a easpórtáil chuig margaí idirnáisiúnta. Mar shampla, d'fhéadfadh áiseanna lasta feabhsaithe ag Aerfort Chorcaí cabhrú le tionscail easpórtála sa réigiún, amhail cógaisíocht, chun táirgí a iompair ar bhealach níos éifeachtúla.	**2 @ 7**

(c)

I dteorainn féidearthachta na táirgiúlachta (PPF, sa Bhéarla) thíos, léirítear na teaglamaí féideartha de **dhuilleog tobac** agus **arbhar** a d'fhéadfadh an Mhaláiv a tháirgeadh dá gcaithfidís a n-acmhainní ar fad ar an dá bharr sin.



(i)

Mínigh an rud a léiríonn an pointe gorm (lipéadaithe A) ar an léaráid thuas faoin úsáid reatha a bhaineann an Mhaláiv as a cuid acmhainní.

6

Tá Pointe A taobh istigh de theorainn féidearthachta na táirgiúlachta (PPF_1). Léiríonn sé sin nach bhfuil an Mhaláiv ag úsáid a cuid acmhainní go héifeachtúil.

Ciallaíonn táirgeadh a tharlaíonn ag pointe A go bhfuil roinnt acmhainní amhail saothar, talamh nó caipiteal neamhúsáidte nó tearcúsáidte.

Trí bhogadh i dtreo an TFT / pointe B, d'fhéadfadh an Mhaláiv táirgeadh duilleog tobac agus / nó arbhar a mhéadú gan gá le táirgeadh an chinn eile a laghdú. Tá aschur an dá thráchtearra á thearctháirgeadh ag an Maláiv bunaithe ar na hacmhainní reatha.

Is féidir le drochmhaidhmeanna tuile sa Mhaláiv tionchar a imirt ar na barra duilleog tobac agus arbhar.

(ii) Taispeáin ar an léaráid thuas conas a d'fhéadfadh an fhorbairt sin sa Mhaláiv dul i bhfeidhm ar an TFT. **Lipéadaigh go soiléir athruithe ar bith a dhéanfaidh tú**. Mínigh do fhreagra

6



Mínigh:

Is féidir le maidhmeanna tuile damáiste a dhéanamh do thalamh feirme, barra a scriosadh, agus táirgiúlacht na n-acmhainní a úsáidtear sa talmhaíocht a laghdú.

De réir mar a éiríonn roinnt acmhainní níos lú táirgiúla nó nach féidir iad a úsáid, laghdaíonn an t-aschur is mó is féidir de dhuilleog tobac agus d'arbhar.

Mar thoradh air sin, athraíonn teorainn féidearthachta na táirgiúlachta de chuid na Maláive isteach ó TFT_1 go TFT_2. Léiríonn sé sin laghdú ar chumas táirgthe na tíre.

I mí Eanáir 2025, laghdaigh na Stáit Aontaithe (SAM) a gcuid clár cúnaimh don iasacht. Meastar go dtiocfaidh **meath** timpeall 59% in 2025 ar an gcúnamh ó na Stáit Aontaithe don Mhaláiv (Tír Bheagfhorbartha) i gcomparáid le 2024.

Arna chur in oiriúint ón International Food Policy Research Institute (IFPRI)

	(iii)	Tabhair breac-chuntas ar dhúshlán eacnamaíochta **amháin agus** ar dhúshlán sóisialta **amháin** a d'fhéadfadh a bheith roimh an Maláiv mar thoradh ar an meath seo i gcúnamh don iasacht ó na Stáit Aontaithe. Dúshlán eacnamaíochta: **Caiteachas laghdaithe ar fhorbairt ag an rialtas** – d'fhéadfadh sé go bhfágfadh laghdú ar chúnamh don iasacht ó na Stáit Aontaithe go mbeadh níos lú cistí ar fáil do rialtas na Maláive le haghaidh tionscadail forbartha amhail cláir bhonneagair nó talmhaíochta / níos lú deiseanna fostaíochta. D'fhéadfadh sé seo moill a chur ar fhorbairt gheilleagrach sa Mhaláiv. **Brú méadaithe ar airgeadas an rialtais** – d'fhéadfadh go mbeadh níos lú cistí ar fáil ina bhuiséad ag rialtas na Maláive mar thoradh ar laghdú suntasach ar chúnamh don iasacht ó na Stáit Aontaithe. Mar thoradh air sin, seans go mbeadh ar an rialtas iasachtaíocht a mhéadú nó caiteachas a laghdú. Le hiasachtaíocht mhéadaithe, féadfar fiachas náisiúnta na Maláive a mhéadú agus tuilleadh brú a chur ar a hairgeadas poiblí. **Infheistíocht laghdaithe** – is féidir le cúnamh don iasacht cabhrú le hinfheistíocht a mhaoiniú i mbonneagar, talmhaíocht agus tionscal sa Mhaláiv. D'fhéadfadh laghdú ar chúnamh ó na Stáit Aontaithe infheistíocht chaipitil iomlán sa gheilleagar a laghdú agus fás geilleagrach amach anseo a theorannú. **Tacaíocht laghdaithe don talmhaíocht** – is minic a chistíonn cúnamh don iasacht fóirdheontais leasacháin, scéimeanna uiscithe, nó cláir tacaíochta feirmeoireachta i dtíortha i mbéal forbartha amhail an Mhaláiv. D'fhéadfadh laghdú ar chúnamh don iasacht ó na Stáit Aontaithe tacaíocht d'fheirmeoirí a laghdú, lena bhféadfaí aschur talmhaíochta agus ioncaim sa Mhaláiv a laghdú. **Insreafaí laghdaithe airgeadra eachtraigh** – soláthraíonn cúnamh don iasacht airgeadra eachtrach do thíortha tearcfhorbartha amhail an Mhaláiv. D'fhéadfadh an laghdú mór ar chúnamh ó na Stáit Aontaithe soláthar an airgeadra eachtraigh atá ar fáil sa tír a laghdú. D'fhéadfadh sé sin é a dhéanamh níos deacra don tír íoc as iompórtálacha amhail breosla, leasacháin, innealra nó cógais, rud a chuireann isteach ar leibhéil táirgthe agus trádála. Dúshláin shóisialta: **Bochtaineacht mhéadaithe** – d'fhéadfadh laghdú ar chaiteachas an rialtais agus níos lú clár a mhaoinítear le cúnamh sa Mhaláiv a bheith mar thoradh ar níos lú cúnamh don iasacht ó na Stáit Aontaithe. D'fhéadfadh sé sin deiseanna fostaíochta agus ioncaim a laghdú agus é a dhéanamh níos deacra do theaghlaigh íoc as rudaí bunúsacha amhail bia, tithíocht agus cúram sláinte. **Maoiniú laghdaithe do chúram sláinte** – d'fhéadfadh laghdú ar chúnamh don iasacht ó na Stáit Aontaithe laghdú a dhéanamh ar mhaoiniú do chláir cúraim sláinte sa Mhaláiv. Leis sin, féadfar an rochtain ar chóireáil leighis agus ar chláir chun galair a chosc a laghdú amhail iad siúd atá dírithe ar VEID/SEIF nó ar mhaláire. **Maoiniú laghdaithe don oideachas** – d'fhéadfadh cúnamh don iasacht ó na Stáit Aontaithe cuidiú le tacaíocht a thabhairt do scoileanna, d'oiliúint múinteoirí, nó do chláir oideachais sa Mhaláiv. D'fhéadfadh laghdú ar chúnamh cáilíocht nó infhaighteacht an oideachais a laghdú. **Rochtain laghdaithe ar uisce glan agus ar shláintíocht** – is minic a thacaíonn cúnamh don iasacht le cláir lena gcuirtear feabhas ar rochtain ar uisce glan agus ar shláintíocht i dtíortha i mbéal forbartha amhail an Mhaláiv. D'fhéadfadh laghdú ar chúnamh don iasacht ó na Stáit Aontaithe teorainn a chur le maoiniú do na cláir sin agus dálaí maireachtála a dhéanamh níos measa. **Neamhshlándáil bia mhéadaithe** – d'fhéadfadh cúnamh don iasacht tacú le cláir ag cuidiú le cúrsaí bia nó le tacaíochtaí talmhaíochta sa Mhaláiv. D'fhéadfadh laghdú ar chúnamh ó na Stáit Aontaithe an baol go mbeidh ganntanas bia/neamhshlándáil bia ann do theaghlaigh leochaileacha a mhéadú.	**6** **6**

Ardleibhéal Eacnamaíocht Tionscadal Taighde Scoláire

Sula tosaítear marcáil léigh an Staidéar Fiosrúcháin Aonarach iomlán chun eolas a chur ar an ábhar atá le marcáil.

Tabhair faoi deara: Bí cúramach gan phionós a thabhairt do ghontacht ealaíonta, nó chun duais a thabhairt d'fhad míchuibhiúil.
Ba chóir go bhfuil na tuairisceoirí seo léirmhínithe i gcomhthéacs dúshláin agus éilimh an fhiosrúcháin a roghnaigh an t-iarrthóir.

Roinn	Sármhaith	An-mhaith	Maith	Réasúnta	Lag
Réamhrá LOI (Gné Fiosrúcháin)	Tá LOI ráite go soiléir, mar cheist/fadhb/deacracht le dul i ngleic le agus tá sé ábhartha leis an téama. Tá na haidhmeanna leagtha amach go h-an soiléir (SLACHTMHAR) agus de réir an ghné fhiosrúcháin a roghnaítear agus Torthaí Foghlama na Sonraíochta.	Leibhéal an-mhaith d'fhreagra. Tá an LOI ciallmhar. Tá na haidhmeanna soiléir go leor agus i gcomthéacs. Iarracht an-mhaith ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama.	Maith ach easpa struchtúr. Iarracht mhaith ar nascadh an LOI leis an téama ach níl doimhneacht nó struchtúr ann. Tá na haidhmeanna doiléir agus tá cuid acu nach bhfuil i gcomhthéacs. Iarracht mhaith ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama.	Leibhéal an-bhunúsach d'fhreagra. Nascadh an-íseal don LOI leis an téama nó na Torthaí Foghlama. Má chuirtear aidhmeanna ar fáil, cuirtear aidhmeanna an-íseal ar fáil.	Níl an ghné fhiosrúcháin ábhartha leis an téama nó an t-ábhar. Níl nasc ann leis na Torthaí Foghlama.
10 marc	**9-10**	**7-8**	**5-6**	**3-4**	**0-2**
Fianaise ar shonraí: **5 mharc**	**5**	**Bain 1 mharc muna bhfuil sonraí cainníochtúil ann.**	**Bain 1 mharc muna bhfuil 2 foinse san áireamh.**		

An Próiseas Taighde 40 marc					
	Sármhaith 9-10	**An-mhaith 7-8**	**Maith 5-6**	**Réasúnta 3-4**	**Lag 0-2**
Úsáid & Anailís	Úsáid sonrach do phríomh choincheapa agus teoiric leis an LOI. Anailís criticiúil domhain do LOI atá ábhartha leis na coincheapa agus teoiric atá in úsáid.Anailís criticiúil agus géarchúiseach do na foinsí eolais agus sonraíochta atá in úsáid.	Úsáid ábhartha an-mhaith do phríomh choincheapa agus teoiric leis an LOI. Anailís criticiúil an-mhaith do na foinsí eolais agus sonraíochta atá in úsáid.	Úsáid ábhartha maith do phríomh choincheapa agus teoiric leis an LOI. Anailís maith do na foinsí eolais agus sonraíochta atá in úsáid.	Úsáid bunúsach d'choincheapa agus teoiric eacnamaíochta leis an ghné fhiosrúcháin. Anailís bunúsach don eolas agus sonraí atá in úsáid.	Úsáid ar bith d'choincheapa agus teoiric eacnamaíochta leis an ghné fhiosrúcháin. Is féidir go mbeidh coincheapa agus teoiric neamhábhartha leis an ghné fhiosrúcháin. Tá anailís na bhfoinsí eolais agus sonraíochta má úsáidtear iad an-íseal agus neamhábhartha.
Léirmhínigh & Luacháil	Aistriú agus luacháil iontach agus eolach ar shonraí, coincheapa agus teoiric eacnamaíochta bainteach leis an LOI.	Léirmhínítear agus déantar anailís ar coincheapa eacnamaíochta, teoiric, agus sonraí ar chaighdeán an-ard.	Léirmhíniú agus luacháil maith do choincheapa eacnamaíochta, teoiric, agus sonraí.	Tá an taighde atá déanta ar an ghné fhiosrúcháin olc agus mar sin de tá caighdeán aistrithe agus luachála an-íseal.Is féidir go mbeidh cuid don anailís mícheart.	Roghnú an-íseal d'fhoinsí taighde. Bunúsach mura bhfuil léirmhíniú nó luacháil. Taighde neamhábhartha leis an ghné fhiosrúcháin.
Argóintí & Breithiúnais	Déantar luacháil agus ceistiú ar argóintí agus breithiúnais eolacha iontacha ar dóigh oibiachtúil agus déantar iad a nascadh go soiléir le coincheapa agus teoiric eacnamaíochta agus a thacú le sonraí/learaídí/cuair cuí.	Déantar anailís eolach an-mhaith ar argóintí agus breithiúnais. Cuirtear argóintí agus breithiúnais cuí an-mhaith d'chineál éigean chun tosaigh le cuid acu tacaithe ag coincheapa eacnamaíochta, teoiric, sonraí/léaráidí/cuair.	Cuirtear argóintí agus breithiúnais cuí maithe d'chineál éigean chun tosaigh le cuid acu tacaithe ag coincheapa eacnamaíochta, teoiric, sonraí/léaráidí/cuair.	Argóintí an-teoranta agus/nó cuirtear breithiúnais chun tosaigh le cuid acu ábhartha go neamh-shoiléir.	Ní chuirtear aon argóint nó breithiúnais ar fáil.
Sonraí (Úsáid & Anailís)	Tá na sonraí atá in úsáid cuí, cruinn, anailísithe go criticiúil, léirmhínithe agus a luacháil go domhain i gcaighdeán an-ard.	Déantar anailís, léirmhíniú agus luacháil ar shonraí ag caighdeán an-ard.	Déantar beagáinín anailís, léirmhíniú agus luacháil ar shonraí ag leibhéal maith. Easpa doimhneacht.	Caighdeán íseal do thaighde ar shonraí, déantar cuid acu a anailísiú go cruinn ach cuid acu feidhmithe go míchruinn agus neamhábhartha.	Tá na sonraí má tugtar iad neamhábhartha agus seanaimseartha.

	Sármhaith	An-mhaith	Maith	Réasúnta	Lag
Conclúid	Breithiúnais/conclúidí an-eolach, cuí & cruthaithe atá bunaithe go soiléir & follasach ar an anailís & luacháil don fhianaise a bhaineann le coincheapa & teoiric. Baintear aidhmeanna beartaithe amach & déantar moltaí cruthaithe ábhartha. Gné fiosrúcháin ábhartha nua molta a tháinig ó anailís an taighde.	Conclúid eolacha bunaithe go soiléir ar anailís agus luacháil na fianaise le nasc soiléir chuig coincheapa & teoiric. Cuirtear aidhmeanna beartaithe in iúl & baintear an méid is mó dóibh amach. Moltaí ábhartha déanta. Moltar ceist ábhartha/gné fiosrúcháin cineál nua.	Déantar conclúidí d'chineál éigean bunaithe ar an anailís agus luacháil le roinnt fianaise go bhfuil siad beagáinín nasctha le coincheapa & teoiric. Baintear an méid is mó d'aidhmeanna beartaithe amach agus déantar roinnt moltaí a thabhairt.	Déantar roinnt moltaí a thabhairt ach níl mórán fianaise chun tacaíocht a thabhairt dóibh. Is féidir go bhfuil iad seo bunaithe ar ábhar neamhábhartha. Cuirtear roinnt do na haidhmeanna beartaithe in iúl go pointe. Athchúrsáil agus athrá eolais atá in úsáid cheana infheicthe.	Beagáinín conclúid nó conclúid ar bith déanta agan mórán fianaise le tacaíocht a thabhairt dóibh agus ábhar neamhábhartha in úsáid. Ní bhaintear aidhmeanna beartaithe amach. Cuid mhór athdhéanamh agus athrá.
20 marc	**18-20**	**14-17**	**10-13**	**6-9**	**0-5**
Machnamh	Léargas pearsanta soiléir agus domhain faighte trí machnamh tuisceanach agus domhain ar an rannpháirtíocht leis an staidéar. Inniúlacht cuimsitheach soiléir chun machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar.	Léargas pearsanta soiléir faighte trí machnamh ar an rannpháirtíocht leis an staidéar. Inniúlacht soiléir chun machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar.	Faightear roinnt léargais pearsanta fríd roinnt machnamh teoranta ar an ábhar. Machnamh éigin déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar.	Faightear léargais pearsanta teoranta fríd machnamh teoranta ar an ábhar. Machnamh teoranta déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar.	Níl machnamh pearsanta ar bith ann -- machnamh easnamhach. Athrá fíricí foghlamtha. Léargas pearsanta ar bith déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar.
10 marc	**9-10**	**7-8**	**5-6**	**3-4**	**0-2**

	Sármhaith	An-mhaith	Maith	Réasúnta	Lag
Cumarsáid Léiriú & Comhleanúnachas Iomlán	SRP an-chiallmhar & loighciúil agus de réir an ghné fhiosrúcháin ghairid agus aonarach atá roghnaithe. Tá an struchtúr iontach. Tá an chumarsáid choincheapa, teoiric agus sonraí atá in úsáid cuimsitheach agus ábhartha. Cuirtear na argóintí agus breithiúnais in iúl le heolas sonrach, smaointeoireacht chriticiúil agus fócas géar. Úrnuacht agus nuálaíocht iontach soiléir ar fud.	Tá SRP an-chiallmhar & loighciúil de réir an ghné fhiosrúcháin ghairid agus aonarach atá roghnaithe. Struchtúr an-mhaith. Tá an teanga, na coincheapa agus sonraí atá in úsáid imeasctha go maith. Cuirtear na argóintí agus breithiúnais in iúl le heolas maith, agus fianaise ar smaointeoireacht chriticiúil. Tá fianaise ann d'úrnuacht agus nuálaíocht.	Tá SRP beagáinín ciallmhar & loighciúil agus de réir an ghné fhiosrúcháin ghairid agus aonarach atá roghnaithe. Struchtúr réasúnta. Taispeánann cumarsáid argóintí agus breithiúnais leibhéal maith eolais. Gan mórán fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht.	Iarracht bhocht ag SRP loighciúil agus ciallmhar a thabhairt. Struchtúr íseal. Tá an chumarsáid neamheagraithe agus tá easpa aontachta ann. Cuid fianaise nó gan fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht.	Níl struchtúr & comhleanúnachas ar bith leis an tuairisc seo. Tá easpa fócas agus soiléireacht sa tuairisc. Tá eolas míchruinn/bradáil sa tuairisc.
15 marc	**14-15**	**11-13**	**8-10**	**5-7**	**0-4**